


tuarascáil bhliantúil 12/13

institiúid teicneolaíochta chorcaí

www.cit.ie




Clár Cisti Struchtúrtha na hÉireann
2007 - 2013

Comhainithe ag Rialtas na hÉireann
agus ag an Aontas Eorpach



CISTI STRUCHTÚRTHA AN
AONTAIS EORPAIGH





Campas Bhaile an Easpaig CIT




Ceolscoil Chorcaí CIT



Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT



Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann



Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

tuarascáil bhliantúil 12/13

www.cit.ie

Is fada agus is oirirc í stair Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí (CIT). Ba ann don Royal Cork Institution, ar féidir féachaint uirthi mar réamhtheachtaí ag Coláiste na hOllscoile, Corcaí agus ag Coláiste Teicniúil Réigiúnach Chorcaí araon, chomh luath leis an mbliain 1802 agus bronnadh a Cairt Ríoga uirthi sa bhliain 1807. Thuill sí cáil ar leith i ngeall ar a hoideachas i gcúrsaí ceimice. Rinneadh í a chónascadh leis an Royal Society for the Promotion of Fine Art sa bhliain 1825 agus fuair an Royal Cork Institution nua faisingthe seilbh ar Theach an Chustaim in 1832.

Cuireadh an School of Design ar bun i gCorcaigh in 1850 agus forbraíodh í mar an Crawford Municipal School of Art, a tháinig ar an saol go foirmiúil ag Plás Emmet in 1885. Bhog an Scoil go dtí an Crawford Municipal Technical Institution i Sráid Sharman Crawford in 1980 agus athainmníodh í mar Coláiste Ealaíne agus Deartha Crawford in 1986.

Bunaíodh an Technical Institute Committee de chuid Bhardas Chorcaí in 1901 agus d'fhorbair sé sin an t-oideachas teicniúil i gCorcaigh tuilleadh. Sa bhliain 1909 socraíodh Coláiste Teicniúil a bhunú agus osclaíodh é in 1912 agus The Crawford Municipal Technical Institute mar ainm air. Ainmníodh an institiúid as an Uasal A F Sharman Crawford a thug an suíomh i Sráid Fitton mar a thugtaí uirthi an uair úd. Cé go dtéann a bunús siar go dtí an Royal Cork Institution, ba é an gar-réamhtheachtaí a bhí aici ná an School of Science a bunaíodh in 1854, agus a tháinig faoi cheannas an Choiste um Theagasc Teicniúil de chuid an Bhardais in 1901.

Bhí teagasc le fáil ón Crawford Municipal Technical Institute nua i raon leathan ábhar teicniúil. Ar feadh tréimhse sna 1920aidí, bhí sí rannpháirteach i gcéim san innealtóireacht i gcomhar le Coláiste na hOllscoile, Corcaigh. Tháinig méadú ar raon a cuid cúrsaí i gcaitheamh na mblianta. Cuireadh diplóma de chuid Ollscoil Náisiúnta na hÉireann ar bun i dTeicneolaíocht Cheimiceáin, i gcomhar agus le bainteach Choláiste na hOllscoile, Corcaigh sa bhliain 1941. Bunaíodh cúrsa in Innealtóireacht Mhara in 1944. Sa bhliain 1955, tugadh isteach an chéad Teastas dhá bhliain in Eolaíocht Thionsclaíochta. Sna 1960aidí tháinig cúrsaí éagsúla in Innealtóireacht Shibhialta, sa Leictreonaic agus in Innealtóireacht Mheicniúil ar an saol.

Sa bhliain 1963, aistríodh na cúrsaí foirgníochta ón Institiúid a bhí plódaithe go dtí an Scoil Fhoirgníochta nua ag Sráid an Mhuilinn Sábhadóireachta. Ina dhiaidh sin aistríodh Rannóg Ceirdeanna Leictreacha an Choláiste go dtí Sráid Phóil, Corcaigh. Bhí ranganna eile innealtóireachta ar siúl sa Deanery, Sráid an Déin.

Tháinig an Coláiste Teicniúil Réigiúnach nua ar an bhfód i mí Dheireadh Fómhair 1974. Rinne sé an Crawford Municipal Institute, an síneadh ar an Scoil Fhoirgníochta agus Innealtóireachta Leictreolaíochta a bhí lonnaithe roimhe sin i Sráid Phóil a chuimsiú. Aistríodh roinnt cúrsaí gnó agus foirne go dtí an Coláiste nua ó Scoil Ghnó CGO Chathair Chorcaí ag Oileán Morrison. D'oscail Taoiseach na huaire, Seán Ó Loinsigh TD, an foirgneamh go hoifigiúil i mí Eanáir, 1977.

Mar thoradh ar athbhreithniú náisiúnta ar dhaonchumhacht, iarradh ar Institiúidí Ard-Oideachais tograí a chur faoi bhráid na Roinne Oideachais in 1978 le haghaidh cúrsaí nua céime a chuirfeadh le scileanna daonchumhachta céimithe an fhórsa oibre in Éirinn. Mhol Coláiste Teicniúil Réigiúnach Chorcaí faoi stiúr a Phríomhaí James P Roche ceithre chúrsa céime, Innealtóireacht Cheimiceach (Teicneolaíocht), Innealtóireacht Leictreach agus Leictreonaice, Innealtóireacht Mheicniúil, agus Ríomhaireacht. Bhí dianghníomhaíocht ar siúl sa choláiste chun ábhar cúrsa a ullmhú do na cúrsaí agus chun creidiúnú a lorg ó Chomhairle Náisiúnta na gCáilíochtaí Oideachais. D'éirigh leis an tionscnamh agus bronnadh a gcuid pár ar chéad chéimithe na gcúrsaí sin in 1983. Thuill na cúrsaí an-mheas ó na páirtithe leasmhara sa tsochaí agus sa tionsclaíocht. Ina dhiaidh sin thug Institiúid Innealtóirí Éireann creidiúnú do na cúrsaí le haghaidh bhallraíocht ghairmiúil na hInstitiúide agus thug ballraíocht san Institiúid do chéimithe na gcúrsaí sin in Innealtóireacht Cheimiceach (Teicneolaíocht), Innealtóireacht Leictreach agus Leictreonaice, agus Innealtóireacht Mheicniúil. Thug Institiúid na hInnealtóirí Ceimiceacha creidiúnú ar leith don chéim in Innealtóireacht Cheimiceach (Teicneolaíocht) le haghaidh bhallraíocht chorparáideach na hInstitiúide.

Tionóladh na 25ú Comórtais Idirnáisiúnta do Phrintísigh i gColáiste Teicniúil Réigiúnach Chorcaí ó 2 – 17 Meán Fómhair 1979. Tionóladh na Comórtais féin i dtríocha is ceithre scil ceirde i gcampas Bhaile an Easpaig go príomha agus bhí cúig thír déag ón Eoraip, ón Áise agus ó Mheiriceá san iomaíocht. Sheas an dian-ullmhúchán do na comórtais níos mó ná bliain agus ba ghá láithreáin theicniúla ar ardshonraíocht a ullmhú. Bhí breis is sé chéad iomaitheoir agus feidhmeannach ar an láthair agus ba mhór an cúram é cóiríocht a aimsiú do na cuairteoirí sin in óstáin na cathrach agus an chontae. Rinneadh ócáidí sóisialta a réiteach go cúramach do na haíonna agus bhí cuid mhaith imeachtaí cultúrtha agus cuairteanna ar áiteanna áille sa réigiún i gceist. Léiríodh ardleibhéal sástachta le cur i láthair na n-imeachtaí cultúrtha Gaelacha. D'oscail an tAire Oideachais, John Wilson TD, na comórtais agus bhronn an tAire Saothair, Gene Fitzgerald TD, na duaiseanna ag an searmanas dúnta. Thug Uachtarán na hÉireann, an Dr Pádraig Ó hIarghaile, cuairt ar na comórtais. Mheas idir chuireoirí agus an Roinn Oideachais gur éirigh thar barr go hidirnáisiúnta leis na himeachtaí agus bhí Éire sa tríú háit i dtábla na mbonn. Chuir an imeacht go mór le cáil idirnáisiúnta na hÉireann mar ionad don leibhéal is airde d'ullmhúchán agus éachtaí teicniúla.

Rinneadh aonán féinrialaithe den Choláiste ar 1 Eanáir 1993, tar éis dó bheith ina institiúid oideachais roimhe sin faoi smacht Choiste Gairmoideachais Chathair Chorcaí. Rinne Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha, 1992, soláthar freisin

do dhá fhoras oideachais eile a bhí á rialú ag an CGO agus a bhí le bunú mar scoileanna de chuid an Choláiste Theicniúil Réigiúnaigh, mar atá, Ceolscoil Chorcaí agus Coláiste Ealaíne agus Deartha Crawford.

Le linn na tréimhse 1993 go dtí 2003 tháinig méadú mór ar líon na gcúrsaí agus ar líon na mac léinn ag gach leibhéal san Institiúid. Ba é ba chúis leis sin ná méadú ar an éileamh ar chéimithe oilte chun fostaíocht a ghlacadh i ngeilleagar ardteicneolaíochta a bhí á fhorbairt go tréan. Rinneadh athchóiriú mór ar cheardlanna agus ar shaotharlanna i gcaitheamh na tréimhse sin, a raibh mar thoradh air caighdeán oideachais a bhí feabhsaithe go mór do mhic léinn na Institiúide.

Ar 18 Nollaig 1997 rinne Micheál Martin TD, Aire Oideachais agus Eolaíochta, an Coláiste a athainmniú mar “Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí”.

In 1998 rinne grúpa athbhreithnithe idirnáisiúnta athbhreithniú ar CIT agus, mar thoradh ar a gcuid moltaí, chinn an Rialtas in 1999 go dtabharfaí cumhacht don Institiúid a cuid Diplómaí agus Teastas féin a bhronnadh de réir gnáthaimh a comhaontaíodh le Comhairle Náisiúnta na gDámhachtainí Oideachais. Ba é sin an chéad chéim i dtarlúigeán údarais d’Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí chun a céimeanna oideachais féin a bhronnadh.

I nDeireadh Fómhair 2004, ghlac Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann (NMCI) i Rinn an Scidigh, Co. Chorcaí lena chéad chohórt neach léinn. Aistríodh an Roinn Staidéar Mara a bhí suite i gCampas Bhaile an Easpaig de chuid Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí go dtí an tsaoráid i Rinn an Scidigh. Is comhcholáiste de chuid Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí é an NMCI atá i gcomhpháirtíocht le Seirbhís Chabhlaigh na hÉireann agus Focus Education Ltd. Déanann an Coláiste freastal ar riachtanais oideachais agus oiliúna an chabhlaigh trádála agus ar riachtanais neamh-mhíleata na Seirbhíse Cabhlaigh agus cuireann sé raon leathan seirbhísí oiliúna ar fáil don tionscal muirí. Is comhpháirtí príobháideach é Focus Education Ltd. atá freagrach as bainistíú saoráidí ag an gColáiste.

Rinne HETAC lánúdarás dámhachtana a tharmligean don Institiúid dá cuid Clár Múinte uile go dtí Leibhéal 9 (Máistreacht Mhúinte) agus an leibhéal sin san áireamh de chuid Údarás Náisiúnta na gCáilíochtaí (NQUAL) i mí an Mheithimh 2005.

Rinne HETAC lánúdarás dámhachtana a tharmligean dámhachtainí a dhéanamh ag Leibhéal 9 (Máistreacht Taighde) i ndisciplíní éagsúla Innealtóireachta agus Eolaíochta i Meitheamh 2005.

Ar 19 Meán Fómhair 2005, rinne Comhairle na nDámhachtainí Ardoideachais agus Oiliúna údarás dámhachtana a tharmligean d’Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí chun a cuid céimeanna PhD féin a bhronnadh agus ar an dóigh sin rinneadh an t-údarás dámhachtana Leibhéal 8, 9 agus 10 a chomhlánú. Rinneadh an tarmligean le comhaontú NQAI agus cuireadh i bhfeidhm é ar na réimsí léinn áit a bhfuil an Institiúid creidiúnaithe chun clár taighde a choinneáil. Anois tá cumhachtaí dámhachtana céimeanna ag an Institiúid atá inchomparáide le hollscoileanna in Éirinn. Cabhróidh an t-údarás seo dámhachtainí a bhronnadh suas go dtí leibhéal PhD le forbairt leanúnach an taighde cheannródaíoch san Eolaíocht agus san Innealtóireacht in CIT.

Le linn na tréimhse 2005-2007, cuireadh críoch le agus áitíodh sraith foirgneamh duaiseora d’ardchaighdeán, mar atá Lárionad na Mac Léinn, an tÁras Riaracháin, an tÁras Turasóireachta agus Fáilteachais, agus iad mórthimpeall ar chlós. Chuir siad go mór le híomhá agus le saoráidí Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí.

Tógadh Lárionad Rubicon ar shuíomh dhá heicteár a ceannaíodh in 2002. Ó osclaíodh é in Eanáir 2006, tá Lárionad Rubicon tar éis é féin a shocrú mar chatalaíoch, agus é ag cabhrú le fiontraíthe a gcuid tionscadal a thabhairt ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile. Is é ról Lárionad Rubicon mar ghoradán ná cuidiú le foirmiú agus le fás gnólachtaí dian-fhaisnéiseacha ag an luathstaid, trí spás fisiceach agus tacaíocht bainistíochta intí, teacht ar chomhairle agus tacaíocht ó fhoinsí san Institiúid. Tá mar aidhm ag an Lárionad timpeallacht na cruthaíochta agus na nuálaíochta a spreagadh agus fócas leanúnach i gcónaí ar fhás an taighde tráchtála agus gnó eolasbhunaithe sa Réigiún Thiar Theas.

Shínigh an tAire Oideachais agus Eolaíochta Ordú chun an tAcht um Institiúidí Teicneolaíochta 2006 a thosú le feidhm ó 1 Feabhra 2007. Tugann an reachtaíocht nua ceithre Institiúid Teicneolaíochta déag na tíre, ar a n-áirítear an institiúid tríú leibhéal is mó sa Stát, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, faoi shainchúram an Údarás um Ard-Oideachas (ÚAO) den chéad uair. Go dtí sin, ní raibh an tÚAO freagrach ach as cistiú i leith na seacht n-ollscoil agus i leith roinnt institiúidí ainmnithe níos lú.

Ba chloch mhíle stairiúil é tosach feidhme na reachtaíochta sin don chóras ardoideachais in Éirinn. Ba mhórchéim eile é i bhforbairt na nInstitiúidí Teicneolaíochta mar sholáthraithe an-tábhachtacha deiseanna ardléinn ón bhfóchéim díreach ar aghaidh go dtí leibhéal na dochtúireachta.

Bunaíodh Ceolscoil Chorcaí in 1878 sa Pharáid Mhór, Corcaigh agus is í an Cheolscoil is sine in Éirinn í. Tar éis an Dara Cogadh Domhanda bhí sí suite go sealadach i gCé Sheirse agus ansin bhog sí go dtí áit nua i gCé na hAontachta in 1956.

Thug Tuarascáil Hardiman deis athbhreithniú a dhéanamh ar an oideachas ceoil in CIT. Tar éis an-chuid tacaíochta a fháil ó institiúidí agus saoránaigh Chorcaí agus ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta, tógadh foirgneamh nua álainn le saoráidí d'ardchaighdeán faoi Chomhpháirtíocht Phoiblí Phríobháideach. Thug an Comhpháirtí Poiblí Príobháideach, Hochtief, saoráid nua Ceolscoil Chorcaí ar láimh go hoifigiúil d'Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí i mí Iúil 2007.

Ó 2007 i leith, lean CIT de thionscadal leathan straitéise a raibh mar aidhm aige feabhas a chur ar sheirbhísí agus ar láithreach na hInstitiúide ar líne. Ba é a bhí mar chéad chuid den tionscadal sin suíomh gréasáin na hInstitiúide www.cit.ie a dtagann an pobal i dteagmháil leis a athdhearadh agus cuireadh i gcrích ina chéimeanna é. Is é an polasaí i dtaca leis an bpríomhláithreán gréasáin ná go bhfuil sé ann go príomha do dhaoine lasmuigh de CIT. Dá bhrí sin, den chuid is mó, ní bhíonn faisnéis a bhaineann go hábhartha leis an lucht féachana inmheánach le feiceáil ar an bpríomhláithreán gréasáin. Chun seirbhísí ar líne a chur ar fáil dóibh siúd laistigh de CIT forbraíodh dhá thionscadal bhreise a raibh mar chuspóir leo seirbhís thiomanta ar líne agus tairseacha cumarsáide a sholáthar d'fhoireann agus do mhic léinn na hInstitiúide. Cuireadh Pas 1 den tionscadal do thairseach na foirne (gateway.cit.ie) i gcrích i Meán Fómhair 2010 agus cuireadh tairseach na mac léinn (www.mycit.com) ar bun i Meán Fómhair 2009 agus cuireadh i mbun oibre é i gcomhar le córas rphoist na mac léinn.

Cheannaigh an Institiúid achar mór talún breise (14.175 heicteár) sna 1990aidí. Chuidigh sé sin le saoráidí spóirt a fhorbairt, ar a n-áirítear ocht bpáirc imeartha, raon reatha athchóirithe agus halla gleacaíochta. Ar 26 Bealtaine 2008 d'oscail an tAire Oideachais agus Eolaíochta, Batt O'Keeffe TD, Staidiam Spóirt nua.

Is comhoibriú í Réadlann Chaisleán na Carraige Duibhe idir Comhairle Cathrach Chorcaí, Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus bronntóir príobháideach. I mí na Samhna 2007 osclaíodh don phobal í mar Lárionad Eolaíochta, Réadlann agus bialann cois abhann agus ghnóthaigh sí gradam idirnáisiúnta.

Ba sa bhliain 1582 a tógadh an chéad túr, atógadh é in 1733 agus tógadh é mar atá sé inniu in 1829. Rinneadh athnuachan air sna 1960aidí agus fuair Bardas Chorcaí seilbh air in 2001. Baineann tábhacht leis an gCaisleán i gcur chun cinn na hEolaíochta agus suntasacht CIT i measc phobal an oideachais agus na sochaí.

Ar 16 Deireadh Fómhair 2009, thug an tAire Oideachais agus Scileanna, Batt O'Keeffe TD, cead do CIT suíomh agus foirgneamh taobh le Campas Bhaile an Easpaig a cheannach ón ngnólacht leictreonaice Tyco-Sensormatic as SAM chun an campas a fhairsingiú. Thug fáil an tsuímh agus an fhoirgnimh de 7.4 acra deis do CIT freastal ar gach gníomhaíocht printíseachta dá cuid ar Champas Bhaile an Easpaig. Thug CIT cuid den mhaoiniú as a cuid acmhainní féin ach is as an mBuiséad Caipitil d'Institiúidí tríú leibhéal a tháinig formhór an mhaoinithe don fháil. Bhí an tAire i láthair san Institiúid chun an Conradh le Tyco a shíniú ar 16 Deireadh Fómhair 2009 agus i láthair freisin bhí an Dr Brendan J. Murphy, Uachtarán CIT, agus Donal Sullivan Uas., Stiúrthóir Bainistíochta, Tyco-Sensormatics Electronics.

Ar 17 Eanáir 2010, ghlac CIT seilbh go foirmiúil ar Lárionad NIMBUS le haghaidh taighde ar Chórais Leabaithe. Agus é á mhaoiniú tríd an gClár Taighde de chuid an ÚAO in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTL) in 2007, is é NIMBUS an chéad fhoirgneamh a críochnaíodh go náisiúnta sa 4ú timthriall de mhaoiniú PRTL agus léirigh sé comhoibriú agus bainistíú tionscadail an-rathúil ag Oifig Forbartha CIT, na hailtirí, conraitheoirí tógála agus ag an bhfoireann taighdeoirí ar dóibh a dearadh an foirgneamh. Le linn tréimhse cúngaithe airgeadais, ba dhea-theist é chomh maith ar an bhfoireann gur cuireadh an tionscadal i gcrích in am agus laistigh den bhuiséad.

Agus tús á chur leis in 2005, chuir CIT an t-aistriú go dtí córas seachadta curaclaim modúlbnaithe i gcrích faoin mbliain 2009. Is gnách go gcuirtear modúlachán i bhfeidhm mar chuid de leasuithe níos leithne agus is minic go mbíonn baint aige le hoiliúint le haghaidh cuspóirí sainithe foghlama (go minic cumasbhunaithe); foghlaim i gcomhar; bealaí indibhidiúla oiliúna; agus carnadh creidmheasa agus aistriú. Ba mhar sin a bhí sé leis an tionscadal modúlachán ag CIT. Chomh maith le córas modúlbnaithe a thabhairt isteach, thug CIT bliain acadúil isteach a raibh dhá sheimeastar inti. Cuireadh an córas nua i bhfeidhm do mhic léinn nua na chéad bhliana i Meán Fómhair 2007 agus leathnaíodh é go dtí na blianta uile de na cláir fhochéime agus iarchéime go léir i Meán Fómhair 2008. Bronnadh céimeanna ar an gcéad chohórt céimithe a chuir a gclár iomlán céime onóracha i gcrích faoin gcóras nua i nDeireadh Fómhair 2011.

Osclaíodh Dánlann Ché Wandesford CIT taobh le Coláiste Ealaíne agus Deartha Crawford CIT ar 18 Meitheamh 2010.

Le blianta beaga, tá Conarthaí sínithe ag CIT le hOllscoileanna agus le hInstitiúidí go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon chun comhoibriú a dhéanamh ar chlár acadúla agus taighde. Tá naisc láidre déanta ag an Institiúid go háirithe le Coláiste Ollscoile Chorcaí, leis an Ollscoil Eolaíochtaí Feidhmeacha, Darmstadt, sa Ghearmáin agus le hOllscoil Pune san India.

Mislean agus Luachanna Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

Tá gníomhaíochtaí uile Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí á rialú ag a ráiteas misin. Cuimsíonn agus léiríonn an ráiteas misin croíluachanna na hInstitiúide.

Ár Mislean

Táimid bródúil as an mislean agus an ról ar leith atá againn i soláthar an ardoideachais don réigiún agus níos faide i gcéin. Is é ár mislean:

Oideachas agus taighde mac léinn-láraithe agus gairm-láraithe a chur ar fáil ar mhaithe le forbairt phearsanta, ghairmiúil agus intleachtúil an mhic léinn agus chun leasa don tsochaí mhór sa réigiún agus níos faide i gcéin.

Ár nGealltanais

Tá an Institiúid tiomanta dá ról laistigh den réigiún agus go náisiúnta. Agus ár mislean á chomhlíonadh againn thar raon iomlán na ngníomhaíochtaí atá againn, táimid dírithe ar na gealltanais seo a leanas a chuimsíonn tosaíochtaí, éiteas agus luachanna a chomhlíonadh . . .

- **Is Institiúid mac léinn-láraithe í CIT**
- **Déanann CIT oideachas agus taighde mac-léinn láraithe a sheachadadh**
- **Cuireann CIT rochtain uileghabhálach ar fáil ar an ardoideachas**
- **Imríonn CIT ról réigiúnach, náisiúnta agus idirnáisiúnta**

Ár bhFís

Agus aghaidh againn ar an todhchaí, is uailmhianach agus dúshlánach í an fhís atá againn d'fhorbairt CIT, arb í:

Beidh CIT ina hionad idirnáisiúnta aitheanta barr feabhais i soláthar oideachais ghairm-dhírithe a chuireann ar fáil daoine gairmiúla, éifeachtacha, eiticíúla a bhfuil an fhiontraíocht, an nuálaíocht agus an chruthaitheacht ar a gcumas acu.

Ár Spiocanna á mBaint Amach

Tá ár spriocanna straitéiseacha ailínithe le spriocanna náisiúnta níos leithne ar a n-áirítear iad siúd a bhfuil cur síos orthu sa Straitéis Náisiúnta don Ard-Oideachas go dtí 2030.

An Creat Straitéiseach Bainistíochta

Tá glactha ag an Institiúid le cur chuige solúbtha agus oiriúnaitheach do bhainistíocht straitéiseach agus do phleanáil straitéiseach.

Sliocht bainte as Plean Straitéiseach na hInstitiúide 2012 – 2016.



Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí
Cork Institute of Technology

clár na nábhar

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

	Page
Réamhrá	
1.1 Ráiteas ón gCathaoirleach	12
1.2 Ráiteas ón Uachtarán	13
1.3 Ráiteas maidir le Comhionannas	18
1.4 Gaeilge & Cultúr	19
1.5 Maidir le hInstitiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus a Cairt Eagrúcháin	20
1.6 Aonaid agus Lárionaid Speisialta atá ag feidhmiú laistigh den Institiúid agus an gaol atá acu le Cairt Eagrúcháin na hInstitiúide	22
1.7 Forbairt Saoráidí Spóirt	27
Rialachas	
2.1 Ballraíocht an Bhord Rialaithe	30
2.2 Cruinnithe Bord Rialaithe	31
2.3 Bord Feidhmiúcháin na hInstitiúide (BFI)	32
2.4 Foireann Shinsearach na hInstitiúide	33
Gnóthaí Acadúla & Mic Léinn	
3.1 Ballraíocht na Comhairle Acadúla	38
3.2 Ballraíocht Choiste Fheidhmiúcháin na Comhairle Acadúla	44
3.3 Coistí na Comhairle Acadúla	45
3.4 Forbairt Acadúil	46
3.5 Cúrsaí Faofa – Lánaimseartha	47
3.6 Cúrsaí Faofa Fáilte Éireann agus Ceardaíochta	51
3.7 Cúrsaí Faofa - Páirtaimseartha	52
3.8 Údaráis Bhailíochaithe	56
3.9 Scrúdaitheoirí Seachtracha	60
3.10 Staitisticí Mic Léinn	66
3.11 Duaiseanna na Mac Léinn	70
3.12 Ombudsman na Mac Léinn	77
Taighde & Forbairt	
4.1 Gníomhaíochtaí Forbartha	80
4.2 Gníomhaíochtaí Taighde	83
4.3 Foilseacháin Taighde	88
4.4 Naisc Sheachtracha Forbartha	98
4.5 Gníomhaíochtaí AE agus Idirnáisiúnta	100
4.6 Forbairt Champais	102
4.7 Bainistiú Sábháilteachta & Saoráidí	108
Tuairisc ar Acmhainní Daonna	
5.1 Tuairisc ar Acmhainní Daonna	112
5.2 Líon na Foirne	113
5.3 Éachtaí na Foirne	115
Tuarascáil Airgeadais	
6.1 Tuarascáil Airgeadais	122
6.2 Cuntais Iniúchta	123
Faisnéis Eile	
7.1 Nuacht & Imeachtaí	146
7.2 Cumann na gCéimithe	151
7.3 Pointí Teagmhála	152



Leaba Fástála Zero2020

1. Réamhrá

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

- 1.1 Ráiteas ón gCathaoirleach
- 1.2 Ráiteas ón Uachtarán
- 1.3 Ráiteas maidir le Comhionannas
- 1.4 Gaeilge & Cultúr
- 1.5 Maidir le hInstitiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus a Cairt Eagrúcháin
- 1.6 Aonaid agus Lárionaid Speisialta atá ag feidhmiú laistigh den Institiúid agus an gaol atá acu le Cairt Eagrúcháin na hInstitiúide
- 1.7 Forbairt Saoráidí Spóirt

1.1 Ráiteas ón gCathaoirleach



Is cúis gliondair dom an Tuarascáil Bhliantúil seo de chuid Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí don bhliain 2012/2013 a chur i láthair. Leanann CIT ar aghaidh i dtreo a misin an t-oideachas neach léinn-láraithe is fearr sa tír a chur ar fáil ar mhaithe leis na mic léinn agus chun leasa don tsochaí ina hiomláine. Oibríonn an Institiúid i gcónaí le, agus tugann cluas d'éilimh an phobail a ndéanann sí freastal air, agus beartaíonn a bhfuil á dtairiscint aici de shíor chun freastal ar na riactanais sin. Is í seo an dara bliain dom i mo Chathaoirleach agus is onóir agus pribhléid i gcónaí dom é a bheith in ann fónamh don institiúid thábhachtach seo agus oibriú go dlúth le mo chomhghobharnóirí. Bheirim mo bhuíochas dóibh as a gcúnamh agus a dtacaíocht.

Ba mhór liom bualadh le baill foirne agus neacha léinn le linn na bliana agus cuairt a thabhairt ar na campais go léir. Tagann an t-athchóiriú ar Áras Melbourn chun cuimhne agus mar a chéile síniú an chonartha d'Áras CREATE. Níor mhiste aird a dhíriú freisin ar bhogadh Oifig na Scrúduithe go dtí an Melbourn. Leanann na Lárionaid Rubicon agus NIMBUS de bheith ag fás agus ag forbairt agus is ar chaighdeán domhanda atáid araon. D'éirigh thar barr le Lá Oscailte TEC@Nimbus i lár mhí an Mheithimh. Agus an oiread sin tábhachta a bheith ag baint leis an Nuálaíocht agus an Fhiontraíocht, cuireadh fáilte roimh bhunú Lárionad Hincks don Fhiontraíocht. D'éirigh go maith le Seachtain na Nuálaíochta agus leis an Scifest lenar cuireadh ar taispeántas 146 tionscadal le 330 rannpháirtí as 25 scoil dara leibhéal i gCathair agus Contae Chorcaí.

Ba bhreá liom CoderDojo a fheiceáil i mbun oibre ag Campas Bhaile an Easpaig agus Caisleán na Carraige Duibhe CIT. Is clár an-mhaith é seo atá riachtanach chun an chéad ghlúin eile a ullmhú don todhchlaí. B'ábhar iontais mar a chuaigh an tionscnamh seo i bhfeidhm orm. Is éard atá ann ná sult agus foghlaim agus iad comhcheangailte ar shlí ar leith. B'iontach an rud é ceann d'fhoirne CoderDojo a fheiceáil agus duais HP á gnóthú acu ag Taispeántas Eolaí Óg BT.

Léiríonn rath leanúnach na mac léinn i gcomórtais sheachtracha cáilíocht, dúthracht agus tiomantas i ndáiríre idir mic léinn agus baill foirne. B'onóir dom 27ú Taispeántas Meicniúil, Déantúsaíochta agus Bithleighis Chorcaí a oscailt in Aibreán ag Campas Bhaile an Easpaig. Bhain caighdeán an-ard le cáilíocht an uile ní a bhí ar taispeántas agus leis an uile neach léinn. B'ábhar aoibhnis dom 89 réamhchémí a fheiceáil agus a gcuid pár á bhfáil acu ón Aire Quinn ag an searmanas Néalríomhaireachta i mBealtaine. San áireamh ann bhí na chéad chéimithe de chuid an MSc i Néalríomhaireacht.

Is cuid rithábhachtach iad na hEalaíona, an Cultúr agus an Spórt d'fhabraic CIT agus ba mhar sin a bhí sé riamh. Ar na cuairteoirí suntasacha bhí Edwin Lee Uasal, Méara San Francisco, agus Luo Linguan Uasal, Ambasadóir na Síne chun na hÉireann. Is ábhar bróid dúinn go léir é liosta na n-éachtaí san oiread sin spórt difriúil.

Mar fhocal scoir, ba mhian liom mo bhuíochas a léiriú don Bhord Rialaithe, don Uachtarán, an Dr Brendan Murphy, don Bhainistíocht Shinsearach agus don Fhoireann as a dtiomantas agus a ndíograis dá gcuid oibre le linn na bliana. Ba mhaith liom comhartha speisialta buíochais a chur in iúl don Chomh. Jim Corr, ar ball luachmhar de chuid an Bhord Rialaithe é le 20 bliain anuas, ar léiríodh urraim dó ag Fáiltiú Sibhialta i mí an Mheithimh.

Bob Savage
Cathaoirleach

1.2 Ráiteas ón Uachtarán



Is í seo an naoú bliain dom san oifig agus is mar seo a leanas atá mo Ráiteas mar Uachtarán:

A. Foirgnimh agus Eastáit

Cuireadh Céim 2 den athchóiriú ar Áras Melbourn 4,000m² i gcrích i mí na Samhna. Chuaigh Roinn na hAiltireachta chun lonnaithe ina saoráid nua “an Mhonarcha Ailtireachta” i bhFeabhra. Síniadh go hoifigiúil an conradh do thógáil an Lárionad Taighde atá á mhaoiniú ag PRTL I san Áras Taighde in Ard-Innealtóireacht Theiripeach (CREATE) ar 1 Márta idir an Institiúid agus BAM Construction. Tá tús curtha le tógáil an fhoirgnimh agus dáta críochnaithe de thart ar 12 mhí. Rinneadh Oifig na Scrúduithe a athshuíomh go dtí Áras Melbourn in Aibreán.

B. Gnóthaí Acadúla

D'éirigh go maith le cuairt chreidiúnaithe RIAI maidir leis an gclár Máistir in Ailtireacht a bhí ar siúl ar 11 Meán Fómhair. Moladh lánchreidiúnú.

Bhí Comórtas IrelandSkills 2012 ar siúl san Institiúid sa tseachtain dar tús 10 Meán Fómhair agus bhí an searmanas bronnta ar siúl ar 14 Meán Fómhair. Thosaigh an dara cohórt neach léinn i Meán Fómhair ar an gcéad Chlár PhD struchtúrtha, “Ed4Life” agus é á mhaoiniú faoin gclár ÚAO PRTL I 5. Cuireadh tús leis an Diplóma Gairmiúil don Múinteoireacht sa Mhatamaitic ag an Institiúid ar 24 Meán Fómhair. Bhí Searmanas Bliantúil Bronnta na Dáimhe Gnó agus Daonnachtaí ar siúl ar 18 Deireadh Fómhair. Rinneadh Bronnadh na gCéimeanna agus Damhachtainí Eile ar 19 Deireadh Fómhair. Fuair 1,192 réamhchéimí a gcuid pár. Rinneadh Bronnadh na gCéimeanna agus Damhachtainí Eile de chuid na Dáimhe Innealtóireachta & Eolaíochta agus Choláiste Ealaíon & Deartha Crawford CIT ar 22 Deireadh Fómhair agus fuair 1,142 réamhchéimí a gcuid pár. Bhí searmanas bronnta céime iarchéime aonair ar siúl ar 23 Deireadh Fómhair agus bronnadh 12 dhochtúireacht agus 15 Mháistir. Bhí Lá Oscailte CMNÉ ar siúl ar 23 Deireadh Fómhair agus d'éirigh go maith leis. Tharla Searmanas Bronnta Céimeanna agus Damhachtainí Eile Cheolscoil Chorcaí CIT agus Lárionad d'Oideachas Ailtireachta Chorcaí ar 25 Deireadh Fómhair agus fuair 91 réamhchéimí a gcuid pár. D'óstaigh an Institiúid cuairt ó Dhéan H F Walker, Coláiste Eolaíochta Feidhmí agus Teicneolaíochta, Rochester Institute of Technology, Stát Nua Eabhrac i mí na Samhna. Bhí Searmanas Bliantúil Duaiseanna Dhámh na hInnealtóireachta & na hEolaíochta ar siúl ar 29 mí na Samhna. Bhí Comórtas IrelandSkills 2013 ar siúl san Institiúid sa tseachtain dar tús 10 Nollaig agus tháinig sé chun deiridh le searmanas bronnta ar 14 Nollaig. D'óstaigh an Institiúid cuairt ónár gcomhpháirtithe Gearmánacha Hochschule Darmstadt – Ollscoil Eolaíochtaí Feidhmeacha ar 23 Eanáir. Mar chríoch lena gcuairt dhá lá síníodh Meamram Comhaontaithe Comhoibríthe don Chomhthaighde idir an dá institiúid. Bhí Searmanas Bronnta an Earraigh ar siúl i gCMNÉ ar 14 Feabhra. Ar na 78 réamhchéimí a fuair a gcuid pár bhí an chéad cohórt mac léinn ón Máistir Ealaíon & Próisis, CEDC CIT. Seoladh clár Scoláireachta Rísam do 2013 ag an Institiúid ar 22 Márta. Shínigh an Institiúid Comhaontú Comhaltúcháin i dTeicneolaíocht Ailtireachta agus Gnó le Coláiste Fanshawe, Colleges Ontario, Ceanada ar 9 Aibreán. Ba í an Institiúid an chéad cheann in Éirinn a shínigh Comhpháirtíocht Ollscoile le hInstitiúid Ríoga na Suirbhéirí Cairte/Cumann Suirbhéirí Cairte na hÉireann i dtaca leis an BSc (Onóracha) i Suirbhéireacht Chainníochta ar 24 Aibreán. D'óstaigh Ceolscoil Chorcaí CIT Dianchlár Erasmus dar teideal “Interdisciplinary Involvement” ó 24 Aibreán go 3 Bealtaine. Bhí an 27ú Taispeántas Meicniúil, Déantúsaíochta & Bithleighis ar siúl ar 25 Aibreán i gCampas Bhaile an Easpaign. Ba é a rinne an oscailt ná Leas-Uachtarán agus Stiúthóir Bainistíochta EMC agus Cathaoirleach an Bhord Rialaithe, Bob Savage Uas. Tá an taispeántas anois ar cheann de na cinn is mó san Eoraip agus 240 seastán ann. Ba é téama an taispeántais “CIT Engineering – First in Europe – First in Ireland – First in Innovation”. Bhí an tAire Oideachais agus Scileanna, Ruairí Quinn TD, i láthair ag an Searmanas Bronnta Néalríomhaireachta ar 9 Bealtaine. Fuair 89 réamhchéimí a gcuid pár. Orthu sin bhí céad chéimíthe an chláir Máistir i Néalríomhaireacht, an chéad cohórt MSc i mBitheolaíocht Ríomhaireachtúil agus na cúrsaí tiontaithe Leibhéal 8 i Scileanna ICT i Néalríomhaireacht. Chuir an Institiúid fáilte roimh thoscaireacht as Ollscoil Tong-Ji na Síne chuig an Institiúid ar 22 Bealtaine. bhí an tUachtarán i láthair nuair a síníodh Comhaontú Cuibhreannais idir an Institiúid agus ár gcomhpháirtithe Gearmánacha, Hochschule Darmstadt – Ollscoil Eolaíochtaí Feidhmeacha ar 24 Bealtaine. D'óstaigh an Institiúid cuairt ó ghrúpa acadóirí sinsearach de chuid SAM as Ollscoileanna mór le rá ar 26 Bealtaine. D'óstaigh an Institiúid cuairt ó thoscaireacht as 15 Ardscoil Shíneacha-Mhalaeiseacha ar 30 Bealtaine. Bhí taispeántas deireadh bliana Lárionad Chorcaí d'Oideachas Ailtireachta

(CCAIE) ar siúl ar 31 Bealtaine. Tionóladh Taispeántas Céimithe 2013 na Roinne Ailtireachta dar teideal "In & Out" ar 6 Meitheamh ag saoráid nua na hInstitiúide, an Mhonarcha Ailtireachta. Osclaíodh Taispeántas Céimithe "Liminal" 2013 CEDC CIT ar 7 Meitheamh. Rinne Ard-Mhéara Chorcaí, an Comh. John Buttimer an oscailt. D'óstaigh an Institiúid Seachtain Oiliúna Tionscnaimh Erasmus ó 18 go 22 Meitheamh agus bhí 25 cuairteoir idirnáisiúnta ó institiúidí páirtneireachta Eorpacha de chuid na hInstitiúide i láthair ag an ócáid. Bhí Bronnadh Céimeanna agus Ardteastas an tSamhraidh ar siúl ag Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann ar 20 Meitheamh agus fuair 72 réamhchéimí a gcuid pár. Sheol Ernest Cantillon Uas., Uachtarán Chumann Gnó Chorcaí, Lámhleabhar an Oideachais Leantaigh 2013/14, ar 27 Meitheamh. Comhghairdeas le Foireann na hÉireann a ghlac páirt i gComórtais WorldSkills i Leipzig i mí Iúil. Bhain siad an 11ú hÁit amach agus ghnóthaigh 2 Bhonn Órga, 1 Bhonn Cré-umha agus 7 Meadálle as an Sármhaitheas. Sheol an Institiúid Tionscnamh Springboard 2013 dá cuid ar 8 Iúil agus thairg 242 áit ar 13 chlár. Síníodh Meamram Comhaontaithe lenár gcomhpháirtithe Gearmánacha, Hochschule Darmstadt – Ollscoil Eolaíochtaí Feidhmeacha agus Caighdeán agus Cailíochtaí na hÉireann (QQI) ar 13 Lúnasa.

C. Éachtaí agus Gradaim na Mac Léinn

Fuair Mark Casey, céimí i bhFisic Fheidhmeach agus Ionstraimíocht, Gradam an International Society of Automation Ireland 2012 don mac léinn de chuid na bliana deiridh is fearr a rinne staidéar ar fhisic agus ionstraimíocht. D'fhógair an National Institute of Designers in Ireland Graduate Design Awards Sinéad Crowley, céimí de chuid CIT, mar bhuaiteoir an National Interior Award ar 9 Samhain. Bhí céimithe CIT, Alan Bateman, Danny Johnston agus Eoin O'Donovan chun tosaigh sna hacaláidí a bronnadh ag Engineers Ireland Excellence Awards 2012 ar 9 Samhain. Bronnadh bonn airgid ar neach léinn CIT, Claire O'Connor ag an European Association of Hotel & Tourism Schools Annual Conference and Competitions sa Macadóin i mí na Samhna. Ar 26 Feabhra bronnadh an chéad áit agus an buaiteoir go huile i gcaobhchomórtas Speak Out for Engineering ar John Roberts as a thionscadal "Design and Development of a Wheelchair Enablement Device". Ghnóthaigh neach léinn CIT, Jack O'Keeffe, an teideal ardchlú Knorr Young Chef of the Year ar 27 Feabhra. Bronnadh gradam 2013 Yamaha Music Foundation of Europe ar mhac léinn de chuid Cheolscoil Chorcaí, Alex Petcu-Colan, ó Acadamh Ríoga Ceoil na hÉireann. Rinne searmanas Bronnta bliantúil na hInstitiúide céimithe suntasacha na bliana 2012 a onórú ag Campas Bhaile an Easpaig ar 12 Márta. Ag Comórtas an Boston Metro Opera's Contempo Festival & International Composer's Competition 2013, fuair céimí de chuid Cheolscoil Chorcaí CIT, David Wallace, dhá mhórdhuais idirnáisiúnta, an BMO Merit Award agus an Director's Choice Award. Bronnadh Sparánacht Cheoil RDS de €10,000 ar an neach léinn Máistir de chuid Cheolscoil CIT, Kelley Lonergan, tar éis gur éirigh chomh maith sin léi i bhFeis Cheoil Electric Ireland 2013. Bronnadh an chéad duais ar Chór Sinsir agus ar Chór na nÓg de chuid Cheolscoil CIT sa Chomórtas Náisiúnta do Chóracha Óige ag Féile Chórúil Chorcaí 2013. Fógraíodh neach léinn CIT, Patrick Byrnes, ina bhuaiteoir Leibhéal 8 Engineers Ireland Innovative Student Engineer Awards 2013 ar 10 Meitheamh as a thionscadal dar teideal "Automation of Femoral Implant Ultrasonic Cleaning and Blast Processes at Zimmer Orthopaedics". Ghnóthaigh Brian O'Riordan, céimí sa BEng (Onóracha) in Innealtóireacht Struchtúrtha, Gradam Chumann Coincréite na hÉireann a bhronntar go bliantúil don tionscadal bliana deiridh is fearr ar chlár creidiúnaithe san innealtóireacht shibhialta. Bhí rath iontach mar leanas ar an Institiúid ag an Enterprise Ireland/ Invest Northern Ireland Think Outside the Box ar 13 Meitheamh:

- (i) **An Chéad Áit agus Enterprise Ireland/Invest Northern Ireland Think Outside the Box Student Entrepreneur of the Year 2013**
CIT – AH Technology (Nicola O'Mahony, Donal Carey, Kenneth Barry, Damien McAuliffe, Ciaran Malone, Owen McDonagh, agus James Cahill)
- (ii) **An Dara hÁit agus Cruickshank Intellectual Property Attorneys Most Technologically Innovative Product**
CIT – Sweet Soundings Electric (John Kelleher, Mariah Reidy, Marco Quatrana, Kieran Minehane, Colm Kearney, Shane O'Driscoll, agus Niamh Ryan)
- (iii) **Enterprise Ireland/Invest Northern Ireland Award of Merit**
CIT – 123 Fitness (Eoghan McEnery, Brian Hand, Aidan O'Sullivan, David Linehan, James Fogarty, David Waterman, agus Donagh Good)

Bronnadh Duais Teagasc ar an neach léinn PhD Ruth Keary don Chur i Láthair is Fearr ó Bhéal ag an 42ú Comhdháil Bhlantúil um Thairgde ar Bhia ar 27 agus 28 Meitheamh.

D. Gnóthaí Straitéiseacha

Tar éis gur seoladh Plean Straitéiseach 2012-2016 CIT i nDeireadh Fómhair 2012, tá Bord Feidhmiúcháin na hInstitiúide agus na haonaid feidhmiúcháin ar fud na hInstitiúide i mbun mionphleananna a fhorbairt a bhfuil mar aidhm acu na cuspóirí atá rianaithe sa phlean a chur i gcrích.

Tá creat comhtháite bainistíochta straitéisí á fhorbairt. Cuimseoidh an creat seo gníomhaíochtaí straitéiseacha, bainistiú riosca agus tomhas feidhmíochta maidir le spriocanna agus cuspóirí straitéiseacha na hInstitiúide. Bainfidh na haonaid éagsúla leas an gcreat seo agus a gcuid pleananna féin á gcruthú agus leanúnachas crutha agus cleachtais á chinntiú acu ar an gcaoi sin ar fud na heagraíochta.

Tá beartaithe an creat straitéiseach bainistíochta a bheith i bhfeidhm go hiomlán do thús na bliana acadúla 2013/14.

E. Cúrsaí Foirne

Bhí ócáid scoir ar siúl in onóir na mball foirne a d'éirigh as idir 1 Eanáir 2011 agus 31 Eanáir 2012 ar 23 Samhain. Ceapadh an Dr Gerard Kelly mar Ceann Gníomhach na hInnealtóireachta Meicniúla, Bithleighis & Déantúsaíochta ar 2 Eanáir. Ceapadh John P. Murphy Uas. do ról Ombudsman Neach Léinn na hInstitiúide agus tús leis ar 1 Feabhra. Chuaigh Jonathan McCarthy Uas. i mbun dualgais mar Bhainisteoir TF na hInstitiúide ar 11 Feabhra. Bhí ócáid scoir ar siúl ar 1 Márta in onóir na mball foirne a d'éirigh as idir 1 Feabhra 2012 agus 31 Eanáir 2013. Chuaigh Tim Horgan i mbun dualgais mar Cheann Seachadadh ar Líne ar 11 Márta. Chuaigh Niamh Lynes Uas. i mbun dualgais mar Chomhordaitheoir na hOifige Idirnáisiúnta ar 22 Aibreán. Chuaigh an Dr Breda Kenny i mbun dualgais mar Cheann Lárionad Hincks don Barr Feabhais san Fhiontraíocht ar 8 Bealtaine. Ceapadh Deirdre Goggin Uas., Campas Leathnaithe CIT, ina hionadaí Éireannach ar an líonra Eorpach don Aitheantas ar an Réamhfhoghlaim. Ceapadh Don Crowley Uas. mar Cheann na Roinne Eagraíochta agus Forbartha Gairmiúla ar 5 Iúil. Ceapadh an Dr Pio Fenton mar Cheann Roinn na Margaíochta & Gnó Idirnáisiúnta ar 19 Lúnasa.

F. Ealaíona agus Cultúr

D'ostaigh an Institiúid Gradaim Náisiúnta IDI Graduate Design Exhibition and Gala 2012 ó 5 go 9 Samhain. Rinneadh an 5ú cothrom lae de bhunú Réadlann na Carraige Duibhe CIT a cheiliúradh ar 29 Samhain. Bhí mórthaispeántas d'obair an ghrianghrafadóir clúitigh Terry O'Neill ar siúl i nDánlann Ché Wandesford agus in Halla na Cathrach ó 25 Eanáir go 22 Feabhra. Bhí Seachtain na Sábháilteachta ar siúl san Institiúid ó 11 go 14 Feabhra. Bhí an Damhsa Gnó & Cuntasaíochta agus Turasóireachta & Fáilteachais ar siúl ar 20 Feabhra agus bhí níos mó na 1,500 mac léinn agus ball foirne i latháir. Bhí an Gala ardghradaim chun bliain Úr na Síne a cheiliúradh ar siúl ag Ceolscoil Chorcaí CIT ar 23 Feabhra. Bhí Luo Linguan Uas., Ambasadóir na Síne chun na hÉireann agus Ard mhéara Chorcaí, an Comh. John Buttimer, i lathair ag an gceiliúradh. Roghnaíodh Seachtain Sábháilteachta Aontas na Mac Léinn 2012 mar Fhaighteoir na Duaise sa Chatagóir Oideachas Tríú Leibhéal ag Leading Lights de chuid an Údaráis um Shábháilteacht ar na Bóithre sna Duaiseanna Sábháilteacht ar na Bóithre i ngeall ar an obair iontach a rinne siad chun beathaí a shábháil agus cosc a chur le tromghortuithe ar na bóithre. Don cheathrú bliain as a chéile, bronnadh an Gradam clúiteach GOLD Green Hospitality ar an Roinn Staidéar Turasóireachta agus Fáilteachais as scothchleachtas. Thug an Institiúid tacaíocht don 10ú bliain d'Fhéile Chorcaí um Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil a bhí ar siúl ó 18 go 24 Márta. Bhí Duaiseanna Chumainn agus Ghníomhaíochtaí na Mac Léinn ar siúl ar 20 Márta agus bronnadh duaiseanna ar sheisear duine aonair agus ar shé ghrúpa cumainn. Bailíodh beagnach €6,500 do roinnt carthanais fiúntach le Linn Sheachtain Pléaráca 2013 CIT. Thug Méara San Francisco, Edwin Lee Uas., cuairt ar RCD CIT mar chuid de cheiliúradh Lá Fhéile Pádraig. Le linn dó a bheith ar cuairt d'fhógair an Méara Lee tionscadal chun teileascóp róbatatach a bhunú ag Bunscoil Ormondale in Portola Valley. Ligfidh sé sin do scoileanna in Éirinn teileascóip a úsáid i bhforam ina seomraí ranga. Reáchtáil foireann agus mic léinn de chuid na Roinne Staidéar Turasóireachta & Fáilteachais maidin chaife chun cuidiú le Lá Lus an Chrom cinn ar 21 Márta agus bhailigh siad níos mó ná €1,100. Bhí an taispeántas "Symphony of Colour" ar siúl i gCeolscoil Chorcaí CIT ó 16 Aibreán go 17 Bealtaine. Bhí Taispeántas Chumann Grianghrafadóireachta ar siúl i gCeolscoil Chorcaí CIT ó 17 Aibreán go 1 Bealtaine. Seoladh Láithreán Gréasáin Ealaíona agus Cultúr na hInstitiúide <http://arts.cit.ie> ar 29 Aibreán i gCeolscoil Chorcaí CIT. I gcomhar leis an Gathering, reáchtáil an Institiúid lá spraoi don teaghlach "Spraoi@CIT" ar 22 Meitheamh ag Campas Baile an Easpaig. Leanadh de na himeachtaí san iarnóin ag CIT CCAD agus sa tráthnóna i gCeolscoil Chorcaí CIT.

G. Cúrsaí Spóirt

Bhí cluiche ceannais Chraobhchomórtais Iománaíochta Iarbhunscóileanna Chonte Chorcaí ar siúl ag an Institiúid ar 21 Samhain. Bhí Sparántachtaí Bliantúla Spóirt na hInstitiúide ar siúl ar 5 Nollaig agus bronnadh 107 sparántacht ar na lúthchleasaithe is fearr san Institiúid as raon leathan spóirt. Bhí ábhar maith ceiliúrtha ag Club Lúthchleasaíochta na hInstitiúide i mí Feabhra leis na héachtaí seo a leanas:

- (i) Sinéad O'Connor, Roinn Staidéar Sóisialta & Ginearálta, a bhuaigh an teideal Seaimpín Idir-Ollscoileanna na mBan do na Trí Léim
- (ii) Rachel O'Shea, Roinn Staidéar Sóisialta & Ginearálta, a ghnóthaigh an tríú háit sa rás 800m
- (iii) Cathal Owens, Roinn na hInnealtóireachta Bithleigheis & Déantúsaíochta, a bhuaigh an tríú háit sa rás 400m
- (iv) Thomas Houlihan, Roinn Innealtóireachta Sibhialta, Struchtúrtha & Comhshaoil, a ghnóthaigh an chéad áit sa Léim Chuaille
- (v) Cullen Lynch, Roinn Chuntasaíochta & Córas Faisnéise, a ghnóthaigh an dara háit sa rás 1,500m
- (vi) Ghnóthaigh Foireann Trastíre na bhFear an teideal Seaimpíní Trastíre Coláistí na Mumhan den chéad uair.

Rinne 25 de na lúthchleasaithe is fearr dár gcuid ionadaíocht mhaith don Institiúid ag na Craobhchomórtais Raon is Faiche ó 12 go 14 Aibreán. Bhain Club Sacair na bhFear CIT an teideal Seaimpíní Uile-Éireann Futsal Coláistí agus Ollscoileanna amach ar 23 Aibreán agus thaisit siad chun na Spáinne chun ionadaíocht a dhéanamh i gCraobhchomórtais Futsal Coláistí agus Ollscoileanna na hEorpa ó 21 go 29 Iúil, marar bhain siad an 15ú háit foriomlán amach. Bhí Duaiseanna Spóirt na hInstitiúide 2012/13 ar siúl ar 29 Aibreán ag Campas Bhaile an Easpag. Bronnadh aon duais aonair déag ar an tráthnóna agus bronnadh Gradam Éachta Céimí ar Rachael Vanderwal, a d'imir cispheil idirnáisiúnta don Bhreatain agus a bhí ina ball den Scuid Oilimpeach 2012. D'óstaigh Club Sacair na hInstitiúide Campa Sacair ag Campas Bhaile an Easpag ó 1 go 5 Iúil. Bhí na 62ú Comórtais Spóirt Chathair Chorcaí ar siúl ag Staidiam Lúthchleasaíochta na hInstitiúide ar 2 Iúil. D'óstaigh an Institiúid Campa Sacair Samhraidh an FAI ag Campas Bhaile an Easpag ó 8 go 12 Iúil. Comhghairdeas leis na mic léinn de chuid CIT, Lorcán McLaughlin (Fear an Chluiche) agus Jamie Coughlan as a mbua i Leaschraobh Iománaíochta Sinsir na hÉireann ar 11 Lúnasa.

H. Nuálaíocht agus Taighde

Go luath i Meán Fómhair fuair Lárionad Taighde Fheidhig MEDIC maoiniú de €1.1m ó Fhiontar Éireann chun feistí leighis a fhorbairt le haghaidh feidhmeanna cliniúla i ndianchúram. D'óstaigh an Institiúid ceardlanna ar oiliúint na fiontraíochta agus giniúint smaointe do 450 dalta dara leibhéal as scoileanna Chathair agus Chontae Chorcaí ar 6 agus 7 Meán Fómhair. Chuaigh Lárionad CoderDojo i mbun feidhmíochta ag Campas Bhaile an Easpag i Meán Fómhair agus breis is 50 dalta scoile ag freastal ar an seisiún ar bhonn seachtainiúil. Feidhmíonn an dara CoderDojo go seachtainiúil ó RCD CIT. Fógraíodh leaba tástála Zero2020 de chuid na hInstitiúide ina buaiteoir Institute of Designers in Ireland Sustainability Award do 2012. Bronnadh duais HP "Innovation4Good" ar fhoireann CoderDojo de chuid na hInstitiúide ag Taispeántas Eolaí Óg BT as an Aip "Revision Precision" a fhorbairt le haghaidh teicnící athbhreithnithe tairbheacha a chur chun cinn. D'óstaigh an Institiúid Searmanas an New Frontiers Entrepreneur Development Programme Showcase and Awards 2012 ar 28 Eanáir. D'fhógair Seán Sherlock TD, Aire Taighde agus Nuálaíochta, bunú Lárionad HINCKS don Bharr Feabhais san Fhiontraíocht ar 28 Eanáir. Bhí Seachtain na Nuálaíochta ar siúl san Institiúid ó 4 go 8 Márta. Tháinig an tseachtain chun deiridh nuair a bronnadh luach €10,000 de dhuaiseanna ag Searmanas Duaiseanna Fiontraíochta CIT 2013 ar 8 Márta. Bronnadh an dara duais ar an mac léinn as an MSC i Néalríomhaireacht, Robert Nolan, sa chatagóir "Best Technology Enabled Solution" ag Gradaim Accenture Leaders of Tomorrow ar 11 Aibreán. Bhí SciFest 2013 ar siúl san Institiúid ar 19 Aibreán agus é arna oscailt ag Seán Sherlock TD, Aire Taighde agus Nuálaíochta, agus cuireadh ar taispeánt ann 146 tionscadal a thaispeáin 330 rannpháirtí ó 25 scoil dara leibhéal as Contae agus Cathair Chorcaí. Bhí Seán Sherlock TD, Aire Taighde agus Nuálaíochta, i gceannas ag Seoladh na Tacaíochtaí agus na Seirbhísí atá á dtairiscint do chuideachtaí in Éirinn ag Tionscadal TESLA (tionscadal trasnáisiúnta atá maoinithe ag an AE a bhfuil mar aidhm aige tacú le fás agus forbairt thosuithe gnó ardchumais ina luathstaid) ar 10 Bealtaine. Thug an United Technologies Research Centre Technical Council cuairt rathúil ar an Institiúid ar 14 Bealtaine. D'óstaigh an Institiúid seachtain tionscanta "Engineering Your Future" do mhic léinn idirbhliana as 26 scoil dara leibhéal i gCorcaigh ar 20 Bealtaine. Bhí Seán Sherlock TD, Aire Taighde agus Nuálaíochta, i gceannas nuair a osclaíodh Lárionad Halpin don Taighde agus Nuálaíocht ag Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann ar 27 Bealtaine. D'óstaigh an Institiúid cuairt ó Ambasadóir na Breataine chun na hÉireann, Dominick Chilcott Uas., agus Paul Caplis Uas., Ceann UK Investment, ar 31 Bealtaine. Bhí Lá Oscailte TEC@Nimbus Industry ar siúl ag Lárionad NIMBUS ar 14 Meitheamh. D'óstaigh an Institiúid Campa Fiontair CIT ag Lárionad Rubicon ó 19 go 23 Lúnasa do 25 fiontraí óg ó scoileanna dara leibhéal i gCathair agus Contae Chorcaí. Bhí Seán Kelly FPE i láthair ag an searmanas bronnta duaiseanna ar 23 Lúnasa.

I. Straitéis Náisiúnta don Ardoideachas

I mí Feabhra 2012, d'fhoilsigh an tÚdarás um Ard-Oideachas (ÚAO) an Próiseas agus na Critéir d'Ainmniú Ollscoil Teicneolaíochta in éineacht le páipéar polasaí ar Thírdhreach don Ardoideachas sa Tódhchaí. I ndiaidh é sin a fhoilsiú, d'farr an tÚAO aighneachtaí ó institiúidí i dtaca leis an tírdhreach a bhí molta. I mí Iúil, rinne an Institiúid aighneacht a chuir in iúl go raibh beartaithe aici ainmniú a lorg mar Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan (MTU) i gcomhar le IT Thrá Lí agus LIT. Rinne IT Thrá Lí agus LIT aighneachtaí comhchosúla.

I mí na Nollag 2012, chinn LIT ar mhalairt treo straitéisigh a leanúint agus tharraing amach as an gcuibhreannas MTU. Tar éis gur tharraing LIT siar, d'fhorbair CIT agus IT Thrá Lí aighneacht fhorlíontach don ÚAO a dheimhnigh go raibh ar intinn againn dul ar aghaidh leis an bplean ainmniúchán a lorg mar ollscoil teicneolaíochta.

Ar 30 Bealtaine 2013, d'fhógair an tAire Oideachais agus Scileanna, Ruairí Quinn TD, roinnt leasuithe ar chumríocht agus rialachas chóras ardoideachais na hÉireann. Mar chuid dá fhógra thug sé aghaidh ar an moladh a bhí curtha i láthair i gcomhar le CIT agus IT Thrá Lí chun Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan (MTU) a chur ar bun. Thug an tAire treoir go rachadh an moladh ar aghaidh go dtí an dara staid den phróiseas i dtreo Ollscoil Teicneolaíochta.

J. Fáiltiú Cathartha

Reáchtáladh Fáiltiú Cathartha ag Halla na Cathrach ar 4 Meitheamh chun ball de Bhord Rialaithe na hInstitiúide, an Comh. James A. Corr, a onóru. Bhí an Comh. Corr ina bhall de Chomhairle Cathrach Chorcaí ar feadh 40 bliain agus meas air mar bhall de Bhord Rialaithe na hInstitiúide le linn an 20 bliain seo caite.

An Dr Brendan J. Murphy
Uachtarán

1.3 Ráiteas maidir le Comhionannas

Is fostóir deiseanna comhionannais í Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí. Tá sí tiomanta d'fhorbairt leanúnach polasaithe agus gnáthamh nach ndéanann idirdhealú ar bhonn inscne, stádas pósta, aoise, míchumais, cine, creidimh reiligiúnaigh, bunúis eitnigh nó claonta ghnéasaigh.

Oibreoidh sí i gcónaí ar son díothú cleachtas míchóir agus cuirfidh sí chun cinn agus forbróidh sí éiteas comhionannais laistigh den Institiúid.

1.4 Gaeilge & Cultúr

Faoi théarmaí Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha (1992) agus Acht na gCáilíochtaí (1999), tá ar an Institiúid aird a thabhairt ar chaomhnú, ar chur chun cinn agus úsáid na Gaeilge agus ar chaomhnú agus ar fhorbairt an chultúir náisiúnta. Tá freagrachtaí ar leith ar CIT de bhrí go bhfuil ceantair Ghaeltachta mar chuid dá réigiún. Tá cuid mhaith oideachais dara leibhéal freisin trí Ghaeilge sa réigiún ar mhian leis an Institiúid a bheith sofhreagrach dó. Lena chois sin, leagann na haltanna in Acht na dTeangacha Oifigiúla ar cuireadh tús feidhme leo trí ordú an Aire Gnóthaí Tuaithe, Pobail agus Gaeltachta, oibleagáidí nua ar an Institiúid.

1.5 Maidir le Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus a Cairt Eagrúcháin

Feidhmíonn Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí thar cheithre phríomhshuíomh i gcathair agus i gcontae Chorcaí:

Campas Bhaile an Easpaig atá suite i mbruachbhailte thiar Chathair Chorcaí
 Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT (CEDC CIT) atá suite i gCathair Chorcaí
 Ceolscoil Chorcaí (CSC CIT) atá suite i gCathair Chorcaí
 Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann (CNMÉ) atá suite i Rinn an Scidígh, Co. Chorcaí

Campas Bhaile an Easpaig

Tá an Príomh-Champas, a bhfuil achar 35 heicteár ann, suite i mBaile an Easpaig agus cuimsíonn sé Dámh na hInnealtóireachta & na hEolaíochta, an Dámh Ghnó & Daonnachtaí, Príomh-Leabharlann CIT, Saoráidí Spóirt agus oifigí an Uachtaráin, an Chláráitheora & Leas-Uachtaráin do Ghnóthaí Acadúla, Leas-Uachtaráin don Fhorbhairt agus an Leas-Uachtaráin do Chúrsaí Airgeadais & Riaracháin.

Tá Lárionad Rubicon agus Lárionad NIMBUS suite ar an gcampas seo freisin.

Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT (CEDC CIT)

Is foirgneamh liostaithe é Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT atá ann ó go luath sna 1900aidí i Sráid Sharman Crawford agus cuimsíonn sé na ranna Mínealaín & Dearadh Ceirmeach, Oideachas Ealaíne & Dearaidh agus Teiripe Ealaíne & Amharc-Oideachas Leantach. Is cuid de CEDC CIT freisin í Roinn na Meán Cumarsáide atá suite ar Champas Bhaile an Easpaig.

Ceolscoil Chorcaí CIT (CSC CIT)

Téann stair CSC CIT siar go dtí 1878 agus tá sí suite anois i saoráid úrscothach ó Mheán Fómhair 2007. Cuimsíonn sí na ranna Staidéar Méarcháir, Staidéar Sreinge, Gaothuirilísí, Cnaguirlísí, Staidéar Gutha & Drámaíochta agus Staidéar Ceoltóireachta & Acadúil.

Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann (CNMÉ):

Tá an coláiste úrscothach seo, atá ag feidhmiú ó 2004, suite i Rinn an Scidígh, Co. Chorcaí. Cuireann sé oiliúint agus oideachas ar fáil don loingeas tráchtála agus do riachtanais neamh-mhíleata Sheirbhís Chabhlaigh na hÉireann (CCÉ). Is iad Seirbhísí NMCI an chuid tráchtála den Choláiste.

1.6 Aonaid agus Lárionaid Speisialta a fheidhmíonn laistigh den Institiúid

Feidhmíonn na Lárionaid agus an tAonad seo a leanas faoi choimirce an Leas-Uachtarán don Fhorbairt

1. Réadlann Chaisleán na Carraige Duibhe (RCD)

Trí bhíthin RCD, tá CIT ag athrú dearcaí i leith na hEolaíochta, na hInnealtóireachta agus na Teicneolaíochta go dearfach agus é mar aidhm aici aitheantas agus meas uirthi mar lárionad barr feabhais i dtaighde agus in oideachas agus i bhfor-rochtain san eolaíocht a bhaint amach. Trí mheán na réalteolaíochta cuireann RCD lárionad barr feabhais san eolaíocht ar fáil do phobal Chorcaí agus don mhór-réigiún, rud a chhothaíonn spéis san eolaíocht, san innealtóireacht agus sa teicneolaíocht. Tugann 25,000 cuairteoir cuairt ar RCD in aghaidh na bliana

2. Lárionad NIMBUS do Thaighde i gCórais Leabaithe Líonraithe

Is foirgneamh taighde úrscothach de 1,800m² a tógadh le sainchuspóir é Lárionad NIMBUS arb é an Grúpa Taighde Straitéiseach um Chórais Leabaithe Líonraithe a chnámh droma. Is é an t-aon lárionad taighde in Éirinn é atá tiomanta don réimse seo. Cuimsíonn NIMBUS an Grúpa Córas Oiriúnaitheachta Gan Sreang, an Grúpa Córas Cliste Comhtháite agus an Lárionad Teicneolaíochtaí do Ríomhaireacht Leabaithe (TEC). Feidhmíonn Lárionad TEC mar an comhéadan príomhúil tionscail le Lárionad NIMBUS agus cuireann “siopa aon stad” ar fáil don nuálaíocht i gcórais leabaithe le haghaidh tionscail sa réigiún. Cuireann Lárionad NIMBUS deis ar fáil do thionscal úsáid a bhaint as saotharlanna tionscail agus teacht ar chláir thacaíochta. Tá foireann de bhreis is 80 idir thaighdeoirí agus mhic léinn iarchéime lonnaithe ann.

Tá freagracht phríomhúil ar thaighdeoirí NIMBUS as feidhmiú agus sochar a bhaint as an Leaba Tástála Náisiúnta Fuinnimh Inmharthana Tógála a cuireadh i gcrích in 2013 ar Champas Bhaile an Easpaig. Tá an leaba tástála, nach bhfuil a leithéid eile in Éirinn, arna páirtmhaoiniú i gcomhar le United Technologies Research Centre, corparáid ilnáisiúnta Mheiriceánach.

Feidhmíonn NIMBUS an tsaoráid um Nuálaíocht Córas agus Seirbhísí Uisce i gcomhar le Comhairlí Chontae agus Chathair Chorcaí agus imríonn ról tábhachtach i Lárionad Mhala um Nuálaíocht Córas.

3. Lárionad Rubicon

Is Lárionad Goir ar champas CIT é Lárionad Rubicon. Lonnaithe anseo tá 50 cuideachta tosaithe eolasbhunaithe agus céimeanna éagsúla forbartha bainte amach acu. Ar an gcéim choincheapa atá cuid de na cliaint, roinnt eile agus a gcéad orduithe ó chustaiméirí á gcur i gcrích acu agus cuid mhaith eile agus iad ag trádáil go hidirnáisiúnta cheana féin. Ó osclaíodh doirse Lárionad Rubicon in Eanáir 2006, tá sé tár éis áit a bhaint amach mar chatalaíoch don nuálaíocht agus don fhiontraíocht i gCorcaigh. Chuaigh síneadh leis an bhfoirgneamh i mbun oibríochta i Meitheamh 2010, rud a chuir méadú ar an spás iomlán goir go 2,100m². Is é is ról do Lárionad Rubicon mar ghoradán ná cuidiú le deilbhíú agus forás gnólachtaí dianeolais go luath ina saol trí spás fisiceach, tacaíocht bainistíochta intí, teacht ar chomhairle agus tacaíocht ó fhoinsí Institiúide a chur ar fáil. Tá mar sprioc ag an Lárionad timpeallacht na cruthaíochta agus na nuálaíochta a spreagadh agus fócas i gcónaí ar fhás gnólachtaí eolasbhunaithe agus taighde tráchtála a chothú i Réigiún an Iar-dheiscirt.

4. Aonad do Thionscadail Nuálaíochta Straitéiseacha

Cuireadh an tAonad do Thionscadail Nuálaíochta Straitéiseacha ar bun chun bainistiú a dhéanamh ar na Tionscadail de chuid an Chiste Nuálaíochta Straitéise (SIF) atá á dtreorú ag CIT An tOideachas san Fhostaíocht (Timthriall 1) agus Mapa Bóhair do Chomhpháirtíochtaí Fostaíochta-Acadúla (Timthriall 2). Is éard atá i gceist leis ná 9 nInstitiúid Teicneolaíochta agus 2 Ollscoil comhpháirtíochta i gcomhar. Tá an tAonad freagrach freisin as an mbaint atá ag CIT le roinnt tionscadal SIF gaolmhara ar a n-áirítear Aistriú Eolais sa Churaclam atá á threorú ag WIT, an Tionscadal Foghlama Solúbtha atá á threorú ag IOTI agus an tionscadal IDEAS agus é á threorú ag UL. Chomh maith le haschuir agus gnéithe airgeadais na dtionscadal a bhainistiú, tá an tAonad freagrach freisin as aschur na dtionscadal a scaipeadh agus as gníomhaíochtaí comhpháirtíochta agus bainteachta a phríomhshruthú.

Feidhmíonn na Lárionaid seo a leanas faoi choimirce Cheann Dámh na hInnealtóireachta & na hEolaíochta:

1. An Lárionad Taighde Bith-Fhionnachtana (BIO-EXPLORE)

Is é atá sa Lárionad Taighde Bith-Fhionnachtana ná grúpa ildisciplíneach taighdeoirí ina bhfuil baill ó na Bitheolaíochtaí, ó Cheimic, Fhisic agus Ionstraimíocht Fheidhmeach agus Innealtóireacht Bhithleighis. Aslonnóidh taighdeoirí BIO-EXPLORE go dtí foirgneamh nua in 2013. Cuirfidh an Lárionad d’Ard-Innealtóireacht Theiripeach (CREATE) timpeallacht ildisciplíneach agus teacht go héasca ar fáil do thionscal agus do thaighdeoirí cuairte.

Cuimsíonn BIO-EXPLORE:

- MEDIC – an Lárionad d’Innealtóireacht Dearaidh agus Nuálaíochta Leighis. Tá ionstraimí nua agus cur chuige á bhforbairt a thabharfaidh roinnt coincheap táirgí leighis go dtí staid an réamhthráchtálaithe gach bliain. Dhá sprioc ardleibhéil atá ag

MEDIC, cur le hacmhainn Taighde Bithleighe agus Eolaíochta Feidhmí CIT agus teicneolaíochtaí leighis agus táirgí a bhfuil acmhainn tráchtála iontu a fhorbairt. Déanfaidh MEDIC na feistí agus na teicneolaíochtaí sin a fhorbairt go dtí an staid ina mbeidh siad inaistrithe go dtí aonán tráchtálaithe (e.g. cuideachta atá ann cheana féin trí mheán chomhaontú ceadúnais NÓ eischuideachtaí campais). Díreoidh MEDIC ar thrí shnáithe taighde: feistí leighis SMART (comhtháthú micrileictreonaice i bhfeistí leighis amhail ionchlannáin ortaipéideacha); Athshlánú Cuidithe (úsáid a bhaint as anailís ar an siúl d'fhonn táirgí agus teicneolaíochtaí a fhorbairt le haghaidh athshlánú íobartach stróic agus/nó feabhas a chur ar fhorbairt fhisiceach le haghaidh leanaí ar a bhfuil parailís cheirbreach; agus Leigheas Teiripeach agus Athghiniúnach – dírithe ar bheangáin ortaipéideacha cnáimhe, comhdhúilí athghiniúnacha agus antabhaictéireacha;

- Taighde Micribhitheolaíochta/Víreolaíochta – dírithe ar scagadh, leithlisiú agus a comhdhúile nua antaimiocróbacha a d'fhéadfadh a bheith ina mbagairt ar shláinte an duine;
- Taighde ar an mBithfhaisnéisíocht – dírithe ar thacú le faisnéis a bhaint as taiscí sonraí bitheolaíochta;
- Taighde ar Bhia – dírithe ar fhabhtú fungasach agus baictéarach a smachtú i dtáirgí déiríochta agus feola, síneadh a chur le seilfré tháirgí úra agus réamhbhitheachtaí a fhorbairt;
- Taighde ar Mhais-Speictriméadracht agus ar Bhith-Ghniómhaithe – dírithe ar leithlisiú, thréithriú agus ar úsáid comhdhúile bithghníomhacha (ar a n-áirítear luibheanna) i raon leathan feidhmeanna. Baintear úsáid as teicnící na mais-speictriméadrachta a bhfuil na taighdeoirí chun tosaigh go domhanda inti, do chuid mhaith den taighde fiosraithe. Tá taighdeoirí CIT ar thús cadhnaíochta san Eoraip sa réimse sin i gcúrsaí bith-thocsainí bia-iompartha.

2. An Lárionad do Chórais Ard-Déantúsaíochta & Bainistíochta (CAMMS)

Tá an lárionad do Chórais Ard-Déantúsaíochta & Bainistíochta nasctha le Roinn na hInnealtóireachta Déantúsaíochta, Bithleighe & Saoráidí agus le Roinn na hInnealtóireachta Meicniúla in CIT. Baineann an Lárionad leas as saineolas dearaidh, tógála, tástála agus bailíochtaithe na Ranna sin chun fadhbanna a réiteach do thionscal agus chun oiliúint agus oideachas atá cothrom le dáta a sheachadadh. Ar na teastasuithe atá ar fáil tá City and Guilds, American Society for Quality agus Cumann na hInnealtóirí Déantúsaíochta. Is Comhbhall é an Lárionad den Institiúid Idirnáisiúnta do Thaighde Innealtóireachta Táirgthe (CIRP) agus Soláthraí aitheanta Oiliúna d'Fhorbairt Leanúnach Ghairmiúil Innealtóirí Éireann. Féadfar cláir shaindeartha a sheachadadh sa láthair oibre nó ag CIT.

3. Lárionad d'Oideachas Ailtireachta Chorcaí (CCAÉ)

Is comhfhiontar é idir Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus Coláiste Ollscoile Chorcaí a bunaíodh in 2006 agus Comhairle Chathair Chorcaí agus gairm na hailtireachta laistigh den réigiún ag tacú leis, is fiontar uathúil é Lárionad d'Oideachas Ailtireachta Chorcaí agus is forbairt nádúrtha é ar an gcomhoibriú agus ar an gcomhpháirtíocht thrasinstiúideach.

Cuireann sé fochéimeanna agus iarchéimeanna comhdháfa (múinte agus taighde) in Ailtireacht ar fáil.

4. An Lárionad Glan-Teicneolaíochta (CTC)

Cuireadh CTC, atá suite ag Campas Bhaile an Easpaig, ar bun in 1992 mar eagraíocht neamhbhrabúsach agus é dírithe ar chuir chuige choisctheacha do chosaint an chomhshaoil. Is uathúil mar a tháinig an CTC ar an bhfód agus mar ar tugadh tacaíocht dó. In ngach tír ina bhfuil lárionad barr feabhais dá leithéid, is ag nó i gcomhar le rialtas áitiúil nó leis an rialtas náisiúnta amháin a bunaíodh iad. Ach ba mhar thoradh ar fhadhbheathnaitheacht Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí a cruthaíodh CTC go príomha agus mar léiriú ar fhreagracht shóisialta chorparáideach tionscail.

Is comhlacht neamhspleách é an CTC, arb é a misean comhairle agus cabhair a thabhairt do thionscal, don rialtas agus don tsochaí araon maidir le patrún inbhuanaithe tomhaltas agus táirgeachta níos fearr. Cinntíonn iontaofacht agus cáil an CTC measúnú neamhchlaonta ar shaincheisteanna comhshaoil. Is é atá mar sprioc aige tomhaltas agus patrún táirgeachta a bhogadh i dtreo chur chuige atá níos coiscstigh, trí Tháirgeacht Níos Glaine agus úsáid na Teicneolaíochta Níos Glaine. Baineann buntáistí eacnamaíochta, sóisialta, sláinte, sábháilteachta agus comhshaoil le táirgeadh níos glaine. Ó shin i leith, tá forás tagtha air sin go dtí "táirgeacht inbhuanaithe" a bhfuil san áireamh inti gnéithe amhail freagracht shóisialta chorparáideach.

Óna thús, aithníodh CTC mar lárionad barr feabhais i réimse an bhainistithe comhshaoil agus mar cheann den dream is mó a chuireann chun cinn an táirgeacht níos glaine agus na gcur chuige coiscstheach le haghaidh chosaint an chomhshaoil in Éirinn agus san Eoraip. Bhí sé gníomhach riamh i dtaighde agus sainchomhairleacht i gcúrsaí comhshaoil chun comhairle mhaith agus cabhair a chur ar fáil do raon leathan cliant náisiúnta agus idirnáisiúnta. Orthu siúd áirítear cuideachtaí aonair, grúpaí eanálacha, agus scátheagraíochtaí tionsclaíoch. Tá punann tionsclaíoch de bhreis agus 250 cuideachta ag CTC. Ar na cliant eile tá údarás áitiúla, áisíneachtaí náisiúnta, Ranna Rialtais chomh maith le roinnt Stiúrthóireachtaí Ginearálta de chuid Choimisiún na hEorpa. Chuir CTC 120 tionscadal taighde ar an gcomhshaoil i ngníomh le breis agus 100 comhpháirtí as breis is 30 tír.

5. An Lárionad d'Ardfhótónaic & Anailís Próisis (CAPPa)

Déanann CAPPa taighde feidhmeach agus bunúsach araon ar an bhfótónaic le haghaidh feidhmeanna i réimsí atá chomh héagsúil leis an teileachumarsáid, feistí leighis, bia agus déantúsaíocht cógasaíochta. Is éard atá san fhótónaic ná solas a ghiniúint agus a ionramháil agus is príomhtheicneolaíocht chumasaithe í i raon leathan topaicí. Cuimsíonn Lárionad CAPPa breis is 20 taighdeoir agus mac léinn iarchéime, agus tá sé lonnaithe i saotharlanna ar champas Bhaile an Easpaig (tá sé le bogadh go dtí foirgneamh nua taighde CREATE), agus in Institiúid Náisiúnta Tyndall mar chuid den chomhoibriú CIT@Tyndall. Ó 2008, bronnadh maoiniú air de bhreis is €10m, ó fhoinsí státchiste agus neamh-státchiste araon, ar a n-áirítear SFI, Fiontar Éireann, ÚAO, AE FP7 agus tionscal, agus d'fhoilsigh breis is 60 páipéar piara-léirmheasta. Tá sainchúram, ag Gateway Technology agus CAPPa atá maoinithe ag Fiontar Éireann, ar leanúint ón Lárionad Feabhsúcháin Taighde CAPPa a bhí ann roimhe sin, díriú ar rannpháirtíocht i dtionscal agus i dtaighde feidhmeach comhoibritheach. Déanann CAPPa idirghníomhaíochtaí rathúla le breis is 30 cuideachta náisiúnta agus Eorpacha, sa raon sainchomhairleoireacht ghearrthéarma ó FMEA agus Process Excursions go tionscadail comhoibritheacha ilbhliantula tionsclaíocha agus acadúla.

Is comhpháirtí é CAPPa i Lárionad Taighde Chomhtháite Fótónaice na hÉireann (I-PIC). Ceann de na seacht Lárionad Taighde é sin a mhaoinigh SFI in 2013 sa chistiú stáit/tionscail/taighde is mó riamh in Éirinn, a mbeidh iomlán de €300m i gceist leis thar 6 bliana. Ba í CIT an t-aon institiúid teicneolaíochta a maoiníodh sa ghla. Laistigh de lárionad I-PIC, a chosain €23m, beidh CAPPa ag obair ar thionscadail in éineacht le 6 cuideachta réigiúnacha, cuideachtaí ilnáisiúnta agus frontair bheaga agus mheánacha, chomh maith le croíthaighde a bhaineann go hábhartha le gach ball den lárionad.

Feidhmíonn an tAonad seo a leanas faoi choimirce Cheann na Dáimhe Gnó & Daonnachtaí

1. Lárionad Hincks don Bharr Feabhais san Fhiontraíocht

D'fhógair CIT cruthú an Lárionaid don Bharr Feabhais san Fhiontraíocht, Lárionad Hincks, ar 29 Eanáir 2013. Agus an chéad Lárionad don Bharr Feabhais san Fhiontraíocht á cruthú aici, tá CIT ag cur lena tiomantas fada láidir tacú leis an iarracht fiontraíochta ag an leibhéal áitiúil agus an leibhéal náisiúnta. Tá i gceist ag CIT aghaidh a thabhairt ar an mbearna atá san acmhainn reatha in Éirinn oiliúint agus tacaíocht a thabhairt do na grúpaí leasmhara go léir a thugann tacaíocht agus cothú don fhiontraíocht. Rachaidh Lárionad Hincks i ngleic freisin le roinnt bearnaí tábhachtacha sa taighde reatha ar an bhfiontraíocht i gcomhthéacs na hÉireann de agus bainfidh leas as na haschuir seo chun cuidiú le polasaí agus staitéis náisiúnta a fhoirmiú.

Beidh Lárionad Hincks dírithe ar thrí philéar gníomhaíochta: lucht foirne tacaíochta fiontraíochta agus fiontraíthe a oiliúint, taighde ar an bhfiontraíocht in Éirinn d'fhonn cuidiú le polasaí náisiúnta a fhoirmiú agus oideachas agus creidiúnú oideachasóirí fiontraíochta. Cuirfidh comhcheangal na snáithí seo den fhócas fiontraíochta ar chumas CIT a cuid gníomhaíochta a leathnú sa todhchaí agus déanfaidh breis luacha fiú a sheachadadh do pháirtithe leasmhara CIT.

Ar na garthosaíochtaí de chuid an Lárionaid tá clár úrnua chun feabhas a chur ar scileanna lucht foirne in institiúidí airgeadais d'fhonn an tacaíocht is fearr a thabhairt d'fhiontraíthe i ngnólachtaí tosaithe agus SMEanna araon. Cuirfidh Lárionad Hincks clár úr ar fáil a bheidh tiomanta d'oiliúint foirne i ngorlanna gnó agus in áisíneachtaí tacaíochta frontair. Aithneofar toscaí ratha nó teipe na ngnólachtaí tosaithe, i gcomhthéacs na hÉireann, i bpríomhréimsí amhail straitéis díolcháin agus maoinithe. Cuirfear clár "Oil na hOiliúnóirí" ar fáil do léachtóirí agus múinteoirí fiontraíochta. Le hais na dtionscnamh sin agus na ngníomhaíochtaí atá ar siúl, tá beartaithe ag an Lárionad aghaidh a thabhairt ar na príomhréimsí seo: an Infhiontraíocht agus In-chuideachtaí, an Fhiontraíocht Shóisialta, agus an Fhiontraíocht ag an Dara Léibhéal.

Feidhmíonn an tAonad seo a leanas faoi choimirce Choláiste Náisiúnta Mara na hÉireann

1. Seirbhísí Tráchtála Choláiste Náisiúnta Mara na hÉireann (NMCIS)

Is é NMCIS rannóg tráchtála CNMÉ. Tá mar sprioc aige seirbhís d'ardchaighdeán a bhaint amach agus a sheachadadh do na bonncustaiméirí atá aige faoi láthair nó a bheidh aige sa todhchaí. Is é feidhm phríomhúil na seirbhísí ná gníomhaíochtaí tráchtála uile an Choláiste a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt dóibh. Tá sceideal bliantúil tráchtála de chúrsaí gearra gairmiúla muirí ullmhaithe ag NCMIS, ina bhfuil liosta de na cúrsaí gearra uile atá ar sceideal na bliana. Cuireann sí sainchúrsaí grúpa ar fáil freisin do chuideachtaí sa tionscal. Déanfaidh mairnéalaigh ghairmiúla d'ardchaighdeán a cuid cliant go léir a oileadh go dtí na caighdeáin is airde

GAC Training & Service Solutions Limited (GTSS)

- Is cuideachta chomhfhiontair í GAC GTSS a seoladh ar 11 Feabhra 2010 idir GAC agus CNMÉ. Cuireann sí sábháil chostais agus réitigh nuálaíochta oiliúna ar fáil do na hearnálacha Muirí, Iompar agus Tráchtarraí. Nascann GTSS líonra GAC, teagmhálacha tráchtála, saíneolas agus eolas ar chúrsaí loingis dhomhanda, loighistic agus tionscal na mara le saoráidí thar barr CNMÉ. Tá an chomhpháirtíocht seo dírithe ar phunann iomlán cúrsaí oiliúna a sheachadadh do mhairnéalaigh agus do phearsanra loingis talamhbhunaithe agus oibríochtaí tráchtarraí. Feidhmíonn GTSS faoi Roinn Tráchtála an Choláiste, NMCI, agus tá sí á comhordú ar an talamh ag Feidhmeannach Margaíochta GTSS faoi stiúir Bhainisteoir Seirbhísí CNMÉ i gcomhpháirtíocht le Leas-Uachtarán Solutions GAC. Tá a cuid Bord Stiúrthóirí féin aici agus suíocháin ar an mBord ag príomhbhaill foirne ón dá scairshealbhóir. Tá an post Stiúrthóir Bainistíochta/Rúnaí Cuideachta ag Bainisteoir NMCI.

SEFtec NMCI Offshore Limited (SNO)


- Is cuideachta chomhfhiontair í SNO idir CNMÉ agus SEFtec Global Training Ireland Limited (SGT). Is é a príomhról ná mar fheithicil chun saíneolas ar oiliúint fharráige SGT, atá ar chaighdeán domhanda, ar mhaithe le caighdeáin agus creidiúnú do chúrsaí OPITO don tionscal farráige a bhaint amach. Oibríonn SNO faoi roinn tráchtála an Choláiste, i.e. NMCI Commercial Services (NMCI), agus déanann Comhordnóir Cúrsaí Farráige í a bhainistiú ar an talamh faoi stiúir Bhainisteoir NMCI. Tá a Bord Stiúrthóirí féin aici agus suíocháin ag príomhbhaill foirne ón dá scairshealbhóir ar an mBord. Is ag Bainisteoir NMCI atá an post mar Stiúrthóir Bainistíochta SNO. Is é Bainisteoir Airgeadais CIT an Rúnaí Cuideachta.

2. Lárionad Halpin don Taighde agus Nuálaíocht

Ar 27 Bealtaine 2013, sheol Seán Sherlock TD, Aire Stáit don Taighde & Nuálaíocht, Lárionad Halpin go hoifigiúil ag CNMÉ. Cuirfidh an fhorbairt nua spreagúil seo le cáil idirnáisiúnta CNMÉ tuilleadh mar lárionad muirí barr feabhais. Cuireann an seoladh i gcrích forbairt inmheánach CNMÉ ag a bhfuil trí philéar gníomhaíochtaí: Oideachas agus Oiliúint Mhuirí, Sainchúrsaí agus Cúrsaí Saincheaptha do thionscal a sheachadann NMCI Services agus, anois, gníomhaíochtaí Taighde agus Nuálaíochta trí Lárionad Halpin don Taighde agus Nuálaíocht.

Beidh an lárionad ina philéar tábhachtach i Rinn a Scidigh ag an gCampas iMERC, atá ag forbairt go mear, agus éascóidh dá réir sin inchuir thaighde CIT agus Seirbhís Chabhlaigh na hÉireann don iarracht fhoriomlán taighde i bhfuinneamh muirí inbhuaíne. D'éirigh go luath leis maoiniú suntasach taighde Eorpach a mhealladh agus tá baint ag an lárionad le deich dtionscadal atá á maoiniú ag an AE. Ina theannta sin tá an lárionad ag comhoibriú le Cuideachtaí Beaga agus Meánacha agus le cuideachtaí ilnáisiúnta chun cabhrú leo táirgí agus seirbhísí nua a fhorbairt agus tá comhoibreoirí idirnáisiúnta aige i gCeanada agus ar fud an AE. Chabhraigh comhairle agus tacaíocht ó chomhpháirtithe in UCC atá bainteach le fada le Fuinneamh In-athnuaite Muirí le Lárionad Halpin chun dul i ngleic go gasta agus go héifeachtach leis an earnáil sin tionscadail a fháil a bhaineann le riachtanais oiliúna sa todhchaí agus le húsáid na teicneolaíochta ionsamhlúcháin san earnáil sin.

Aonaid agus Lárionaid Speisialta a oibríonn laistigh den Institiúid agus an gaol atá acu le Cairt Eagrúcháin na hInstitiúide



1.7 Forbairt Saoráidí Spóirt

D'ainneoin fhairsingiú na hInstitiúide i dtéarmaí líon na mac léinn ó osclaíodh í in 1974, ba ghann iad na saoráidí spóirt agus go háirithe saoráidí spóirt lasmuigh nach raibh iontu i lár na 1990dí ach páirc amháin CLG, páirc rugbaí agus cúirteanna tarmac leadóige.

Chun an t-easnamh sin sna saoráidí spóirt a chúiteamh, thug an Institiúid faoi forbairt a mhair deich mbliana a d'athraigh sócmhainní spóirt na hInstitiúide ó thús lag go dtí an staid ina bhfuil siad sa lá inniu nuair is ábhar éada saoráidí spóirt lasmuigh CIT don earnáil oideachais tríú leibhéal ar fud na tíre.

Ba é an chéad chuid den mháistirphlean don forbairt spóirt a dhréachtaigh Michael Horgan Uas. de chuid Horganlynch Consulting Engineers ná páirc nua rugbaí a thógáil agus í suite ar an taobh thiar den champas agus gar do pháirc CLG. D'fhág tógáil na páirce sin go raibh an suíomh ar an tseanpháirc rugbaí saor agus osclaíodh páirc uile-aimsire shintéiseach ansin in 2000. Is léir an rath atá ar an bpáirc uile-aimsire, ar féidir léi freastal ar hacaí, sacair agus CLG, ón síor-úsáid a bhaineann mic léinn, baill foirne agus cumainn sheachtracha agus grúpaí aisti.

Ba é an chéad chéim eile agus an chéim ba uailmhianaí den mháistirphlean ná gur ceannaíodh le haghaidh chúrsaí spóirt thart ar 8.91 heicteár taobh thiar d'Abhainn an Churraichín ar ar tugadh "Rock Farm". I ngeall ar a ghaire don abhainn bhí an talamh íseal i mbaol tuilte. Dá bhrí sin ar feadh tréimhse trí bliana cuireadh clár líonta ar siúl chun an t-achar i gcoitinne a ardú de thart ar 2 mhéadar. Ar chríochnú dó, baineadh as an líonra leitheadach línte BSL a bhí ag trasnú an tsuímh agus bhíodhas in ann ansin 6 pháirc ghaineamh-bhunaithe a thógáil le haghaidh CLG, sacair agus rugbaí. Rinne sé sin líon iomlán de 9 bpáirc imeartha féir nuair a chuirtear an raon lúthchleasaíochta istigh sa pháirc san áireamh.

Chun freastal a dhéanamh ar na páirceanna imeartha sin agus chun ionad úrscothach do na féachadóirí a chur ar fáil, tógadh ardán clúdaithe in 2007 le suíocháin a raibh cóir suí ann de 1,150 chomh maith le 6 sheomra gléasta, seomra réiteora, seomra leighis, giomnásiam agus achar sóisialta.

Chomh maith leis na forbairtí atá liostaithe thuas, tá lán-tuilsoilsiú ag trí pháirc imeartha chun gur féidir cluichí agus oiliúint oíche a bheith ar siúl iontu agus tógadh cúirt leadóige le cairpéad sintéiseach freisin. Tá cóiríocht ann do spórt agus oiliúint laistigh i halla mór spóirt atá trealmhaithe go maith agus giomnásiam lán-trealmhaithe, atá suite go lárnach ar champas.

D'oscail an tAire Fiontar, Trádála agus Nuálaíochta, Batt O'Keeffe, TD an Seastán Nua go hoifigiúil ag Lárionad Spóirt na hInstitiúide, Baile an Easpaig ar 4 Meitheamh 2010.



Sa bhliain acadúil 2010/2011, ghlac an Institiúid páirt shuntasach i roinnt imeachtaí a raibh an rath orthu go minic. Bhí na páirceanna agus na saoráidí dea-ullmhaithe mar óstach d'an-chuid comórtas i rith na bliana, ar a n-áirítear cluichí scoile, Craobh Camógaíochta Chontae Chorcaí na scoileanna, Spóirt Chathair Chorcaí, Míle GOAL, Craobhacha Trastíre Scoileanna na Mumhan & na nOllscoileanna, WSCAI Idir-Ollscoileanna, Cadhcáil Idir-Ollscoileanna Dornálaíocht Nóibhiseach Idir-Ollscoileanna, agus Craobhacha Rugbaí Cholaistí Uile-Éireann. Chuir CIT áiseanna traenála ar fáil do roinnt foirne idirchontae, ar a n-áirítear Peileadóirí agus Camógaíocht na mBan Chorcaí ó faoin aois go Leibhéal na Sinsear, foireann Chorn Kennedy Chorcaí, Scoileanna Barr Feabhais i gCamógaíocht, Sacar na mBan, agus CLG.

I mBealtaine 2011, shínigh CIT comhaontú 4 bliana le Rugbaí na Mumhan faoinar bunaíodh baill de Scud Gairmiúil na Mumhan agus an Acadaimh san Halla Gleacaíochta Elite de chuid CIT mar cheanncheathrú ar Champas Bhaile an Easpaig.

Chomh maith le freastal ar an lúthchleasaí iomaíoch, leagann an Institiúid béim mhór ar an rannpháirtíocht agus ar an spraoi agus léirítear é sin sa líon mac léinn atá ag dul i méid a ghlacann páirt.

In Eanáir 2012, shínigh CIT comhaontú le Bord Chontae Chorcaí faoinar lonnaíodh ceanncheathrú phainéal lománaíochta Sinsearaí Chorcaí ag Campas Bhaile an Easpaig. Úsáideann siad na seirbhísí spóirt agus na seirbhísí coimhdeacha dá a gcuid oiliúna agus forbartha.

Is fada agus is rathúil é traidisiún CIT agus í ag iarraidh cabhrú le cuid de na pearsana tréitheacha spóirt is mó in Éirinn a fhorbairt. Is mian léi an traidisiún sin a neartú agus a chur chun cinn trí thacaíocht shuntasach a thabhairt don Lúthchleasaí Tréitheach Mic Léinn agus d'Fhoirne Ardfeidhmíochta.

Sa bhliain acadúil 2012/13, chun a tiomantas do chúrsaí spóirt a aibhsiú, lean CIT dá Scoláireachtaí Bliantúla Spóirt a bhronnadh ar raon leathan spóirt do na Sinsir agus do Mhic Léinn na chéad bhliana. Bronnadh 107 Scoláireacht Spóirt ar lúthchleasaithe fireanna agus baineanna as 20 spórt éagsúil. Bronntar na Scoláireachtaí seo ar mhic léinn a léiríonn leibhéal arda éachtaí, agus tiomantais don spórt is rogha leo agus go háirithe dílseacht don spórt sin laistigh den Institiúid. Is mar seo a leanas an miondealú ar na Scoláireachtaí a bronnadh:

- 84 Scoláireacht Spóirt CIT (42 Céad Bhliain/Forbairt agus 42 Sinsear) don Lúthchleasaíocht, Chispheil, Chamógaíocht, Rothaíocht, Dé-CLG, Peil, Galf, Rásaíocht Chapaill, Iománaíocht, Motocross, Tréantógáil Meáchan, Liathróid Raicéid, Rámhaíocht, Rugbaí, Seoltóireacht, Sacar, Leadóg Boird, Tae Kwon Do, agus Leadóg;
- 13 Scoláireacht de chuid Chomhairle CLG na Mumhan;
- 7 Scoláireacht de chuid Comhairle Rugbaí na Mumhan;
- 2 Scoláireacht de chuid Chomhairle na Mumhan/Cadburys faoi 21;
- 1 Scoláireacht Jonathan Herlihy Foundation.

Ar na buntáistí a bhaineann leis an tseirbhís do na faighteoirí cuimsítear rochtain ar Shaoráidí Spóirt CIT, ar a n-áirítear an Giomnásium & Seomra Meáchan Elite, Cainteanna & Ceardlanna Oideachais Spóirt, agus Líonra Tacaíochta Meantóireachta.



2. Rialachas

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

- 2.1 Ballraíocht an Bhord Rialaithe
- 2.2 Cruinnithe an Bhord Rialaithe
- 2.3 Bord Feidhmiúcháin na hInstitiúide (BFI)
- 2.4 Foireann Shinsearach na hInstitiúide

2.1 Ballraíocht an Bhord Rialaithe

Is iad na hAchtanna Coláistí Teicniúla Réigiúnacha, 1992 agus 1994, a chinneann comhdhéanamh an Bhord Rialaithe. Ceaptar na gnáthbhaill seachas beirt ionadaithe na mac léinn ar feadh tréimhse cúig bliana.

Ceaptar beirt ionadaithe na mac léinn ar feadh tréimhse d'aon bhliain amháin suas go dtí 30 Meán Fómhair.

Is í ballraíocht an Bhord Rialaithe ó 1 Meán Fómhair 2012 mar seo a leanas:

Bob Savage Uas., Cathaoirleach (Ainmnitheach an Aire Oideachais agus Scileanna)
An Dr Brendan J. Murphy, Uachtarán, CIT (Ex Officio)

Baill an Bhoird Rialaithe de réir Alt 4 d'Acht 1994.

Seisear arna cheapadh faoi Alt 4(1)(a) agus (b)

An Comh. Catherine Clancy (Ainmnitheach CGO Chathair Chorcaí)
An Comh. James A. Corr (Ainmnitheach CGO Chathair Chorcaí)
Ted Owens Uas. (Ainmnitheach CGO Chathair Chorcaí)
Barra Ó Briain Uas. (Ainmnitheach CGO Chontae Chorcaí)
An Comh. Mary Hegarty (Ainmnitheach CGO Chontae Chorcaí)
An Canónach G. A. Salter (Ainmnitheach CGO Chontae Chorcaí)

Beirt arna cheapadh faoi Alt 4(1)(c)

An Dr Áine Ní Shé (Ainmnitheach na Foirne Acadúla)
John O'Sullivan Uas. (Ainmnitheach na Foirne Acadúla)

Duine amháin arna cheapadh faoi Alt 4(1)(d)

Eoin Deane Uas. (Ainmnitheach na Foirne Neamh-Acadúla)

Beirt arna cheapadh faoi Alt 4(1)(e)

Chris Scanlon Uas. (Ainmní Aontas na Mac Léinn) go dtí 30 Meán Fómhair 2012
Niamh Hayes Uas. (Ainmnitheach Aontas na Mac Léinn) go dtí 30 Meán Fómhair 2012
Danny O'Donovan Uas. (Ainmnitheach Aontas na Mac Léinn) go dtí 30 Meán Fómhair 2013
Niamh Hayes Uas. (Ainmnitheach Aontas na Mac Léinn) go dtí 30 Meán Fómhair 2013

Duine amháin arna cheapadh faoi Alt 4(1)(f)

Ann Piggott Uas. (Ainmnitheach Chomhdháil Cheardchumann na hÉireann)

Cúigear arna cheapadh faoi Alt 4(1)(g)

Valerie Gleeson Uas. (Ainmnitheach na Comhairle Ealaíon)
Mary Keane Uas. (Ainmnitheach Chumann Príomhoidí agus Leas-Phríomhoidí na Scoileanna Iarbhunoideachais)
Billy O'Neill Uas. (Ainmnitheach Institiúid Innealtóirí na hÉireann)
Mark Whitaker Uas. (Ainmnitheach Chumann Tráchtála Chorcaí)
Jim Woulfe Uas. (Ainmnitheach an Irish Co-Operative Organisation Society Ltd.)

2.2 Cruinnithe Bord Rialaithe

Le linn na tréimhse ó 1 Meán Fómhair 2012 go 31 Lúnasa 2013, bhuail an Bord Rialaithe le chéile naoi n-uaire ar leith. Bhuail siad le chéile ar na dátaí seo a leanas:

Déardaoin 4 Deireadh Fómhair 2012

Déardaoin 1 Samhain 2012

Déardaoin 6 Nollaig 2012

Déardaoin 7 Feabhra 2013

Dé hAoine 8 Márta 2013

Déardaoin 4 Aibreán 2013

Dé hAoine 3 Bealtaine 2013

Déardaoin 31 Bealtaine 2013

Déardaoin 4 Iúil 2013

2.3 Bord Feidhmiúcháin na hInstitiúide (BFI)

Cuireadh Bord Feidhmiúcháin na hInstitiúide ar bun agus thionóil sé a chéad chruinniú i mí an Mhárta 2004. Is iad a ról agus a chuid feidhmeanna mar seo a leanas:

Is coiste neamh-reachtúil de chuid na hInstitiúide é Bord Feidhmiúcháin na hInstitiúide. Is é ról Bhord Feidhmiúcháin na hInstitiúide ná cabhrú leis an Uachtarán i mbainistiú na hInstitiúide agus polasaí Institiúide a cheapadh le haghaidh faofa ag an mBord Rialaithe, ar a n-áirítear gnóthaí acadúla, saincheisteanna oibríochtúla, na tuairiscí bliantula, agus cláir agus buiséid na hInstitiúide. Dá bhrí sin is uirlis sheasta é Bord Feidhmiúcháin na hInstitiúide de chomhchomhairle inmheánach idir Oifig an Stiúrthóra agus an fhoireann shinsearach thar fheidhmeanna uile acadúla agus riaracháin na hInstitiúide.

Is mar seo a leanas atá comhdhéanamh Bhord Feidhmiúcháin na hInstitiúide:

An Dr Brendan J. Murphy, Uachtarán

An Dr Barry O'Connor, Cláraritheoir & Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Acadúla

Paul Gallagher Uas., Leas-Uachtarán d'Airgeadas & Riarachán

Michael Delaney Uas., Leas-Uachtarán don Fhorbairt agus Ceann Gníomhach Choláiste Náisiúnta Mara na hÉireann

Michael Loftus Uas., Ceann Dámh na hInnealtóireachta & na hEolaíochta

Damien Courtney Uas., Ceann na Dáimhe Gnó & Daonnachtaí

An Dr Geoffrey Spratt, Stiúrthóir, Ceolscoil Chorcaí CIT

Orla Flynn Uas., Ceann, Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT

Tadhg Leane Uas., Ceann na Forbartha Straitéisí

Buaileann Bord Feidhmiúcháin na hInstitiúide le chéile ar bhonn míosúil agus ar uaireanta eile a meastar a bheith riachtanach. Déanann an tUachtarán nó ainmnitheach an Uachtaráin laistigh den Bhord cathaoirleacht air. Bíonn Rúnaí Taifeadta i láthair ag gach cruinniú chun mionsonraí cruinnithe a thaifeadadh. Scaiptear tuairiscí óna gcuid cruinnithe ar an mBord Rialaithe agus bíonn siad le fáil ag an bhfoireann trí Gateway (inlín na foirne).

2.4 Foireann Shinsearach na hInstitiúide

Is comhscoileanna de chuid CIT iad Ceolscoil Chorcaí CIT, Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT agus Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann.

Uachtarán

An Dr Brendan J. Murphy, BA, MA, PhD, FSS, FICS, CEng, FIEI

Bord Feidhmiúcháin na hInstitiúide

Cláraitheoir & Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Acadúla
Leas-Uachtarán d'Airgeadas & Riarachán

An Dr Barry O'Connor, BE, MEngSc, PhD, BCL, CEng, MIEI
Paul Gallagher Uas., MSc, FCMA

Leas-Uachtarán don Fhorbairt

Michael Delaney Uas., MSc, MEd, MIBioll, HDipEd, MICI, MESAI, ATCL

Ceann Dámh na hInnealtóireachta & na hEolaíochta

Michael Loftus Uas., BE, MEngSc, MICS

Ceann na Dáimhe Gnó & Daonnachtaí

Damien Courtney Uas., BA, MA(Louv), MPhil(Louv), MIUSSP

Ceann Choláiste Náisiúnta Mara na hÉireann (Gníomhach)

Michael Delaney Uas., MSc, MEd, MIBioll, HDipEd, MICI, MESAI, ATCL

Stiúrthóir, Ceolscoil Chorcaí CIT

An Dr Geoffrey Spratt, BA, PhD

Ceann, Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT

Orla Flynn Uas., MSc, MA, MICS, MIDI

Ceann na Forbartha Straitéisí

Tadhg Leane Uas., BA, MSc

Poist Shinsearacha Eile

Ceann Taighde

An Dr Niall Smith, BSc, PhD

Déan d'Fheabhsúchán Cáilíochta Acadúla

An Dr Stephen Cassidy, BE, MEngSc, PhD, CEng, Eurlng, MIEI

Ceann Rannpháirtíochta & Coinneála Mic Léinn

Marese Birmingham Uas., BComm, HDipEd, HDipGC, MIGC

Ceann Champas Leathnaithe CIT

An Dr Irene Sheridan Uas., BE, MEngSc, PhD

Ceann Lárionad NIMBUS

An Dr Dirk Pesch, Dipl. Ing, PhD, IEEE, IEI, ACM

Ionadaí Dáimhe Acadúla, Dámh na hInnealtóireachta &

Daithí Fallon Uas., BE, MEngSc, CEng, MSc

Eolaíochta, Campas Leathnaithe CIT

Ceann Seacadadh Ar Líne

Tim Horgan Uas., Btec, MSc

Bainisteoirí Príomhsheirbhísí

Bainisteoir Riaracháin & Gnóthaí Mac Léinn

An Dr Dan Collins Uas., MEd, BA, BD, PhD

Bainisteoir Foirgneamh & Eastát

Kevin McCarthy Uas., MSc, CEng, MIEI

Bainisteoir Airgeadais

John Cogan Uas.

Bainisteoir Acmhainní Daonna

Anthony Collins Uas., BA

Bainisteoir Idirchaidrimh le Tionscal

Josette O'Mullane Uas., BComm, ACMA

Bainisteoir TF

Jonathan McCarthy Uas., BSc, MA, PostgradDip

Leabharlannaí

Derry Delaney Uas., BA, DLIS

CAMPAS BHAILE AN EASPAIG:

DÁMH NA HINNEALTÓIREACHTA & NA HEOLAÍOCHTA

Ceann na Dáimhe

Michael Loftus Uas., BE, MEngSc, MICS

Scoil Innealtóireachta Foirgníochta & Sibhialta:

Ceann na Scoile

An Dr Joseph Harrington, BE, MS, PhD, CEng, FIEI, Eurlng, PE

Ceann na Roinne Ailtireachta

Katherine Keane Uas., BSc in Arch, MArch, ARIAI

Ceann na Roinne Innealtóireachta Sibhialta,

Desmond Walsh Uas., BE, MSc, DIC, CEng, MIEI, MICE

Struchtúrtha & Comhshaoil

Ceann na Roinne Foirgníochta

An Dr Daniel Cahill, MSc, PhD, MRICS

Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla, Leictrí & Próisis:

Ceann na Scoile

Matt Cotterell Uas., BE, MED, CMfgE, MIEI, AMIMEchE

Ceann na Roinne Innealtóireachta Leictrí & Leictreonaice

An Dr Joe Connell, BSc (Eng), MSc (Eng), PhD, CEng, FIEI, MIEEE

Ceann na Roinne Innealtóireachta Meicniúla,
Bithleighis & Déantúsaíochta (Gníomhach)

An Dr Gerard Kelly, BE, MEngSc, PhD

Ceann na Roinne Innealtóireachta Próisis, Fuinnimh & Iompair

An Dr Michael J. O'Mahony, BE, MEngSc, PhD, MIEI

Scoil na hEolaíochta & na Faisnéisíochta

Ceann na Scoile (Gníomhach)

An Dr Hugh McGlynn, BSc, PhD, FHEA

Ceann na Roinne Fisice Feidhmí & Ionstraimíochta

An Dr Liam McDonnell, BSc, PhD, CPhys, FInstP

Ceann na Roinne Eolaíochtaí Bitheacha (Gníomhach)

An Dr Brendan O'Connell, BSc (Onór), PhD

Ceann na Roinne Ceimice

An Dr John Wood, BSc, PhD, CChem, MRSC, FIC

Ceann na Roinne Ríomhaireachta

Jim O'Dwyer Uas., BA(Mod), HDipEd, CEng, FICS, MBCS

Ceann Roinn na Matamaitice

An Dr Áine Ní Shé, BEd, MA, PhD, LRSM, LTCL

DÁMH GHNÓ & DAONNACHTAÍ

Ceann na Dámhne

Damien Courtney Uas., BA, MA(Louv), MPhil(Louv), MIUSSP

Scoil Ghnó:

Ceann na Scoile

Gerard O'Donovan Uas., BComm, MBA, MMII, MICS

Ceann na Roinne Cuntasaíochta & Córas Faisnéise

Caroline O'Reilly Uas., BComm MBus

Ceann na Roinne Oideachais Leantaigh

Don Crowley Uas., BBS, GDE(B), Grad.Dip IT

Ceann na Roinne Bainistíochta & Margaíochta

Brian McGrath Uas., BComm, FCA, MMII

Scoil na nDaonnachtaí:

Ceann na Scoile (Gníomhach)

An Dr Margaret Linehan, BBus, MBus, PhD

Ceann na Roinne Staidéar Sóisialta & Ginearálta

Jim Walsh Uas., BA, HDipEd, BCL, LLB, MEMI

Ceann na Roinne Staidéar Turasoíreachta & Fáilteachais
Iarchéime Oid Fáilt

Adrian Gregan Uas., BA, MBus, Dip H&C Mgmt, FIHI, Diop

Scoil Staidéar Iarchéime

Déan Staidéar Iarchéime

An Dr Eamonn Cashell, BA(Mod), BSc, PhD, CPhys, MInstP

Ceolscoil Chorcaí CIT

Stiúrthóir

An Dr Geoffrey Spratt, BA, PhD

Ceann na Scoile

Aiveen Kearney Uas., MA, BMus, HDE, ATCL

Ceann na Roinne Staidéar Méarchláir

An Dr Gabriela Mayer, DMA, MMus, BMus, Dip Berlin

Ceann na Roinne Ceoltóireachta & Staidéar Acadúil

Maria Judge Uas., BMus, Dip Kodály Intézet na hUngáire

Ceann na Roinne Staidéar Téaduirilísí

Joan Scannell Uas., MA, BMus, DipCSM, LTCL

Ceann na Roinne Staidéar Gaothuirlísí,

John O'Connor Uas., MA, BMus, HDE, FTCL, LRSM

Cnaguirilísí, Gutha & Drámaíochta

Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT

Ceann

Orla Flynn Uas., MSc, MA, MICS, MIDI

Ceann na Roinne Oideachas Ealaíne & Dearaidh

Albert Walsh Uas., MEd, Dip ADT, ND Design

Ceann na Roinne Teiripe Ealaíne & Amharcoideachais Leantaigh

Edward Kuczaj Uas., MA, Dip Art Th, RNMS

Ceann na Roinne Mínealaíne & Dearaidh Cheirmigh (Gníomhach)

Trish Brennan Uas., MA, BA

Ceann Roinn na Meán Cumarsáide

Rose McGrath Uas., MA, Dip Ed, BDes

Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann

Ceann (Gníomhach)

Michael Delaney Uas., MSc, MEd, MIBioll, HDipEd, MICI,

MESAI, ATCL

Ceann Staidéar Acadúil

An Dr Noel Barry, BE, ME, PhD, CEng, MIEI, MPES, MIAS





3. Gnóthaí Acadúla & Mic Léinn

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

- 3.1 Ballraíocht na Comhairle Acadúla
- 3.2 Ballraíocht Choiste Feidhmiúcháin na Comhairle Acadúla
- 3.3 Coistí na Comhairle Acadúla
- 3.4 Forbairt Acadúil
- 3.5 Cúrsaí Faofa – Lánaimseartha
- 3.6 Cúrsaí Faofa Fálte Éireann agus Ceardaíochta
- 3.7 Cúrsaí Faofa – Páirtaimseartha
- 3.8 Údaráis Bhailíochtaithe
- 3.9 Scrúdaitheoirí Seachtracha
- 3.10 Staitisticí Mic Léinn
- 3.11 Duaiseanna na Mac Léinn
- 3.12 Ombudsman na Mac Léinn

3.1 Ballraíocht na Comhairle Acadúla

Ceapadh baill reatha na Comhairle Acadúla i mí an Mheithimh 2010 agus fanfaidh siad in oifig ar feadh tréimhse trí bliana. Tháinig an Chomhairle Acadúil le chéile ocht n-uaire le linn na tréimhse 1 Meán Fómhair 2012 go 31 Lúnasa 2013 mar seo a leanas:

Dé Céadaoin, 10 Deireadh Fómhair 2012
 Dé Céadaoin, 14 Samhain 2012
 Dé hAoine, 14 Nollaig 2012
 Dé Céadaoin, 13 Feabhra 2013

Dé Céadaoin, 13 Márta 2013
 Dé Céadaoin, 17 Aibreán 2013
 Dé Céadaoin, 15 Bealtaine 2013
 Dé hAoine, 14 Meitheamh 2013

UACHTARÁN

Brendan J. Murphy

FOIREANN ACADÚIL SHINSEARACH

Adrian Gregan	Ceann na Roinne Staidéar Turasóireachta & Fáilteachais
Áine Ní Shé	Ceann Roinn na Matamaitice
Aiveen Kearney	Ceann Cheolscoil Chorcaí CIT
Albert Walsh	Ceann na Roinne Oideachais Ealaíne & Dearaidh, Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT
Brendan O'Connell	Ceann na Roinne Eolaíochtaí Bitheacha (Gníomhach)
Brian McGrath	Ceann na Roinne Bainistíochta & Margaíochta
Caroline O'Reilly	Ceann na Roinne Cuntasaíochta & Córas Faisnéise
Daithí Fallon	Ceann na Roinne Innealtóireachta Déantúsaíochta, Bithleighis & Saoráidí
Damien Courtney	Ceann na Dáimhe Gnó & Daonnachtaí
Daniel Cahill	Ceann na Roinne Foirgníochta
Desmond Walsh	Ceann na Roinne Innealtóireachta Sibhialta, Struchtúrtha & Comhshaoil
Don Crowley	Ceann na Roinne Oideachais Leantaigh (Gníomhach)
Eamonn Cashell	Déan Staidéar Iarchéime
Edward Kuczaj	Ceann na Roinne Teiripe Ealaíne & Amharcoideachais Leantaigh, Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT
Gabriela Mayer	Ceann na Roinne Staidéar Méarchláir, Ceolscoil Chorcaí CIT
Geoffrey Spratt	Stiúrthóir, Ceolscoil Chorcaí CIT
Gerard O'Donovan	Ceann na Scoile Gnó
Hugh McGlynn	Ceann na Roinne Eolaíochtaí & Faisnéisíochta (Gníomhach)
Irene Sheridan	Ceann Campas Leathnaithe CIT
Jim O'Dwyer	Ceann na Roinne Ríomhaireachta
Jim Walsh	Ceann na Roinne Staidéar Sóisialta & Ginearálta
Joan Scannell	Ceann na Roinne Staidéar Téaduirilísí (Gníomhach), Ceolscoil Chorcaí CIT
Joe Connell	Ceann na Roinne Innealtóireachta Leictrí & Leictreonaice
Joe Harrington	Ceann na Scoile Innealtóireachta Sibhialta & Foirgníochta
John O'Connor	Ceann na Roinne Staidéar Gaothuirlisí, Cnaguirlisí, Gutha & Drámaíochta, Ceolscoil Chorcaí CIT
John Wood	Ceann na Roinne Ceimice
Katherine Keane	Ceann na Roinne Ailtireachta
Liam McDonnell	Ceann na Roinne Fisice Feidhmí & Ionstraimíochta
Margaret Linehan	Ceann Scoil na nDaonnachtaí (Gníomhach)
Maria Judge	Ceann na Roinne Ceoltóireachta & Staidéir Acadúil
Matt Cotterell	Ceann Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla, Leictrí & Próisis
Michael Delaney	Ceann, Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann (Gníomhach)
Michael Loftus	Ceann Dámh na hInnealtóireachta & na hEolaíochta
Michael J. O'Mahony	Roinn na hInnealtóireachta Próisis, Fuinnimh & Iompair
Niall Smith	Ceann Taighde

Noel Barry
 Orla Flynn
 Rose McGrath
 Stephen Cassidy
 Tadhg Leane
 Trish Brennan

Ceann Staidéar Acadúil, Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann
 Ceann, Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT
 Ceann Roinn na Meán Cumarsáide
 Déan Feabhsúchán Cáilíochtaí Acadúla
 Ceann Forbartha Straitéise
 Ceann na Roinne Mínealaíne & Dearaidh Cheirmigh (Gníomhach),
 Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT

FEIDHMEANNAS SINSEARACH

Barry O'Connor
 Michael Delaney
 Paul Gallagher

Cláraitheoir & Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Acadúla
 Leas-Uachtarán don Fhorbairt
 Leas-Uachtarán d'Airgeadas & Riarachán

FOIREANN EX-OFFICIO

Catherine Frehill
 Derry Delaney
 Dan Collins
 Eva Juhl
 John Twohig
 Commander David Barry

Modhnóir Modúil
 Leabharlannaí
 Bainisteoir Riaracháin Acadúil & Gníóthaí Mic Léinn
 Éascaitheoir don Athbhreithniú Institiúideach
 Ceann Lárionad do Staidéar Ceardaíochta
 Comh-Cheann, Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann

IONADAITHE MIC LÉINN

Chris Scanlon
 Killian Hughes

Uachtarán Aontas na Mac Léinn, CIT
 Leas-Uachtarán don Oideachas Aontas na Mac Léinn, CIT

FOIREANN ACADÚIL TOFA

Dámh na hInnealtóireachta & na hEolaíochta

Brian O'Rourke
 Chris Gibbons
 David Cadogan
 Garrett O'Sullivan
 Gerard Kelly
 Guillaume Huyet
 Harvey Makin
 Ian O'Sullivan
 John Barrett
 John Justin Murphy
 Marc Ó Riain
 Michael Brennan
 Michael J. O'Mahony
 Niamh Power
 Ray Looney
 Seamus Farrell
 Siobhán O'Sullivan
 Tim Horgan
 Tom O'Mahony
 Colin Manning
 Paul Walsh

Innealtóireacht Shibhialta, Struchtúrtha & Chomhshaoil
 Innealtóireacht Mheicniúil
 Innealtóireacht Shibhialta, Struchtúrtha & Chomhshaoil
 Ailtireacht
 Innealtóireacht Déantúsaíochta, Bhithleighis & Saoráidí
 Fisic Fheidhmeach & Ionstraimíocht
 Fisic Fheidhmeach & Ionstraimíocht
 Innealtóireacht Cheimiceach & Próisis
 Innealtóireacht Leictreonach
 Innealtóireacht Shibhialta, Struchtúrtha & Chomhshaoil
 Ailtireacht
 Matamaitic
 Innealtóireacht Mheicniúil
 Innealtóireacht Shibhialta, Struchtúrtha & Chomhshaoil
 Innealtóireacht Leictreach
 Foirgníocht
 Eolaíochtaí Bitheacha
 Ríomhaireacht
 Innealtóireacht Leictreonach
 Matamaitic
 Ríomhaireacht

Dámh Ghnó & Daonnachtaí

Áine de Róiste	Staidéar Sóisialta & Ginearálta
Breda Fogarty	Bainistíocht & Margaíocht
Carmel Buttimer	Cuntasaíocht & Faisnéis
Catherine Murphy	Cuntasaíocht & Faisnéis
Gearóid Ó Súilleabháin	DEIS
Mary Cooney	Staidéar Sóisialta & Ginearálta
Maurice Murphy	Bainistíocht & Margaíocht
Ruth Vance	Cuntasaíocht & Faisnéis
Tom O'Connor	Staidéar Sóisialta & Ginearálta

COLÁISTE EALAÍNE & DEARTHA CRAWFORD

Ann Wilson	Meáin Chumarsáide
Catherine Hehir	Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT
Paul Green	Meáin Chumarsáide
Susanna Broderick	Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT

CEOLSCOIL CHORCAÍ CIT

Aileen Donnelly	CIT CSM
Carbry O'Sullivan	CIT CSM
David Whitla	CIT CSM
Dermot Walsh	CIT CSM
Hugh McCarthy	CIT CSM
Nicholas O'Halloran	CIT CSM
Regina Crowley	CIT CSM

CNMÉ

William Kavanagh	CNMÉ
------------------	------

Ceapadh an Chomhairle Acadúil nua i mBealtaine 2013 agus fanfaidh siad in oifig ar feadh tréimhse trí bliana.

UACHTARÁN

Brendan J. Murphy

FOIREANN ACADÚIL SHINSEARACH

Adrian Gregan	Ceann na Roinne Staidéar Turasóireachta & Fáilteachais
Áine Ní Shé	Ceann Roinn na Matamaitice
Aiveen Kearney	Ceann Scoile, Cheolscoil Chorcaí CIT
Albert Walsh	Ceann na Roinne Oideachais Ealaíne & Dearaidh, Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT
Brendan O'Connell	Ceann na Roinne Eolaíochtaí Bitheacha (Gníomhach)
Brian McGrath	Ceann na Roinne Bainistíochta & Margaíochta
Caroline O'Reilly	Ceann na Roinne Cuntasaíochta & Córas Faisnéise
Daithí Fallon	Ionadaí Dáimhe Acadúla, Dámh na Innealtóireachta agus Eolaíochta, Campas Leathnaithe CIT
Damien Courtney	Ceann na Dáimhe Gnó & Daonnachtaí
Daniel Cahill	Ceann na Roinne Foirgníochta

Desmond Walsh	Ceann na Roinne Innealtóireachta Sibhialta, Struchtúrtha & Comhshaoil
Dirk Pesch	Ceann Lárionad NIMBUS
Don Crowley	Ceann na Roinne Oideachais Leantaigh (Gníomhach)
Eamonn Cashell	Déan Staidéar Iarchéime
Ed Kuczaj	Ceann na Roinne Teiripe Ealaíne & Amharcoideachais Leantaigh, Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT
Gabriela Mayer	Ceann na Roinne Staidéar Méarchláir, Ceolscoil Chorcaí CIT
Geoffrey Spratt	Stiúrthóir, Ceolscoil Chorcaí CIT
Gerard Kelly	Ceann na Roinne Innealtóireachta Meicniúla, Bithleighlis & Déantúsaíochta (Gníomhach)
Gerard O'Donovan	Ceann na Scoile Gnó
Hugh McGlynn	Ceann na Scoile Eolaíochtaí & Faisnéisíochta (Gníomhach)
Irene Sheridan	Ceann Campas Leathnaithe CIT
Jim O'Dwyer	Ceann na Roinne Ríomhaireachta
Jim Walsh	Ceann na Roinne Staidéar Sóisialta & Ginearálta
Joan Scannell	Ceann na Roinne Staidéar Téaduirilísí (Gníomhach), Ceolscoil Chorcaí CIT
John O'Connor	Ceann na Roinne Staidéar Gaothuirlísí, Cnaguirlísí, Gutha & Drámaíochta, Ceolscoil Chorcaí CIT
John Twohig	Ceann Lárionad Staidéar Ceardaíochta
John Wood	Ceann na Roinne Ceimice
Joe Connell	Ceann na Roinne Innealtóireachta Leictrí & Leictreonaice
Joe Harrington	Ceann na Scoile Innealtóireachta Sibhialta & Foirgníochta
Katherine Keane	Ceann na Roinne Ailtireachta
Liam McDonnell	Ceann na Roinne Fisice Feidhmí & Ionstraimíochta
Marèse Bermingham	Ceann Rannpháirtíochta Mic Léinn & Tionscnamh Coinneála
Margaret Linehan	Ceann Scoil na nDaonnachtaí (Gníomhach)
Maria Judge	Ceann na Roinne Ceoltóireachta & Staidéir Acadúil
Matt Cotterell	Ceann Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla, Leictrí & Próisis
Michael J. O'Mahony	Roinn na hInnealtóireachta Próisis, Fuinnimh & Iompair
Michael Loftus	Ceann Dámh na hInnealtóireachta & na hEolaíochta
Niall Smith	Ceann Taighde
Noel Barry	Ceann Staidéar Acadúil, Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann
Orla Flynn	Ceann, Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT
Rose McGrath	Ceann Roinne na Meán Cumarsáide
Tim Horgan	Ceann Seachadadh Ar Líne
Trish Brennan	Ceann na Roinne Mínealaíne & Dearaidh Cheirmigh (Gníomhach), Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT

FEIDHMEANNAS SINSEARACH

Barry O'Connor	Cláráitheoir & Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Acadúla
Michael Delaney	Leas-Uachtarán don Fhorbairt
Paul Gallagher	Leas-Uachtarán d'Airgeadas & Riarachán

FOIREANN EX-OFFICIO

Catherine Frehill	Modhnóir Modúil
Dan Collins	Bainisteoir Riaracháin Acadúil & Gnóthaí Mic Léinn
Ceannasaí David Barry	Comh-Cheann, Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann
Derry Delaney	Leabharlannaí
Eva Juhl	Éascaitheoir don Athbhreithniú Institiúideach
Stephen Cassidy	Deán Feabhsúcháin Cáilíochta Acadúla
Tadhg Leane	Ceann na Forbartha Straitéisí

IONADAITHE NA MAC LÉINN

Avril Constant	Ionadaí Ranga
Danny O'Donovan	Uachtarán Aontas na Mac Léinn, CIT
Eamon Shanahan	Ionadaí CEDC CIT, CSC Chorcaí CIT, agus CNMÉ
Richard McCarthy	Leas-Uachtarán don Oideachas Aontas na Mac Léinn

FOIREANN ACADÚIL TOFA**Dámh na hInnealtóireachta & na hEolaíochta**

Ambrose Furey	Ceimic
Anna-Maria Keaveney	Eolaíochtaí Bitheacha
Anthony Grant	Fisic Fheidhmeach & Ionstraimíocht
David Cadogan	Innealtóireacht Shibhialta, Struchtúrtha & Chomhshaoil
Deborah Ní Riain	Ailtireacht
Eamonn Butler	Fisic Fheidhmeach & Ionstraimíocht
Garrett O'Sullivan	Ailtireacht
Gerard MacSweeney	Ríomhaireacht
Ian O'Sullivan	Innealtóireacht Próisis, Fuinnimh & Iompair
Maretta Brennan	Matamaitic
Michael Murray	Innealtóireacht Leictreach & Leictreonaice
Niamh Power	Innealtóireacht Shibhialta, Struchtúrtha & Chomhshaoil
Oliver Gough	Innealtóireacht Leictreach & Leictreonaice
Seán Lacey	Matamaitic
Vincent Ryan	Ríomhaireacht
William Doherty	Ceimic

Dámh Ghnó & Daonnachtaí

Áine de Róiste	Staidéar Sóisialta & Ginearálta
Christopher Mamo	Staidéar Sóisialta & Ginearálta
Con Burns	Staidéar Sóisialta & Ginearálta
Conor Kelleher	Bainistíocht & Margaíocht
Felix Raekson	Oideachas Leantach
Gearóid Ó Súilleabháin	DEIS
Maurice Murphy	Bainistíocht & Margaíocht
Muireann O'Neill	Oideachas Leantach
Roisín Lane	Staidéar Sóisialta & Ginearálta

COLÁISTE EALAÍNE & DEARTHATHA CRAWFORD

Ann Wilson	Meáin Chumarsáide
Pádraig Trehay	Mínealaín & Dearadh Ceirmeach

CNMÉ

Dermot O'Reilly	CNMÉ
Ian Black	CNMÉ

Tar éis an toghcháin le déanaí do bhallraíocht na Comhairle Acadúla, níor éirigh leis an líon iomlán as na Toghlaigh tofa i mBealtaine 2013. Tá 31 folúntas ann agus tá beartaithe ainmniúcháin bhreise a lorg le haghaidh bhallraíocht na Comhairle Acadúla 2013.



Ceolscoil Chorcaí CIT

3.2 Ballraíocht Choiste Feidhmiúcháin na Comhairle Acadúla

Is mar seo a leanas atá comhdhéanamh Choiste Feidhmiúcháin na Comhairle Acadúla:

1. An tUachtarán (ex-officio)
2. An Cláraitheoir & Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Acadúla (ex-officio)
3. Cathaoirligh Choistí na Comhairle Acadúla
4. Seachtar ball ainmnithe de chuid na Comhairle Acadúla, ar ionadaí de chuid na mac léinn duine díobh

Is iad feidhmeanna an Choiste Fheidhmiúcháin ná:

- Gnó na Comhairle Acadúla a chur in eagar, ar a n-áirítear gach mír ghnó a sheoladh ón gComhairle Acadúil agus a cuid Coistí agus ar ais chucu;
- Ábhair ábhartha a chur faoi bhráid Choistí na Comhairle Acadúla;
- Obair Choistí na Comhairle Acadúla a chomhordú;
- Cuidiú le cur i ngníomh chinntí na Comhairle Acadúla.

Cruinnithe de Choiste Feidhmiúcháin na Comhairle Acadúla

- Déanfar iad a thionól de ghnáth dhá sheachtain roimh agus dhá sheachtain i ndiaidh chruinniú na Comhairle Acadúla agus ar a leithéid d'amanna eile a meastar gá a bheith leo;
- Beidh córam ann ach leath de bhallraíocht an Choiste Feidhmiúcháin ar a laghad a bheith i láthair;
- Beidh an tUachtarán nó ainmnitheach an Uachtaráin ón gCoiste Feidhmiúcháin ina Chathaoirleach. I gcás go mbeadh an tUachtarán, nó ainmní an Uachtaráin, as láthair ceapfaidh na baill atá i láthair Cathaoirleach gníomhach as measc an Choiste Feidhmiúcháin;
- Déanfaidh an Cláraitheoir & Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Acadúla a bheidh mar Rúnaí ar an gCoiste Feidhmiúcháin an taifeadadh. I gcás go mbeadh an Cláraitheoir & Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Acadúla as láthair ainmneoidh na baill atá i láthair Rúnaí gníomhach as measc an Choiste Feidhmiúcháin.

3.3 Coistí na Comhairle Acadúla

D'fhaomh an Chomhairle Acadúil cruthú na gcoistí seo a leanas:

Coiste Pleanála & Athbhreithnithe Acadúil

Tadhg Leane (Cathaoirleach)

Coiste Iontrálacha

Matt Cotterel (Cathaoirleach)

Coiste Acmhainní Foghlama

An Dr Siobhán O'Sullivan (Cathaoirleach)

Coiste Rialachán

An Dr Ann Wilson (Cathaoirleach)

Coiste Taighde & Forbartha

An Dr Niall Smith (Cathaoirleach)

Coiste na mBuan-Orduithe

Jim Walsh (Cathaoirleach)

3.4 Forbairt Acadúil

Ráiteas Cáilíochta CIT

I mí na Nollag 2012, rinne an Chomhairle Acadúil ráiteas foriomlán cáilíochta don Institiúide a athbhreithniú agus a mholadh don Bhord Rialaithe. Luaigh sé go bhfuil:

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí tiomanta do chultúr feabhsúcháin cháilíochta trí phróiseas leanúnach feabhsaithe cáilíochta:

i soláthar acadúil, taighde agus leathnú campais,

- trí bheith ina heiseamláir idirnáisiúnta in oideachas gairmiúil trí scothchleachtas i dteagasc, foghlaim agus taighde a úsáid
- trí churaclam ábhartha agus solúbtha gairmdhírthe a chur ar fáil a bheidh forbartha i gcomhpháirtíocht le frontar agus an campas a leathnú isteach sa láthair oibre agus sa mhórphobal
- trí institiúid mac léinn-láraithe a fhorbairt a fhorbraíonn agus a chothaíonn buanna a cuid mac léinn agus a ullmhaíonn iad le cion dearfach a thabhairt don tsochaí

mar institiúid

- trí ranna agus aonaid tacaíochta a ailíniú le plean agus spriocanna straitéiseacha na hInstitiúide
An Capt Aedan Jameson

- Baitsiléir Eolaíochta in Eolaíocht Loingseoireachta
- Baitsiléir Eolaíochta (Onór) in Eolaíocht Loingseoireachta

Colm McGinley Uas.

- Ardteastas i gCeannaireacht, & Bainistíocht Cabhlaigh

Aidan MacSweeney Uas.

- Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Mhuirí & Ghléasra
- Baitsiléir Innealtóireachta i Leictirtheicneolaíocht

Comdt Pádraig Macklin

- Ardteastas i gCeannaireacht, Bainistíocht & Staidéar Cabhlaigh

An Capt Thomas O'Callaghan

- Baitsiléir Eolaíochta i Staidéar Loingseoireachta
- Baitsiléir Eolaíochta (Onór) i Staidéar Loingseoireachta
- Ardteastas in Eolaíocht i Staidéar Loingseoireachta

Gerard F. O'Donnell Uas.

- Baitsiléir Innealtóireachta i Leictirtheicneolaíocht Mara

Comdt Ray O'Lehan

- Baitsiléir Ealaíon i gCeannaireacht agus Bainistíocht & Staidéar Cabhlaigh

An Capt Paul Roche

- Ardteastas i Staidéar Loingseoireachta

Edward Sweeney Uas.

- Baitsiléir Gnó i Slabhra Soláthair & Bainistíocht Iompair

LÁRIONAD STAIDÉAR CEARDAÍOCHTA

Simon Dennehy Uas.

- Baitsiléir Eolaíochta i dTeicneolaíocht Cheardaíochta (Adhmad) agus Gnó

Michael McKeon Uas.

- Teastas i Staidéar Inaistrithe Ceardaíochta

Kevin Ryan Uas.

- Baitsiléir Eolaíochta i dTeicneolaíocht Cheardaíochta (Adhmad) le Gnó

LÁRIONAD TEAGAISC & FOGHLAMA

An Dr John Dallat

- Teastas i dTeagasc & Foghlaim in Ardoideachas

Neil Quinlan Uas.

- Teastas i dTeagasc & Foghlaim in Ardoideachas

CEOLSCOIL CHORCAÍ CIT

An tOllamh Michael Peter Alcorn

- Máistir Ealaíon i gCeol & Teicneolaíocht (Múinte)

Mia Cooper Uas.

- Baitsiléir Ceoil (Onór)

An Dr Gareth Cox

- Baitsiléir Ceoil (Staidéar Acadúil)

An Dr Derek Cremin

- Baitsiléir Ealaíon (Onór) i gCeol na nDaoine

Michael D'Arcy Uas.

- Máistir Ealaíon i gCeol (Múinte)

Bríd Grant Uas.

- Máistir Ealaíon i gCeol (Múinte)

Paul Meade Uas.

- Baitsiléir Ealaíon (Onór) i Staidéar Amharclainne & Drámaíochta

COLÁISTE EALAÍNE & DEARTHA CRAWFORD CIT

Patsey Bodkin Uas.

- Máistir Ealaíon in Oideachas Ealaíne & Dearaidh
- Máistir Ealaíon i dTeagasc Amharc-Ealaíne in Oideachas Bunscoile & Luath-Óige
- Ard-Diplóma in Ealaín do Mhúinteoirí Ealaíne agus Dearaidh

Brian Connolly Uas.

- Máistir Ealaíon in Ealaín & Próiseas

Breda Lynch Uas.

- Baitsiléir Ealaíon i Mínealaín
- Baitsiléir Ealaíon (Onór) i Mínealaín

Declan Long Uas.

- Máistir Ealaíon in Ealaín & Próiseas

John Meaney Uas.

- Máistir Ealaíon in Oideachas Ealaíne & Dearaidh
- Máistir Ealaíon i dTeagasc Amharc-Ealaíne in Oideachas Bunscoile & Luath-Óige

Amanda Mullins Uas.

- Ard-Diplóma in Ealaín do Mhúinteoirí Ealaíne agus Dearaidh

Eileen McCourt Uas.

- Máistir Ealaíon i dTeiripe Ealaíne
- Teastas i bPrionsabail agus Teoiric Teiripe Ealaíne

Ronan McCrea Uas.

- Baitsiléir Ealaíon (Onór) i Mínealaín

Denise MacGiollari Uas.

- Máistir Ealaíon i dTeiripe Ealaíne

Anna Moran Uas.

- Baitsiléir Ealaíon i nDearadh Ceirmeach

Mark Kelly Uas.

- Baitsiléir Ealaíon (Onór) i Mínealaín

Neil Read Uas.

- Baitsiléir Ealaíon (Onór) i nDearadh Ceirmeach
- Baitsiléir Ealaíon (Onór) i nDearadh Ceirmeach Feidhmeach

Terry Shave Uas.

- Baitsiléir Ealaíon i Mínealaín
- Baitsiléir Ealaíon (Onór) i Mínealaín

An Dr Tim Stott

- Baitsiléir Ealaíon i Mínealaín
- Baitsiléir Ealaíon (Onór) i Mínealaín

Roinn na Meán Cumarsáide

Clare Bell Uas.

- Baitsiléir Ealaíon (Onór) in Amharc-chumarsáid (Ab Initio)

Mary Dundon Uas.

- Máistir Ealaíon in Iriseoireacht le Meáin Nua

Michael Connerty Uas.

- Baitsiléir Ealaíon (Onór) in Amharc-chumarsáid

Anita Heavey Uas.

- Baitsiléir Ealaíon (Onór) in Amharc-chumarsáid

David Joyce Uas.

- Baitsiléir Ealaíon i gCumarsáid Dearaidh
- Baitsiléir Ealaíon (Onór) in Amharc-chumarsáid

Denise McEvoy Uas.

- Baitsiléir Ealaíon in Ilmheáin

Pauline Madigan Uas.

- Ard-Diplóma i gCaidreamh Poibí

Kieran Nolan Uas.

- Baitsiléir Ealaíon (Onór) in Ilmheáin

Darragh O'Toole Uas.

- Baitsiléir Ealaíon(Onór) in Amharc-chumarsáid

Niamh Ward Uas.


- Máistir Ealaíon i gCaidreamh Poiblí le Meáin Nua

3.10 Staitisticí Mic Léinn

Staitisticí Clárúcháin do 2012/13 agus don dá bhliain roimhe sin

	2010/11	2011/12	2012/13
lomlán Lánaimseartha	7,139	7,328	7,449
lomlán Páirtaimseartha	<u>7,979</u>	<u>7,066</u>	<u>6,344</u>
FORIOMLÁN	<u>15,118</u>	<u>14,394</u>	<u>13,793</u>

Staitisticí Clárúcháin do 2012/13 agus don dá bhliain roimhe sin




Clárúcháin de Réir Inscne & Modh Tinrimh do 2012/13

	Fireann	Baineann	Iomlán
LÁNAIMSEARTHA			
Neamh-Lánfhásta	3,845	2,427	6,272
Lánfhásta	754	423	1,177
IOMLÁN	<u>4,599</u>	<u>2,850</u>	<u>7,449</u>
PÁIRTAIMSEARTHA			
Fáilte Éireann	39	15	54
Printísigh Cheardaíochta	616	0	616
Cúrsaí Tráthnóna	2,515	3,159	5,674
IOMLÁN	<u>3,170</u>	<u>3,174</u>	<u>6,344</u>
FORIOMLÁN	<u>7,769</u>	<u>6,024</u>	<u>13,793</u>

Staitisticí Clárúcháin de réir Inscne do thrí bliana acadúla

	2010/11	2011/12	2012/13
Fireann	8,818	7,675	7,769
Baineann	6,300	6,719	6,024
Iomlán	<u>15,118</u>	<u>14,394</u>	<u>13,793</u>

Staitisticí Clárúcháin de réir Inscne do thrí bliana acadúla




Miondealú ar Líon Cóibhéiseach na Mac Léinn - Ardteastas, Gnáthchéim, Céim Onóracha agus Iarchéim Lánaimseartha de réir Disciplín do 2012/13

	Ardteastas (L6)	Gnáthchéim (L7)	Céim (L8)	Iarchéim (L9 & L10)	Iomlán
Talmhaíocht agus Tréidlíocht	0	154	32	0	186
Oideachas	0	26	10	0	36
Innealtóireacht, Déantúsaíocht & Foirgníocht	21	746	756	75	1,598
Sláinte agus Leas	0	416	312	6	734
Daonnachtaí agus Ealaíona	0	45	709	165	919
Eolaíocht, Matamaitic agus Ríomhaireacht	49	468	892	73	1,482
Seirbhísí	136	627	94	4	861
Eolaíochtaí Sóisialta, Gnó agus Dlí	48	674	625	78	1,425
IOMLÁN	<u>254</u>	<u>3,156</u>	<u>3,430</u>	<u>401</u>	<u>7,241</u>

Miondealú ar Leibhéal Líon Iomlán Cóibhéseach na Mac Léinn Lánaimseartha Ardteastais, Gnáthchéime, Céime Onóracha agus Iarchéime Lánaimseartha do 2012/13

	Ardteastas (L6)	Gnáthchéim (L7)	Céim Onóracha (L8)	Iarchéim (L9 & L10)	IOMLÁN
		<u>254</u>	<u>3,156</u>	<u>3,430</u>	<u>401</u>


Miondealú ar Leibhéal Líon Iomlán Cóibhéseach na Mac Léinn Lánaimseartha Ardteastais, Gnáthchéime, Céime Onóracha agus Iarchéime Lánaimseartha do 2012/13



Dáileadh Céatadán na Mac Léinn – Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí do 2012/2013

	Iarbhír	CLA
Ardteastas & Céim LA (Leibhéal 6, 7, 8, 9, 10)	7,449	7,242
Printísigh Fáilte Éireann	54	54
Printísigh Eile	616	280
Páirtaimseartha & Tráthnóna	5,674	1,575
Iomlán	<u>13,793</u>	<u>9,151</u>

Dáileadh Céatadán na Mac Léinn – Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí do 2012/2013





Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT

3.11 Duaiseanna na Mac Léinn

1. Bhí Comórtais Scileanna Éireann 2012 ar siúl san Institiúid sa tseachtain dar tús 10 Meán Fómhair 2012. Bhí an Searmanas Bronnta ar siúl ar 14 Meán Fómhair 2012 agus i láthair bhí:
 - (i) Ardmhéara Chorcaí, an Comh. John Buttimer
 - (ii) Kathleen Lynch TD, Aire Míchumais, Daoine Scothaosta, Comhionannais & Meabhairshláinte
 - (iii) Méara Chontae Chorcaí, an Comh. Barbara Murray

Is máistircheardaithe iad na hiomaitheoirí agus is iad na ceardaithe is fearr iad in 11 réimse: Teicneolaíocht Ghluaisteán, Cearpantóireacht, Tógáil, Oirtheoireacht Ghléasra, Suiteáil Leictreach, Rialú Tionsclaíoch, Siúinéireacht, Meicitreonaic, Monarú Miotail, Plástráil, Cuisniú agus Táthú. Bhí na hiomaitheoirí go léir sa bhabhta ceannais tar éis réamhchomórtais a ghnóthachtáil cheana féin sna hInstitiúidí Teicneolaíochta éagsúla ar fud na tíre.
2. Roghnaíodh céimí de chuid CIT, **William Holland** mar iomaitheoir sa chéad staid i ngearrliosta de 150 iomaitheoir sa bhabhta ceannais idirnáisiúnta as níos mó ná 500 iontráil idirnáisiúnta don Dyson International Design Award. Tá a thionscadal dar teideal "Design and Development of an Innovative Outsole for the Enhancement of Support and Performance in Sport Footwear" le feiceáil ar www.youtube.com/watch?v=EDQdJQjj4
3. Ar 15 Deireadh Fómhair 2012, fuair an Institiúid an scéal go raibh céimí de chuid CIT, **Eoin O'Donovan**, de chuid Bord Gáis Energy mar dhuine de sheisear ar ghearrliosta mar Innealtóir Cairte na Bliana 2012 ag Innealtóirí Éireann. Is Bainisteoir Oibríochtaí Teicniúla agus Cothabhála d'Athnuaiteáin é Eoin ag Bord Gáis Energy. Baineann tionscadal Eoin le Delivery of a Sustainable Operations and Maintenance Management Model in the Wind Industry. Bhain Eoin céim amach in 2003 le Céim Baitsiléara Innealtóireachta le céad Onóracha in Innealtóireacht Mheicniúil. Bhí an seisear iomaitheoirí i mbabhta ceannais an ghearrliosta os comhair phainéil cheimiúil moltóireachta i mBaile Átha Cliath ar 1 Samhain 2012.
4. Bhí Gradaim Bhliantula na Dáimhe Gnó agus Daonnachtaí ar siúl ar 18 Deireadh Fómhair 2012 in áras Turasóireachta agus Fáilteachais CIT, Campas Bhaile an Easpaig. Bronnadh 32 duais ar an oíche.
5. Bhí Bronnadh Céimeanna agus Dámhachtainí Eile de chuid na Dáimhe Gnó agus Daonnachtaí ar siúl i gCampas Bhaile an Easpaig ar 19 Deireadh Fómhair 2012. Ceithre sheisiún bronnta a bhí ann agus fuair 1,192 réamhchéimí a gcuid pár.
6. Bhí Bronnadh Céimeanna agus Dámhachtainí Eile de chuid na Dáimhe Innealtóireachta & Eolaíochta ar siúl i gCampas Bhaile an Easpaig CIT ar 22 Deireadh Fómhair 2012. Ceithre sheisiún bronnta a bhí ann. Fuair 931 réamhchéimí as Dámh na hInnealtóireachta agus na hEolaíochta mar aon le 211 réamhchéimí as Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT a gcuid pár. Ina theannta sin, rinneadh dhá chomhbhronnadh:
 - BA in Ilmheáin – Hochschule Darmstadt/CIT
 - MSc in Eolaíochtaí Bithleigheis – CIT/UCC
7. Bhí an chéad Searmanas Bronnta larchéime aonair de chuid na hInstitiúide ar siúl i gCampas Bhaile an Easpaig CIT ar 23 Deireadh Fómhair 2012. Fuair 27 réamhchéimí (12 Dochtúireacht agus 15 Mháistir) a gcuid pár.
8. Bhí Bronnadh Céimeanna ar mhic léinn de chuid Cheolscoil Chorcaí CIT agus an Lárionad don Oideachas Ailtireachta CIT/UCC (LOA) ar siúl i gCeolscoil Chorcaí CIT ar 25 Deireadh Fómhair 2012. Fuair 43 réamhchéimí as Ceolscoil Chorcaí CIT mar aon le 48 mac léinn as LIA a gcuid pár do na comhdámhachtainí:
 - Baitsiléir Eolaíochta (Onór) in Ailtireacht
 - Máistir Ailtireachta
9. D'fhógair Graduate Design Awards de chuid Institiúid Dearthóirí na hÉireann **Sinéad Crowley**, céimí de chuid CIT ón BSc (Onór) in Ailtireacht Intí, mar bhuaiteoir na Duaise Náisiúnta Intí. D'athraigh tionscadal cinnbhliana Shinéad Muileann Plúir Shannonvale, in Iarthar Chorcaí, ina "Re-Discovery Centre" ar lárionad feasachta agus oideachais chomhshaoil é.
10. Bronnadh Duaiseanna Barr Feabhais 2012 de chuid Innealtóirí Éireann ag searmanas a bhí ar siúl ar 9 Samhain 2012 ag an Four Seasons Hotel i nDroichead na Dothra, Baile Átha Cliath. Bhí na céimithe de chuid CIT seo a leanas chun tosaigh go maith sna duaiseanna a bronnadh ag an searmanas.

Ainm an Chéimí	Cuideachta	Duais a Bronnadh
Alan Bateman , Céimí Innealtóireachta Meicniúla CIT	Automation and Control Engineering Manager ag Janssen Pharmaceuticals	Bronnadh ar son Janssen Supply Chain (Ireland) le Duais Innealtóirí Éireann Cuideachta na Bliana d'Fhorbairt Leanúnach Ghairmiúil
Danny Johnston , Céimí Innealtóireachta Meicniúla CIT	Bainisteoir Innealtóireachta OpenHydro	Bhí ina chuid d'fhoireann seisir as OpenHydro ar ar bronnadh Duais Teicneolaíocht na Bliana de chuid Innealtóirí Éireann
Eoin O'Donovan , Céimí Innealtóireachta Meicniúla CIT	Bainisteoir Oibríochtaí Teicniúla agus Cothabhála ag Bord Gáis Energy	Gearrliostaithe le díreach seisear iomaitheoirí babhta ceannais Innealtóirí Cairte na Bliana Innealtóirí Éireann as breis is 450 innealtóir ainmnithe go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta

11. Comhghairdeas leis an mac léinn Dordveidhle i gCeolscoil Chorcaí CIT, **Sinéad O'Halloran**, as an rath a bhí uirthi ag Comórtas Scoláireachta Frank Maher a bhí ar siúl i gColáiste Chaisleán Cnucha i mBaile Átha Cliath ar 9 Samhain 2012.

Is mac léinn Ardteistiméireachta ag Coláiste Regina Mundi, Corcaigh, í Sinéad agus mac léinn Dordveidhle í i gCeolscoil Chorcaigh CIT agus staidéar á dhéanamh aici le Christopher Marwood de chuid an Vanbrugh Quartet. Sparánacht dar luach €2,000 a bhí sa duais chun cabhrú léi breis oideachais cheoil a chistiú.

12. Seoladh go hoifigiúil "Of Light and Structure", an chéad taispeántas aonair le céimí Choláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT, **Cassandra Eustace**, ar 12 Samhain 2012 i Lárionad James Barry i CIT. Agus í ina buaiteoir duaise 2012 d'ArtsFest CIT, rinne Cassandra an méid seo oibre go sonrach do Lárionad James Barry agus é ag freagairt don spás agus don chomhthéacs.

Bhí an taispeántas, a léiríodh mar chuid de sheachtain na hEolaíochta 2012, ar oscailt don phobal ó 12 – 17 Samhain 2012.

13. Fuair **Mark Casey** Duais ISA Ireland 2012 do mhac léinn na Céime Onóracha is fearr a raibh staidéar á dhéanamh aige ar fhisic fheidhmeach nó ionstraimíocht. Agus an comórtas ar oscailt do gach institiúid tríú leibhéal in Éirinn, roghnaíodh Mark as sármhaitheas acadúil agus cáilíocht thionscadal na bliana deiridh dá chuid. Is rannóg den Society of Automation idirnáisiúnta é ISA Ireland (ar dtús an Instrument Society of America). Bhain Mark a chéim amach i nDeireadh Fómhair 2012 le céad onóracha san Fhisic Fheidhmeach & Ionstraimíocht agus tá sé fostaithe ag oibríocht na hÉireann den PACIV ilnáisiúnta.
14. Ag ócáid i dTeach Farmleigh, Baile Átha Cliath, ar 12 Nollaig 2012, bhronn Gay Byrne Uas. Gradam "Road Safety Authority Leading Lights in Road Safety in Education (Catagóir Tríú Leibhéal) ar **Sheachtain na Sábháilteachta 2012 Aontas na Mac Léinn CIT**. I gcoinne dianiomaíochta ó institiúidí tríú leibhéal eile as Éirinn uile, roghnaíodh Seachtain na Sábháilteachta de chuid Aontas na Mac Léinn 2012 CIT mar fhaighteoir duaise i ngeall ar an obair den scoth a rinneadh chun beathaí a shábháil agus gortuithe tromchúiseacha a chosc ar ár mbóithre.
15. Bhí Comórtas Náisiúnta Scileanna Éireann 2013 ar siúl ar 14 Nollaig 2012. I láthair ag an ócáid bhronnta bhí:
- Leas-Ardmhéara Chorcaí, an Comh. Joe Kavanagh
 - Kathleen Lynch TD, Aire Míchumais, Daoine Scothaosta, Comhionannais & Meabhairshláinte
 - Méara Chontae Chorcaí, an Comh. Barbara Murray

Bronnadh duaiseanna ar na scilghrúpaí seo a leanas:

Innealtóireacht Ghluaisteán, Cairpeantóireacht, Oirtheoireacht Ghléasra, Suiteáil Leictreach, Rialú Tionsclaíoch, Siúinéireacht, Monarú Miotail, Plástráil, Cuisniú agus Táthú.

16. Déirigh le caibidil **CoderDojo CIT** den chéad uair riamh ag Taispeántas Eolaí Óig BT. Ag an searmanas duaise, ghnóthaigh triúr mac léinn as Coláiste Choilm duais HP "Innovation4Food". Níor thosaigh na mic léinn seo ag códáil ach le roinnt míonna ó shin trí CoderDojo CIT. D'fhorbair siad Aip dá dtionscadal "RevisionPrecision" d'fhonn teicnící athbhreithnithe tairbheacha a chur chun cinn.
17. Bhí cuid mhaith le ceiliúradh ag Club Lúthchleasaíochta CIT i mí Feabhra tar éis gur chruthaigh na mic léinn seo a leanas go maith:
- (i) **Sinéad O'Connor** (Roinn Staidéar Sóisialta agus Ginearálta) a ghnóthaigh an teideal seaimpín idir-ollscoileanna do na trí léim.
 - (ii) Bhí **Rachel O'Shea** (Roinn Staidéar Sóisialta agus Ginearálta) sa tríú háit san 800m.
 - (iii) Ghnóthaigh **Cathal Owens** (Roinn Innealtóireachta Meicniúla, Bithleighis & Déantúsaíochta) an tríú háit sa 400m
 - (iv) Déirigh le **Thomas Houlihan** (Roinn Innealtóireachta Sibhialta, Struchtúrtha & Comhshaoil) an bua a fháil sa léim chuaille agus airde 4.6m aige
 - (v) Bhuaigh **Cullen Lynch** (Roinn na gCórais Cuntasaíochta & Faisnéise) an dara háit sa 1500m
 - (vi) Bhain **Foireann Trastíre na bhFear** teideal Seaimpíní Trastíre Coláistí na Mumhan don chéad uair i gcoinne foirne as UCC, WIT agus UL.
18. Fuair **David Wallace** dhá mhórdhuais idirnáisiúnta le déanaí. Fuair David, a bhain céim le céad onóracha amach sa BMus in 2003, an BMO Merit Award agus an Director's Choice Award ag an Boston Metro Opera's Contempo Festival & International Composer's Competition.
19. Bhí Searmanas Bronnta an Earraigh ar siúl ag CNMÉ ar 14 Feabhra 2013. Fuair 78 réamhchéimí a gcuid pár agus ina measc bhí an chead chohórt mac léinn ón Máistir Ealaíon in Ealaín & Próiseas ó Choláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT.
20. Bronnadh an chéad áit agus buaiteoir uile ar **John Roberts**, mac léinn innealtóireachta meicniúla na bliana deiridh CIT i gcrabhchomórtas Speak Out for Engineering. Bhí an comórtas clúiteach seo ar oscailt do gach mac léinn fochéime agus iarchéime ar ball iad de ImechE nó Innealtóirí Éireann. Tar éis na moltóireachta, a rinne painéal oirirc as an saol acadúil agus saol na tionsclaíochta ar 26 Feabhra, bhain tionscadal John "Design and Development of a Wheelchair Enablement Device" an chéad áit amach.
21. Bhí **Seachtain na Nuálaíochta** ar siúl ag an Institiúid ó 4 go 8 Márta 2013. Bronnadh luach €10,000 de dhuaiseanna ag deireadh na seachtaine ag Searmanas Bronnta Bhord Fiontair Chontae agus Chathair Chorcaí ag Duais CIT don Nuálaíocht ar 8 Márta. Is ócáid dhá lá é an comórtas ina dtaispeántar an nuálaíocht agus an fhiontraíocht ag an tríú leibhéal agus nuair a bhronntar duaiseanna airgid orthu siúd a meastar a gcuid aireagán agus smaointe gnó a bheith ar na cinn is cruthaithí, is úire, is nuálaí agus is dóchúla go n-éireodh leo in áit an mhargaidh. Tá an comórtas ar oscailt do gach roinn laistigh den Institiúid agus féadfaidh mic léinn úsáid a bhaint as tionscadal atá ina chuid den obair chúrsa don bhliain mar iontráil sa chomórtas. Ba í an Lúthchleasaí Oilimpeach, Olive Loughnane Uas, an príomhchainteoir ag comórtasInnealtóirí Éireann na bliana seo, agus ba iad seo a leanas a bhuaigh na duaiseanna:
- (i) Ghnóthaigh 'Mapr', nuálaíocht bogearraí arna chruthú ag na mic léinn ilmheán, **Paul Shannon, Mark Fitzsimons** agus **Ronan de Lacy**, an chéad duais agus teideal Fiontraí CIT na Bliana agus ciste duaise de €4,000. Cuirfidh na cluichí a forbraíodh ar chumas d'iospartaigh stróc cleachtaí a leagann fisiteiripeoirí amach a dhéanamh. Is é seo an chéad uair a ghnóthaigh mic léinn ó Roinn na Meán Cumarsáide an teideal Fiontraíthe CIT na Bliana.
 - (ii) Bronnadh an Duais €2000 don Nuálaíocht is Teicniúla ar Project Bird, ar stiúideo bogearraí duaiseora é agus é dírithe ar fhorbairtí windows agus gréasáin 2.0. Is iad atá ar an bhfoireann ná **Robert Gabriel** agus **Tadhg Foley**. Mic léinn iad araon i Ríomhaireacht (Bainistíocht TF) ag CIT.
 - (iii) Bronnadh an Plean Gnó is Fearr agus duais de €1,000 ar an "No Nonsense Food Company", a chuimsíonn **Matthew Brownie, Robert Farrow** agus **Hazel Burke**, mic léinn uile as Ealaíona Cócaireachta sa Roinn Staidéar Turasoireachta agus Fáilteachais, as a bhforbairt ar "Scratch my Pork", ar scroid d'ardcháilíocht Éireannach lámhchócráilte nádúrtha é nach bhfuil a leithéid eile ar mhargadh na hÉireann. Déantar é i saoráid thiomanta atá gan chnó ná glútan.
 - (iv) Bronnadh an Coincheap is Fearr agus duais de €1,000 ar Cryostenz (Haemogenics) leis na mic léinn as Innealtóireacht Mheicniúil, Innealtóireacht Bhithleighis agus Córais Chuntasaíochta agus Faisnéise, **James King, Jeremiah Brennan, Damien Ahern, Tim Murphy, Aoife O'Donovan** agus **Michael Aherne**.
 - (v) Bronnadh an duais de €1,000 don Chur i Láthair is Fearr ar 123 Fitness, foireann mac léinn as Innealtóireacht Mheicniúil agus Innealtóireacht Bhithleighis, **Eoghan McEnergy, Brian Hand, Aidan O'Sullivan, David Waterman, David Linehan, James Fogarty** agus **Donagh Good**.
 - (vi) Bronnadh an duais dheiridh de €1,000 don Seastán Taispeántais is Fearr ag Lá Nuálaíochta CIT ar Breathe Easy, a bhí comhdhéanta de na mic léinn as Córais Chuntasaíochta agus Faisnéise **Paul McCarthy, Eoghan Carroll, Jerry Hoare** agus **Darragh Toomey**.

22. Bronnadh Duais an Yamaha Music Foundation of Europe ar **Alex Petcu-Colan**, mac léinn MA i Léiriú de chuid Cheolscoil Chorcaí CIT, ag comórtas a reáchtáladh ag Acadamh Ríoga Ceoil na hÉireann i mBaile Átha Cliath. Bronnadh deontas na Chomhairle Ealaíon de €10,000 ar Alex chun cabhrú leis marimba coirme a cheannach dó féin.
23. Bhí Searmanas Bronnta Bliantúil Duaiseanna na hInstitiúide chun meas a léiriú ar shárchéimithe 2012 ar siúl ar 12 Márta 2013. Bronnadh duaiseanna ar na mic léinn seo a leanas:

Uimh.	Ainm	Teideal na Duaise	Scoil/Coláiste
1	Mark William John Casey	Mac Léinn na Céime Onóracha is Fearr	Scoil Eolaíochta & Faisnéise
2	Pádraig Micheál Condon	Mac Léinn na Céime Onóracha is Fearr	Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann
3	Francis Cooley	Mac Léinn na Céime Baitsiléara is Fearr	Scoil na nDaonnachtaí
4	Cassandra Mary Eustace	Mac Léinn na Céime Onóracha is Fearr	Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT
5	Eoin Liam Paul French	Mac Léinn na Céime Máistir Múinte is Fearr	Scoil Innealtóireachta Foirgníochta & Sibhialta
6	Emma Jane Grice	Duais Marshall Hutson – Mac Léinn Oideachas Ealaíne is Fearr	Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT
7	David Patrick Higgins	Mac Léinn na Céime Baitsiléara is Fearr	Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann
8	Brendan Thomas Kelleher	Mac Léinn na Céime Baitsiléara is Fearr	Scoil Innealtóireachta Meicniúla, Leictrí & Próisis
9	Shane Kiely	Mac Léinn na Céime Baitsiléara is Fearr	Scoil Innealtóireachta Meicniúla, Leictrí & Próisis
10	Norma Madden	Mac Léinn na Céime Onóracha is Fearr	Scoil Ghnó
11	Anthony Francis Mannix	Mac Léinn na Céime Baitsiléara is Fearr	Scoil Eolaíochta & Faisnéisíochta
12	Brian Murphy	Mac Léinn na Céime Máistir Múinte is Fearr	Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT
13	Gary Jack Murphy	Mac Léinn na Céime Baitsiléara is Fearr	Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT
14	Hugh Murray	Mac Léinn Céime Onóracha is Fearr	Ceolscoil Chorcaí CIT
15	Aoife Ní Labhradha	Mac Léinn na Céime Máistir Múinte is Fearr	Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT
16	Sam Perkin	Mac Léinn na Céime Máistir Múinte is Fearr	Ceolscoil Chorcaí CIT
17	Gerard Rainsford	Mac Léinn na Céime Máistir Múinte is Fearr	Scoil Eolaíochta & Faisnéisíochta
18	Gerard Rainsford	Mac Léinn Is Fearr Uile	Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

24. Bhí Duaiseanna Chumainn & Gníomhaíochtaí na Mac Léinn ar siúl ag an Institiúid ar 20 Márta 2013. Bhronn an Dr Barry O'Connor, Cláráitheoir & Leas-Uachtarán do Gnóthaí Acadúla duaiseanna ar Sheisear Duine Aonair agus ar Shé Ghrúpa Chumainn mar seo a leanas:
- Cumann na Bliana **Open Mic Society**
 - Cumann Cúrsa-bhunaithe Is Fearr **Crawford Society**
 - Cumann Nua Is Fearr **Slow Food Society**
 - Cumann Feabhsaithe Is Fearr **Dj Society**
 - Imeacht Is Fearr **Drama Society – “Stags & Hens”**
 - Sáréacht i nGníomhaíochtaí Cumainn & ar fud an Choláiste **Vitaliy Makhnanov**, 3ú Bliain Ilmheáin, Video Production & Photographic Society

Duaiseanna Aonair

- **Danielle Hughes**, 3ú bliain Mínealaín, Crawford Society
- **Benjamin Henry**, 3ú bliain Innealtóireacht Struchtúrtha, International Students Society
- **Pádraig Mullaly**, 3ú bliain Bith-theicneolaíocht Chógaisíochta, Drama Society
- **Miriam O'Regan**, Máistir i CP le Meáin Nua, Business & Accounting Society
- **Laura Flynn**, 4ú bliain Cuntasaíocht, Dance Society

Mac Léinn Céad Bhliana is Fearr

- **Nana Oki**, 1ú bliain Bith-theicneolaíocht Chógaisíochta, Fashion & Beauty Society

25. Ghnóthaigh an mac léinn páirtaimseartha de chuid Cheolscoil Chorcaí CIT, **James Keaveney Jimenez**, an chéad duais ina chatagóir i gComórtas Eolaí Óg BT le déanaí. Ghnóthaigh a thionscadal dar teideal “How Music Affects Student Concentration” an chatagóir mheánach aonair d'Eolaíocht Shóisialta agus Iompraíochta. Fuair James an dara duais sa chatagóir Eolaíochtaí Beatha Aonair leis an tionscadal céanna ag SciFest 2012 de chuid na hInstitiúide i mí Aibreáin an bhliain seo caite
26. Ghnóthaigh **Robert Nolan** (MSc i Néalríomhaireacht 2011) an dara duais i mbronadh Accenture Leaders of Tomorrow i mBaile Átha Cliath ar 11 Aibreán 2013. Bronnadh an dara duais ar “Best Technology Enabled Solution” dá chuid agus é sin in aghaidh dianiomaíochta ó TCD, DCU agus ollscoileanna eile sa bhabhta deiridh den chomórtas dúshlánach ilstaide seo.
27. Ghnóthaigh céimí arís de chuid an chúrsa BEng (Onór) in Innealtóireacht Struchtúrtha Duais Mhic Léinn an Irish Concrete Society (Seán de Courcy Award), a bhronntar go bliantúil don tionscadal bliana deiridh is fearr ar chlár creidiúnaithe innealtóireachta sibhialta in Éirinn.

Ba é *Detailing to Eurocode2* tionscadal rathúil chéimí **Brian O'Riordan**. Is ábhar suntais é an éacht seo sa mhéid gurb í an tríú bliain as a chéile anois gur ghnóthaigh céimí de chuid an chlár BEng (Onór) in Innealtóireacht Struchtúrtha an duais (**Michael Minehane** 2009/10 agus **Daniel Coleman** 2010/11); léiríonn rath dá leithéid ag an leibhéal seo, in iomaíocht le tionscadal ó DIT agus ó na cúrsaí innealtóireachta sibhialta sna hearnálacha traidisiúnta cáilíocht an chlár BEng (Onór) in Innealtóireacht Struchtúrtha agus cáilíocht na hoibre tionscadail a dhéantar i dtionscadail na bliana deiridh.

28. Ar 18 Aibreán 2013, bhí Duaiseanna Bliantula Chomhairle an Aontais ar siúl ag Aontas na Mac Léinn inar bhronn an Dr Barry O'Connor, Cláráitheoir & Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Acadúla, agus An Dr Dan Collins, Bainisteoir Riaracháin Acadúil & Gnóthaí Mac Léinn, Teastais Fiúntais ar Ionadaithe Ranga as an gcion a thug siad go deonach do shaol an champais. Chuir Aontas na Mac Léinn cúigear Ionadaithe Ranga i láthair, a d'ainmnigh baill a gcuid ranganna, le duaiseanna mar aitheantas ar an “Sár-Chion Deonach” a thug siad le linn na bliana acadúla. Ba iad a fuair na duaiseanna:

1. **Aaron Dennehy**
2. **Shane Falvey**
3. **Chris Howard**
4. **Ciara O'Connor**
5. **Marco Quatrana**

Bhí Ionadaithe Ranga i gcónaí i gcroí fhás agus forbairt an Aontais. Bíonn ról lárnach acu sa phróiseas cumarsáide idir na mic léinn agus Aontas na Mac Léinn agus oibríonn siad ar *bhonn deonach* agus a gcuid ama á thabhairt acu saor in aisce ar mhaithe le cur le heispéaras coláiste a gcomh-mhac léinn agus le saol an champais

29. Ghnóthaigh an céimí de chuid Cheolscoil Chorcaí CIT, an soprán **Kelley Lonergan**, Sparántacht Ceoil an RDS de €10,000 tar éis gur éirigh léi i bhFeis Cheoil Electric Ireland 2013. (Ag an bhFeis Cheoil 2013, ghnóthaigh Kelley Corn Cuimhneacháin Mrs P.J. Geoghegan & Duais Gus Smith de €1,000, Sparántacht Ghutha Count John McCormack Cuisine de France de €5,000, agus Corn Cuimhneacháin Gervase Elwes & Sparántacht Business Plus de €2,500).

Tá Sparántacht Cheoil an RDS ar cheann de na sparántachtaí aonair is mó atá le fáil ag ceoltóir óg in Éirinn agus tá sí ar oscailt d'amhránaithe agus d'ionstraimithe araon. Tugtar deis cur isteach ar an sparántacht seo do bhuaiteoirí i gcomórtais shinsearacha i bhFeis Cheoil ESB Electric Ireland. I mbliana, chomh maith le Sparántacht Cheoil an RDS de €10,000, rinneadh obair le Ceolfhoreann Náisiúnta Shiansach RTÉ le linn an tséasúir 2013-2014.

Faoi láthair is mac léinn Máistir i Léiriú í Kelley ag Ceolscoil Chorcaí CIT. Bhain sí an chéim BMus amach in 2010 le Céad Onóracha.

30. Fuair mic léinn reatha agus iarmhíic léinn de chuid Cheolscoil CIT áit i gCeolfhoreann Óige an Aontais Eorpaigh sna trialacha éisteachta do thurasanna 2013/14. Is iad sin

Mic Léinn reatha

- **David Kenny**, mic léinn víola faoi láthair le Simon Aspell a ghnóthaigh áit don cheathrú bliain as a chéile
- **Sinéad O'Halloran**, mac léinn dordveidhle le Chris Marwood, don liosta cúltaca
- Tá **Martha Campbell**, mac léinn dordveidhle le Constantin Zanidache, agus **Louise Sullivan**, mac léinn coirn Fhraincigh le Seán Clinch, beirt san áireamh ar liosta iarrthóirí an Bhabhta Dheiridh iarmhíic léinn
- Ghnóthaigh **Cillian Ó Ceallacháin**, trombón, atá i mbun staidéir anois i nGlaschú, áit arís sa cheolfhoreann
- Ghnóthaigh **Aoife Burke**, atá ag staidéar i Manchuin faoi láthair, áit i rannóg na dordveidhle.

31. Bhí ócáid bhronnta **Duaiseanna Bliantula Spóirt CIT** ar siúl i gcomhar le Banc na hÉireann ar 29 Aibreán 2013 i Lárionad Mac Léinn Nexus. Ceiliúránn na duaiseanna bliain rathúil spóirt agus is iad na buaiteoirí duaise iad siúd a léiríonn an fíorspiorad agus an fíorluach a bhaineann le bheith rannpháirteach i spórt. Léiríonn na faighteoirí na leibhéil éagsúla gníomhaíochta ó scileanna na rannpháirtíochta, an eagraithe agus an riaracháin go dtí sáréachtaí uathúla spóirt. Bronnadh na duaiseanna seo a leanas:

Aon Duais Déag Aonair

- | | |
|-----------------------------|---------------------|
| 1. Craig Robinson | Sacar |
| 2. Dwayne Crowley | Tae Kwon Do |
| 3. Maria McShane | Eachaíocht |
| 4. Barry Pigott | Tréantógáil Meáchan |
| 5. Niall Marshall | Púl |
| 6. Mark Griffin | Peil Ghaelach |
| 7. Lorcán McLoughlin | Iománaíocht |
| 8. Ciarán Sheehan | Peil Ghaelach |
| 9. Diane Galvin | Tréantógáil Meáchan |
| 10. Maurice Malone | Cairtineacht |
| 11. Eugene Higgins | Galf |

Duais Mhic Léinn na Chéad Bhliana

Cullen Lynch, ball den Chlub Lúthchleasaíochta

Duais Éachta Iarchéimí

Rachael Vanderwal, a fuair a céim ó CIT in 2007 le dioplóma i bhFóillíocht agus Áineas. D'imir sí Cispheil idirnáisiúnta leis an mBreatain agus bhí ina ball dá Scuid Oilimpeach 2012.

An Club is Mó Feabhas

Tharla athrú go bun ar bhuaiteoir na bliana seo, an **Equestrian Club**, agus tar éis dó a bheith san iomaíocht i gcomórtais amháin, an Chraobh bhliantúil Idir-Ollscoile, chuaigh ar aghaidh le bheith san iomaíocht in an-éagsúlacht comórtais eile.

Club na Bliana

Club Tréantógála Meáchan. Tháinig méadú ar bhallraíocht an Chlub i rith na bliana agus tá croíghrúpa tiomanta ann de 50 ball gníomhach. D'éirigh thar barr leis an gClub i mbliana go dtí seo, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta agus tá tuilleadh comórtais le teacht fós.

Cúig Dhuais Éachta

- | | |
|------------------------------|--|
| 1. Jane Mangan | Cheltenham 2013 |
| 2. Pat O'Connor | Iománaíocht Uile-Éireann 2012 F21 |
| 3. Stephen O'Halloran | Uile-Éireann 2012 F21 |
| 4. David O'Halloran | Uile-Éireann 2012 F21 |
| 5. Emma Farmer | Peil Uile-Éireann Shinsir na mBan 2012 |

32. Bronnadh an 1ú duais ar Cheolscoil Chorcaí CIT agus ar **Youth Choirs** (stiúrthóirí James Taylor agus Maria Judge) sa Chomórtas Náisiúnta do Chóir Ógra ag Córfhéile Idirnáisiúnta Chorcaí agus do Chlár BMus **Capella Lyrica** (stiúrthóir Maria Lynch), a ghnóthaigh an 2ú duais i gcomórtas Cór Éireannach na Bliana agus fuair freisin Trófaí Cuimhneacháin Philib Uí Laoghaire, Duais Speisialta don Léiriú is fearr ar phíosa i nGaeilge sna Comórtais Náisiúnta do Chóir Daoine Óga agus Daoine Fásta.

33. Bhí an tAire Oideachais agus Scileanna, Ruairí Quinn TD, i láthair ag Searmanas Bronnta Céimeanna a bhí ar siúl ar 9 Bealtaine 2013. Bronnadh na dámhachtainí seo a leanas:

- Ard-Diplóma in Eolaíocht i bhForbairt Bogearraí
- Ard-Diplóma in Eolaíocht i Néalríomhaireacht
- Ard-Diplóma in Eolaíocht i bhForbairt Bogearraí Néalacha & Móibíleacha
- Baitsiléir Eolaíochta (Onór) i Néalríomhaireacht
- Máistir Eolaíochta i Néalríomhaireacht
- Máistir Eolaíochta i mBitheolaíocht Ríomhaireachtúil

Bronnadh céimeanna Máistir Eolaíochta i Néalríomhaireacht ar chéad chéimithe an chúrsa, ar an gcéad chohórt ón Máistir Eolaíochta i mBitheolaíocht Ríomhaireachtúil, agus ar an gcúrsa tiontaíthe Scileanna TF Leibhéal 8 i Néalríomhaireacht.

34. Bhí babhtáí ceannais Duaiseanna Innealtóra don Mhac Léinn Nuálaíoch Leibhéal 8 de chuid Innealtóirí Éireann ar siúl ar 10 Meitheamh 2013 ag Ceanncheathrú Innealtóirí Éireann, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath.

Fógraíodh **Patrick Byrnes**, mac leinn de chuid CIT, ina bhuaiteoir. Ba é teideal a thionscadail ná "Automation of Femoral Implant Ultrasonic Cleaning and Blast Processes at Zimmer Orthopaedics". Cuireadh mac léinn eile de chuid CIT, **John Roberts**, ar an ngearrliosta as líon mór aighneachtaí eile d'ardchaighdeán ó bhreis is 16 choláiste incháilithe ar fud an oileáin. Ba bheirt iad seo den chúigear mac léinn a cuireadh ar an ngearrliosta. Tháinig an triúr eile as Ollscoil Éireann Gaillimh (NUIG), as Ollscoil Náisiúnta na hÉireann (Mánuat) agus DIT.

35. Bhí an rath ar CIT i dtrí cinn de na babhtáí ceannais as breis is 400 iontráil ó gach cearn den oileán seo ar Bhabhtáí Ceannais **Enterprise Ireland/Invest Northern Ireland Think Outside the Box** Box i nGaillimh ar 12 agus 13 Meitheamh 2013. Éacht mór dearfach a bhí i rath CIT agus cruthúnas le haghaidh foirne as an tríú/ceathrú blianta ildisciplíneacha do AH Technology, Sweet Sounding Electrics agus 123 Fitness, a meastar anois a bheith ar na focchéimithe, máistirí agus dochtúirí is fearr sa tír atá ag iomaíocht.

Ar 13 Meitheamh 2013, d'fhógair an tAire John Perry torthaí Chomórtas Enterprise Ireland/Invest Northern Ireland Think outside the Box.

Fiontraí Mic Léinn Enterprise Ireland/Invest Northern Ireland Think outside the Box na Bliana 2013 - €10,000

Táirge Cuideachta AH Technology: Foireann Nuálaíochta Mastech CIT Animal Healthcare Device Design and Development
Foireann Ildisciplíneach Nuálaíochta Tosaithe

Nicola O'Mahony, Donal Carey, Kenneth Barry, Damien McAuliffe, Ciaran Malone, Owen McDonagh, agus James Cahill.

An Dara háit agus Cruickshank Intellectual Property Attorneys Most Technologically Innovative Product - €5,000

Táirge Cuideachta Sweet Sounding Electrics: HushHush Hairdryers CIT Electronic Device Development
Foireann Ildisciplíneach Nuálaíochta Tosaithe

John Kelleher, Mariah Reidy, Marco Quatrana, Kieran Minehane, Colm Kearney, Shane O'Driscoll, agus Niamh Ryan

Enterprise Ireland/Invest Northern Ireland Award of Merit - €1,500

Táirge Cuideachta 123 Fitness: Robobox
CIT Sports Training Device Development
Foireann Ildisciplíneach Nuálaíochta Tosaithe

Eoghan McEnery, Brian Hand, Aidan O'Sullivan, David Linehan, James Fogarty, David Waterman, agus Donagh Good

Mar thoradh ar an rath neamhghnách seo, déanfaidh CIT Fiontraí Mic Léinn Enterprise Ireland/Invest Northern Ireland Think outside the Box a óstáil in 2014.

36. Bronnadh Céimeanna Ardteastais ar 20 Meitheamh 2013 in CNMÉ agus fuair 72 réamhchémí a gcuid pár.

37. Ghnóthaigh **Ruth Keary**, mac léinn PhD in Eolaíochtaí Bitheacha Feidhmeacha de chuid CIT, duais Teagasc don Chur i Láthair is Fearr ó Bhéal ag an 42ú Comhdháil Taighde Bhliantúil Bia a bhí á hóstáil ag Lárionad Taighde Bia Teagasc ó 27 go 28 Meitheamh 2013. Ba é ba theideal dá cur i láthair ná "Use of a bacteriophage-derived enzyme for staphylococcol biofilm control"

38. Comhgháirdeas le Foireann na hÉireann as ar éirigh leo a bhaint amach ag 42ú Comórtas WorldSkills a tháinig chun críche go spleodrach in Airéana Messe Leipziger in Leipzig na Gearmáine ar 21 Iúil 2013.

3.12 Ombudsman na Mac Léinn

D'fhaomh an Bord Rialaithe Polasáí Gearáin na Mac Léinn ag cruinniú dá gcuid ar 1 Iúil 2010. D'éiligh an polasáí sin go mbunófaí ról nua "Ombudsman na Mac Léinn" in CIT agus leag amach téarmaí tagartha dá ról, agus é ag tuairisciú don Uachtarán.

Cuireann Ombudsman na Mac Léinn comhairle ar mhic léinn agus cuidíonn leo maidir le réiteach a aimsiú ar bhealach neamhfhoirmiúil ar fhadhbanna nó ábhair ghearáin a bhaineann le baill foirne nó seirbhísí de chuid na hInstitiúide.

D'fhéadfadh na seirbhísí a chuireann Ombudsman na Mac Léinn ar fáil saincheisteanna ábhartha mic léinn a atreorú le haghaidh réitigh ag na seirbhísí sin de réir mar is iomchuí.

Bíonn gach fiosrúchán de chuid Ombudsman na Mac Léinn faoi rún, ach amháin i gcás go mbeadh bagairt thromchúiseach ann ar bheatha nó ar mhaoin.

Ceapachán Ombudsman na Mac Léinn

Iarradh ainmniúcháin ón bhfoireann acadúil. Rinne an tUachtarán an ceapachán tar éis athbhreithnithe a raibh baint ag an gCláráitheoir & Leas-Uachtarán do Ghnóthaí Acadúla agus Uachtarán Aontas na Mac Léinn leis.

- Ceapadh Paul Sliney Uas., iarbhall ar scor den fhoireann acadúil ó 24/9/2010 go 31/1/2012.
- Ceapadh Kevin Kelly Uas., iarbhall ar scor den fhoireann acadúil ó 1/2/2012 go 31/1/2013.
- Ceapadh John P. Murphy Uas., iarbhall ar scor den fhoireann acadúil ó 1/2/2013.



Réadlann Chaisleán na Carraige Duibhe CIT

4. Taighde & Forbairt

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

- 4.1 Gníomhaíochtaí Forbartha
- 4.2 Gníomhaíochtaí Taighde
- 4.3 Foilseacháin Taighde
- 4.4 Naisc Sheachtracha Forbartha
- 4.5 Gníomhaíochtaí AE agus Idirnáisiúnta
- 4.6 Forbairt Champais
- 4.7 Bainistiú Sábhálteachta & Saoráidí

4.1 Gníomhaíochtaí Forbartha

Tacaíocht CIT do Chuideachtaí

Tá an Institiúid tiomanta do chabhair a thabhairt d'fhiontraihte agus do thosuithe nua gnó sa réigiún. Cuirtear tacaí agus deiseanna ar fáil freisin do chuideachtaí atá ann cheana lena gcuideachtaí a chur chun cinn go dtí an chéad leibhéal eile. Déantar é sin go mór mór trí Lárionad Rubicon agus trí na cláir a reáchtálar ón Lárionad, agus freisin tríd an gClár Technology Gateways (Clár an Lárionad Taighde Fheidhmigh (ARE) mar a bhíodh air).

Lárionad Rubicon

Cuireann Lárionad Rubicon cóiríocht ar fáil do 220 duine, agus iad ag obair i 60 cuideachta tosaithe. Is é seo an comhchruinniú cuideachtaí tosaithe is mó in Éirinn. Tá naisc le CIT ag níos mó ná 50% de na cuideachtaí atá bunaithe sa Rubicon. Baineann na naisc sin le socrúcháin mhic léinn, tionscadail mhic léinn nó le comhthaighde agus forbairt.

Lean Lárionad Rubicon dá chlár forbartha a reáchtáil i rith na bliana.

New Frontiers (Céim 1)/Enterprise Start

Lean CIT den chlár Enterprise Start a reáchtáil i gcaitheamh na bliana faoina bhrandáil nua, New Frontiers (Céim 1). Cuidíonn Enterprise Start le fiontraihte folaigh cinntí a dhéanamh maidir le hindéantacht a smaoinimh agus tugann léargas ar na gnéithe bunriachtanacha a bhaineann le fiontar nua a chruthú. Ag deireadh an chláir, tugtar an deis do gach rannpháirtí a bplean gnó a chur i láthair phainéal saineolaithe agus áisíneachtaí tacaíochta. Féadfaidh na rannpháirtithe comhairle agus tacaíocht a fháil maidir le cár cheart tuilleadh cúnamh a lorg chun a smaoineamh gnó a fhorbairt. Ar chríochnú an chláir dóibh, leanann tuairim is 80% dóibh ar aghaidh chun a gcoincheap gnó a fhorbairt ar bhonn páirtaimseartha nó lánaimseartha. Baintear úsáid as an gClár seo freisin i dtosca ina mbeadh cuideachtaí ag dúnadh, agus cuireadh roinnt clár i gcrích áit a raibh cuideachtaí ilnáisiúnta i mbaol líon a gcuid fostaithe a laghdú.

New Frontiers (Céim 2) (Clár Fiontraíochta Genesis roimhe seo)

Imríonn Clár New Frontiers tionchar suntasach ar cheantar Chorcaí i dtéarmaí na dtosuithe gnólachtaí. Ina seal, chuaigh roinnt mhaith cuideachtaí "céimí" New Frontiers ar aghaidh chun céimithe CIT a fhosú. Is foinse rialta socrúcháin iad do mhic léinn CIT agus tá tionscadail chomhoibrítheacha chonartha taighde ag cuid mhaith dóibh le CIT.

I mí Eanáir, bhí Seán Sherlock TD, Aire Stáit don Thaighde agus Nuálaíocht, i gceannas ag na Gradaim Bhliantúla agus ag an gCur ar Taispeáint. Cuireann an searmanas gradaim críoch le bliain na rannpháirtithe ar an gclár. Tháinig na 12 rannpháirtí as raon earnálacha ar a n-áirítear cluichíocht, micreilectreonaic, cineálacha nua meán, bia, feistí leighis agus seirbhísí a thrádálar go hidirnáisiúnta.

Bhí breis is 200 duine i láthair ag Taispeántas & Gradaim Genesis 2013 as comhlachtaí forbartha réigiúnacha, rannpháirtithe reatha agus iar-rannpháirtithe Genesis, caipitlithe fiontar, infheisteoirí príobháideacha, an pobal ardoideachais agus an pobal mór gnó sa réigiún Thiar Theas. Bronnadh Gradam Alumni Genesis 2013 ar AspiraCon (Clár Genesis 2007/2008). Bronntar an gradam go bliantúil ar an alumnus de chuid Chláir Genesis a rinne éachtaí suntasacha ina réimse tráchtála nó a chuir ar bhealach suntasach le forbairt eacnamaíochta gnólachtaí eolasbhunaithe sa réigiún. Fostaíonn an Chuideachta breis is 30 duine agus tá a gcuid táirgí le fáil ar cheithre mhór-roinn.

PINC

Lean CIT de PINC a reáchtáil, ar clár tiomnaithe é d'fhiontraihte baineanna. Is dianchlár é PINC le haghaidh fiontraihte baineanna a dteastaíonn uathu a gcuid smaointe gnó a fhorbairt go dtí an chéad chéim eile. Reáchtálar an clár go páirtaimseartha i gcaitheamh 10 seachtaine, rud a ligeann do na rannpháirtithe a gcuid cúram teaghlaigh a chothromú agus iad ag an am céanna i mbun pleanála agus forbartha a gcuid fiontar gnó. Is é an smaoineamh a spreagann PINC ná deis a thabhairt do na rannpháirtithe díriú ar a smaoineamh gnó i ngrúpthimpeallacht struchtúrtha agus meantóireacht a fháil duine le duine ag an am céanna ar gach gné dá ngnó. Faoi láthair is é céatadán na gcuideachtaí a bhfuil mná i gceannas orthu sa Rubicon ná 25% agus is céatadán an-ard é sin. Tá PINC ar cheann de na tosca is mó is cúis leis an gcéatadán seo.

Naisc Am Lóin

Reáchtáladh roinnt "Naisc Am Lóin" le linn na bliana faoinar tugadh cuireadh do lucht foirne as ranna acadúla éagsúla chuig ócáid am lóin agus í á hóstáil ag Lárionad Rubicon. Deis a bhí san ócáid líonraithe chun na tacaíochtaí atá ar fáil laistigh den Rubicon a aibhsiú chomh maith le roghbhliúire de na cuideachtaí atá bunaithe ann. Rinne na ranna acadúla achoimre ar na cineálacha clár

a sheachadtar ina réimse féin agus ar na scileanna atá ar fáil sna foirne. Thug na hócáidí “naisc” deis don lucht foirne acadúil agus d’fhoireann Rubicon araon réimsí don chomhoibriú a iniúchadh a bheadh comhthairbheach dóibh araon.

Tionscadail AE do Thosuithe Gnó

Tá baint ag an Institiúid leis an tionscadal AETESLA. Is tionscadal comhoibritheach Eorpach é TESLA atá dírithe ar thacaíocht nuálach do chuideachtaí teicneolaíochta agus iad ina gcéad chéimeanna. I gcomhar leis na comhpháirtithe, Comhthionól Réigiúnach na Teorann, Lárthíre agus an Iarthair atá bunaithe i Ros Comáin, an Bheilg, An Fhrainc, an Bhreatain Bheag, an Ghearmáin agus an Ísiltír, tá CIT freagrach as gníomhaíochtaí a bhaineann le hidirnáisiúnaí, forbairt táirgí nua agus fiontraíocht i gcuideachtaí móra.

Tionscnamh Beacon

Tá Tionscnamh Beacon á mhaoiniú ag Comhairle Chontae Chorcaí agus é mar aidhm aige naisc níos láidre a chothú idir gníomhaíochtaí taighde agus frontair na hInstitiúide agus cuideachtaí i mór-réigiún Chorcaí. Bhí deis ag breis is 100 cuideachta idirghníomhú le Tionscnamh Beacon agus sainaitníodh roinnt deiseanna forbartha do chuideachtaí atá ann cheana féin. Orthu siúd tá fás na fostaíochta, díolacháin idirnáisiúnta a mhéadú agus tionscadail fholaigh taighde agus forbartha.

Aistriú Nuálaíochta agus Teicneolaíochta

Leanann an acmhainn tiomnaithe Aistriú Teicneolaíochta de ról dílis a imirt i dtacú le breis idirghníomhaíochta le tionscal i ngach roinn ar fud na hInstitiúide.

Fuarthas maoiniú de €150,000 ó Fhiontar Éireann chun leanúint den ghníomhaíocht seo. In 2012, bhí breis agus 135 idirghníomhaíocht le tionscal a d’éiligh comhaontuithe amhail comhaontaithe neamhnocha a dhréachtú. Gineadh an chuid ba mhó den ghníomhaíocht sin tríd an Lárionaid um Fheabhsú Taighde Fheidhmigh (TEC & CAPP) de réir mar a chuireann siad le leibhéal na gníomhaíochta le tionscal sa réigiún.

Le linn na bliana acadúla 2012/2013, baineadh amach an ghníomhaíocht aistrithe teicneolaíochta seo a leanas:

- Ceadúnais, Roghanna 3
- Nochtaí Fionnachtana 19
- Paitinní 3

Dréachtaíodh Polasaí nua Maoine Intleachtúla (IP) agus cuireadh i bhfeidhm é le linn na bliana. Reáchtáladh roinnt sainchúrsaí oiliúna le linn na bliana don phobal taighde chun a bhfeasacht ar chúrsaí IP a mhéadú. Taispeánadh dóibh conas IP a chosaint agus na roghanna atá ann chun IP a shaothrú agus a thráchtáil.

Fiontraíocht Mhic Léinn

Gníomhaíochtaí Fiontraíochta Fochéime

Bíonn CIT ag cur lena gníomhaíocht fochéime i réimse na fiontraíochta bliain i ndiaidh bliana. D’imír an Oifig um Chaidreamh le Tionscal ról ceannasach sa réimse seo chomh maith le líon méadaitheach ranna acadúla. Is buntáiste mór é Lárionad Rubicon i gcur chun cinn an chláir seo chomh maith le bunú Lárionad Hincks don Scothchleachtas Fiontraíochta in 2013.

Duais CIT 2013 Bhoird Fhiontraíochta Chontae agus Chathair Chorcaí don Nuálaíocht

Bhí an 11ú Duais CIT don Nuálaíocht ar siúl i gCúirt Lárionad Nexus na Mac Léinn ar 8 Márta 2013 agus thug Olive Loughnane Uas., Iúthchleasaí Éireannach a sheas d’Éirinn i gceithre chluiche Oilimpeacha agus cúig Bhabhta Ceannais Domhanda, an príomhaitheasc.

Chuir “Fiontraíochtaí” (30 foireann ina raibh begnach 140 mac léinn) a gcuid gnólachtaí ar taispeántas le linn an taispeántais agus bronnadh ciste duaise de €10,000 ar fad ar na hiontrálacha buachacha. Rinne breis is 300 mac léinn ón Institiúid agus ó Chlár Scoileanna Chorcaí freastal ar Lá na Nuálaíochta. Rinne Boird Fhiontair Chontae agus Chathair Chorcaí urraíocht ar an gcomórtas agus le hais na nduaiseanna airgid tá buanchorn ar taispeántas i Roinn na hInnealtóireachta Meicniúla, Bithleighis & Déantúsaíochta.

Rinne an Institiúid Clár Fiontraíochta Scoileanna Chorcaí a óstáil freis agus é le bheith ar siúl i gcomhthráth lena “Duais don Nuálaíocht”. Tá mar aidhm ag Clár Fiontraíochta Scoileanna Chorcaí eolas a thabhairt do mhic léinn dara leibhéal maidir leis na fíricí a bhaineann le gnó a bhunú agus a riaradh.

Duaiseanna don Smaointeoireacht as an nGnách (Think Outside the Box) (Duaiseanna Mic Léinn mar a bhíodh)

Cuireadh roinnt tionscadal de chuid CIT isteach ar na Duaiseanna Uile-Éireann don Smaointeoireacht as an nGnách, rud a thug deis do mhic léinn tríú leibhéal ar fud na hÉireann dul san iomaíocht don teideal santaithe sin “Fiontraíochtaí Coláiste na Bliana” agus scair den chiste duaise de €65,000 a ghnóthú. Éiríonn go maith le CIT sa chomórtas seo agus bhain an duais fhoriomlán in 2004, Duais Cruickshank & Co Teicneolaíocht don Nuálaíocht in 2005, Duais Choláiste in 2006, an duais fhoriomlán in 2007, Duais Cruickshank & Co Teicneolaíocht don Nuálaíocht in 2008 agus an 2ú háit in 2010.

In 2013, as 400 iontráil ón oileán uile, ghnóthaigh foireann ildisciplíneach mac léinn de chuid CIT an teideal fhoriomlán Fiontraíochtaí Mic Léinn na Bliana mar aon le €10,000. Ghnóthaigh dhá ghrúpa eile de chuid CIT an dara háit agus duais fiúntais.

Intéirneach Fiontair

Tá beirt Intéirneach Fiontair ag CIT a chuireann an fhiontraíocht chun cinn i measc phobal na mac léinn. Tá Intéirneach amháin bunaithe san Oifig Forbartha agus an dara duine i Lárionad Rubicon. Tá teacht ag an mbeirt Intéirneach ar an bhFoireann Acadúil agus ar fhoireann Lárionad Rubicon agus ar na 60 cuideachta tosaithe atá bunaithe ansin. Caitheann na hIntéirneach 20 uair an chloig i mbun chur chun cinn na fiontraíochta ar an gcampas le linn dóibh a bheith i mbun céim Máistir a dhéanamh in CIT freisin. Reáchtáil na hIntéirneach roinnt comórtas le linn na bliana, ar a n-áirítear an comórtas do mhic léinn dara leibhéal a bhí ar siúl ar an Lá Oscailte i Samhain 2012.

Clár Gortainne

Le linn mhíonna an tsamhraidh, rinne cúig thionscadal mic léinn, a chuimsigh seisear mac léinn, freastal ar an Rubicon go lánaimseartha agus a smaointe gnó á bhforbairt acu. Le linn an ama sin rinne siad freastal ar cheardlanna seachtainiúla a chuimsigh roinnt mhaith topaicí, rud a chuir ar a gcumas plean gnó críochnaith a bheith déanta acu faoi 1 Meán Fómhair. Fuair na mic léinn meantóireacht ó thionscal agus cabhair airgid ón Scoil Ghnó agus ón Scoil Innealtóireachta & Eolaíochta, agus cóiríocht oifige ón Rubicon. Cuireadh an clár intéirneachta i gcrích i Meán Fómhair 2013 nuair a cuireadh na gnólachtaí mic léinn a cruthaíodh le linn mhíonna an tsamhraidh i láthair agus nuair a seoladh iad don Fhoireann Shinsearach. Shínigh duine de na rannpháirtithe ón mbliain roimhe sin (agus gan céim bainte amach go fóill aige) léas le haghaidh aonad ceathrair sa Rubicon le linn an tsamhraidh.

Fiontraí Cónaitheach

D'imir ceapachán Kieran Moynihan mar Fhiontraí Cónaithe CIT i Meán Fómhair 2010 tionchar dearfach ar na mic léinn, ar an bhfoireann agus ar na cuideachtaí atá bunaithe i Lárionad Rubicon. Chomh maith le treoir agus tacaíocht a chur ar fáil do na cuideachtaí sa Rubicon agus infheistíocht á lorg acu, tá Kieran tar éis bualadh le foireann agus mic léinn CIT ar fud an champais agus an nuálaíocht agus an fhiontraíocht á gcur chun cinn aige. Rinne Kieran ionadaíocht freisin don Institiúid ag imeachtaí réigiúnacha agus náisiúnta, e.g. Treoirlínte Náisiúnta don Oideachas Fiontraíochta.

Nuálaíonn Corcaigh

Tá Fóram bunaithe ag Cumann Tráchtála Chorcaí, Nuálaíonn Corcaigh, le scrúdú a dhéanamh ar conas an fhiontraíocht a spreagadh sa réigiún. Tá ionadaithe ag an Institiúid ar thrí fhochoiste de chuid na heagraíochta seo. Agus saol na heacnamaíochta mar atá, tá sé rithábhachtach go gcruthódh Corcaigh comhshaol fabhrach d'fhorás na fiontraíochta agus d'fhorbairt gnólachtaí dúchasacha a d'fhéadfadh fostaíocht a chruthú agus easpórtálacha na hÉireann a mhéadú. Is é atá mar chuspóir ag an gCoiste ná teachtaireacht chomhtháite ghlé a fhorbairt ó na páirtithe leasmhara go léir le cultúr na fiontraíochta agus tacaíocht d'fhiontraithe an réigiúin a chur chun cinn.

Seachtain na Nuálaíochta

Bhí Seachtain na Nuálaíochta ar siúl ó 4 - 8 Márta 2013 agus reáchtáladh 18 imeacht éagsúla le linn na seachtaine. Reáchtáladh imeachtaí ar Champas Bhaile an Easpaig, Coláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT agus Réadlann Chaisleán na Carraige Duibhe CIT. Thart ar 1,200 duine a rinne freastal ar na himeachtaí nó a chuir isteach ar cheann den iliomad comórtas le linn Sheachtain na Nuálaíochta.

Tionscnamh CoderDojo CIT

Is gluaiseacht dhomhanda é CoderDojo (www.CoderDojo.com) a chuirtear ar fáil ar bhonn deonach chun bunús agus oideachas teicniúil a thabhairt do pháistí le cód ríomhchláir a scríobh. Tá grúpaí CoderDojo bunaithe go maith cheana féin i mbreis is 200 suíomh i gcúig mhór-roinn. Leagann CoderDojo béim freisin ar an ngá go ndéanfadh daoine óga dul chun cinn lena bheith ina meantóirí – bunaithe ar inniúlacht theicniúil, beag beann ar an aois atá acu.

Thionscain CIT caibidil CoderDojo i Márta 2012. Tá sí á reáchtáil ag oibrithe deonacha as lucht foirne agus mic léinn CIT ón Institiúid uile. Cuireann Lárionad Rubicon agus Lárionad NIMBUS an láthair ar fáil don chlub ar bhonn seachtainiúil agus cuireann Dámh na hInnealtóireachta & na hEolaíochta cabhair airgid ar fáil le haghaidh tomhaltán.

Ó cuireadh tús leis, tá breis is 140 páiste tar éis páirt a ghlacadh i gclár CoderDojo agus 50 díobh rannpháirteach sa chlár ar bhonn seachtainiúil. Tá liosta feithimh iontrála de 70 páiste ann agus tá cuid mhaith díobh sin ar an liosta ar feadh bliana nó níos faide.

D'éirigh go maith leis an tionscnamh CoderDojo sa chéad bhliain dó i roinnt comórtas réigiúnach agus náisiúnta:

- Ghnóthaigh triúr mac léinn dara leibhéal Duais Nuálaíochta HP ag comórtas Eolaí Óg BT don Aip Athbheithnithe Staidéir a d'fhorbair siad le CoderDojo
- Tháinig códálaí a raibh deich mbliana d'aois aici sa dara háit sa chomórtas LERO National Scratch dá beochan ar Jolly Phonics
- Tháinig foireann CoderDojo CIT sa dara háit i gcomórtas réigiúnach Lego Robot atá á reáchtáil ag Cumann Tionscal na Leictreonaice Chorcaí

4.2 Gníomhaíochtaí Taighde

4.2.1 Gníomhaíochtaí Taighde agus Forbartha – Buaicphointí Institiúideacha

Ba é an tioncam iomlán taighde do 2012/13 ná €17.9m arbh é an t-ioncam neamh-stáitchiste ná €7.6m arna chomhdhéanamh de thionscal (€4.4m), AE (€2m) agus conradh (€1.2m).

Is achoimre é an tábla seo a leanas ar an bhfoireann neamhadúil agus iarchéimithe taighde a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta.

Rangú	Líon
Mic Léinn PhD	99
Máistrí Taighde	44
Taighdeoirí Iardhoctúireachta	39
Taighdeoirí ar Chonradh	23
Cúntóirí Taighde	6
Teicneoirí Taighde	2
Bainisteoirí Cláir	13
IOMLÁN	226

Táthar ag súil go mbeidh an foirgneamh taighde atá á mhaoiniú ag PRTL 5, an Lárionad d'Ard-Innealtóireacht Theiripeach (CREATE), críochnaithe faoi dheireadh mhí Dheireadh Fómhair 2013 agus é a bheith sealbhaithe i mí na Samhna.

Cuireadh atheagar ar an Struchtúr Taighde i gcrích. Aithníonn an struchtúr nua eagraíochtúil trí phríomhaonán taighde – Lárionaid, Grúpaí agus Aonaid.

Rinneadh dul chun cinn suntasach sa Chreat Gairme do Thaighdeoirí. Ba é atheagrú an struchtúir taighde an chéad ghné ar ghlac an Institiúid léi, agus dhá ghné eile (róil agus freagrachtaí taghdeoirí agus measúnú ar fheidhmíocht taighdeoirí) le bheith curtha i láthair le glacadh leo sa bhliain acadúil 2013/14.

Is comhpháirtí é Lárionad Taighde CAPPa i Lárionad Taighde Fótonaice Comhtháite na hÉireann (I-PIC) atá á mhaoiniú ag SFI. Is ceann é seo de sheacht Lárionad Taighde atá á maoiniú ag SFI in 2013 agus is í an infheistíocht taighde stáit/tionscail is mó in Éirinn í, a bhfuil iomlán de €300m i gceist leis thar 6 bliana. D'éirigh go maith leis na Lárionaid Taighde BIO-EXPLORE agus Halpin sa chlár seo, agus iad ina gcomhpháirtithe faoi seach sa Lárionad Cógasbhitheach Bia (APC) agus i Lárionad d'Fhuinneamh In-athnuaite na hÉireann (MaREI). Ba í CIT an t-aon Institiúid Teicneolaíochta a fuair maoiniú tríd an scéim ardghradamach seo.

D'fhoilsigh taighdeoirí isteach is amach le 150 foilseachán irise piara-léirmheasta agus luadh imeachtaí comhdhála 530 uair agus thug a gcion d'innéacs Institiúideach de 28. Lean siad dá rannpháirtíocht láidir le tionscal agus baint acu le níos mó ná 130 cuideachta i dtionscadail T&F, agus chuir siad 410 tionscadal fochéime i gcrích le comhpháirtithe tionsclaíocha.

Is comhpháirtí í CIT in dhá cheann de na trí chlár SFI-mhaoinithe atá dírithe ar an gcomhoibriú taighde a mhéadú le comhpháirtithe san India, sa tSín agus sa Bhreasaíl. Is ball í CIT de chuibhreannais na hIndia agus na Síne.

4.2.2 Buaicphointí na Lárionad Taighde

Mar a thaispeántar sa tábla thíos, tá ceithre réimse Téamach aitheanta Taighde ag CIT, agus a Lárionad Taighde agus Nuálaíochta féin bainteach leo, agus dhá cheann le Grúpa Taighde agus Nuálaíochta bainteach leo.

Réimse Téamach Taighde	Lárionad Gaolmhar T&N	Grúpa Gaolmhar T&N
Teicneolaíochtaí Faisnéise & Cumarsáide (TFC)	Lárionad NIMBUS don Taighde i gCórais Leabaithe Líonraithe	
Eolaíochtaí Beatha & Folláine	Lárionad Taighde BIO-EXPLORE	
Fótónaic	CAPPA – Lárionad d'Ardfhótónaic agus Anailís Próisis	Grúpa Réalteolaíochta agus Ionstraimíochta
Comhshaol Muirí, Fuinnimh agus Inbhuaine	Lárionad Taighde Halpin	Grúpa Fuinnimh
Aclaíocht agus Sláinte*		Spraoi

*Tá *Aclaíocht agus Sláinte* lonnaithe i Scoil na nDaonnachtaí agus tá próiseas aitheantais fhoirmiúil mar TRA ar siúl faoi láthair. Níl aon Lárionad T&N bainteach leis go fóill. Ach tá beartaithe ceann a fhorbairt de réir mar a fhasann an Grúpa Spraoi.

Is achoimre é seo a leanas ar na buaicphointí ó na Lárionad T&N.

(i) Lárionad Taighde & Nuálaíochta BIO-EXPLORE

D'iontráil líon iomlán de 12 mhac léinn PhD sa lárionad in 2012/13. Tá breis is 20 mac léinn PhD ag an lárionad anois. Bronnadh maoiniú mór ar thionscadail éagsúla i réimsí a chuimsíonn diagnóisic mhóilíneach, eolaíocht talmhaíochta, bithfhaisnéisíocht agus brath ceimiceach i ndiaidh sraith glaonna maoinithe an-iomaíochta le linn na 6 mhí seo caite. Aibhsíonn sé sin an phróifíl ard agus an cuntas teiste aitheanta atá ag foireann taighde BIO-EXPLORE agus pleananna á gcur i gcrích faoi láthair bogadh go dtí foirgneamh nua úrscóthach CREATE.

Rinne taighdeoirí BIO-EXPLORE, an Dr Ambrose Furey agus an Dr Brigid Lucey, an trealamh suntasach a fuair siad faoi scéim Bonneagar Taighde SFI ar chostas €800,000 a shuiteáil. Déanfaidh an Dr Furey obair ar anailís throm-mhiotail i bhfuil agus séiream i gcomhar le hOspidéal Ollscoile Chorcaí (CUH). Beidh an Dr Lucey ag obair i gcomhar le CUH ar anailís ghasa ar fhíocháin bhithéolaíochta. Lena chois sin, fuair an Dr Jim O'Mahony agus an Dr Helen O'Shea deontais ar leithligh de bhreis is €100,000 an ceann ón Roinn Talmhaíochta chun taighde a mhaoiniú ar thionscadail atá bainteach le sláinte ainmhí. Fuarthas na deontais sin faoin gClár ardiomaíoch maidir leis an mBeart Taighde Institiúide ar Bhia.

Rinne taighdeoirí faoin ngrúpa innealtóireachta bithleighis (MEDIC) laistigh de BIO-EXPLORE feiste a cheadúnú do BCO Pharma Ltd, atá ceaptha chun druga a sheachadadh le haghaidh cóireála Otitis Media (ionfhabhtú na cluaise láir). Clochmhíle mhór é sin do MEDIC de bhrí gurb í an chéad Chomhpháirtí Nuálaíochta í atá ceadúnaithe ag MEDIC do chuideachta comhpháirtíochta chomhoibríthe.

(ii) Lárionad Taighde & Nuálaíochta CAPPA

Is comhpháirtí é CAPPA sa Lárionad Taighde ar an bhFótónaic Chomhtháite (I-PIC) atá maoinithe le déanaí. Is ceann é sin de na seacht Lárionad Taighde a mhaoinigh SFI in 2013 san infheistíocht taighde stáit/tionscail is mó riamh in Éirinn, arbh fhiú €300m é thar 6 bliana. Ba í CIT an t-aon Institiúid Teicneolaíochta a fuair maoiniú faoin nglao. Laistigh de Lárionad I-PIC (dar luach €23m), beidh CAPPA ag obair ar thionscadail le 5 chuideachta réigiúnacha, MNCanna agus Fiontair Bheaga agus Meánacha, chomh maith le croíthaighde a bhaineann go hábhartha le gach ball den lárionad.

Leanann Technology Gateways CAPPA, ar cuireadh tús leis go hoifigiúil in Eanáir 2013 agus atá á mhaoiniú ag EI, de bheith ag tógáil ar an rath a bhí ar an Lárionad um Fheabhsú Taighde Fheidhmigh, chun bheith rannpháirteach le comhpháirtithe tionscail i dtaighde feidhmeach comhoibrítheach. Tugann Gateway Technology teicneolaíocht agus teicnící na fótónaice chuig réimsí amhail feistí leighis, próiseáil agus anailís chógaisíochta agus bia. Tá punann 2012/13 arbh fhiú €4.5m í ag Teicneolaíocht Gateway CAPPA, agus €1.7m (38%) de ag teacht ó thionscal. Cuimsíonn an €4.5m tionscadail thionsclaíochta atá críochnaithe, tionscadail leanúnacha thionsclaíochta, tionscadail atá maoinithe ach nár cuireadh tús leo fós agus gníomhaíochtaí píblíne. Is méadrach speisiúil feidhmíochta é é sin a chur i gcomparáid leis an gclár ARE. Rinne an clár ARE thar gach ceann de na 13 Institiúid Teicneolaíochta luach €9.9m de thionscadail thionsclaíochta (agus 40% de ag teacht ó thionscal) a sheachadadh thar na 5 bliana den chlár. Mar sin, tá CAPPA ina aonar ag seachadadh beagnach leath d'iomlán ARE laistigh den chéad bhliain den Gateway.

Rinneadh taighde CAPPa a aibhsiú ar chlár de chuid Euronews ar 2 Aibreán 2013. Is cuid de thionscadal Eorpach FP7, arbh fhíú €1.2m ar thaighde é ar a dtugtar Aqua-Pulse (www.aqua-pulse.org) a bhaineann le hionú uisce agus dé-óidí solais UV astaithe agus fótcatalaíochas á n-úsáid. Baineann foireann CIT úsáid as a saineolas ar ghiniúint solais UV mar phríomhghné úr sa taighde.

Bronnadh Comhaltacht E.T.S. Walton de chuid SFI ar an Dr Andrei Vladimirov as Institiúid Weierstrass, i mBerlin na Gearmáine chun dul le CAPPa ar feadh bliana mar thaighdeoir cuairte. Le linn dó a bheith sa Lárionad ó Mheán Fómhair 2012, bhí sé ag obair ar shamhaltú teoriciúil *"quantum dot and frequency-swept Fourier domain mode-locked lasers"*.

I mí an Mheithimh 2013, cuireadh tús le tionscadal na Comhpháirtíochta T&F SAM-Éireann de chuid SFI, a raibh CAPPa agus taighdeoirí in Ollscoil California Los Angeles agus Ollscoil na Ríona Béal Feirste bainteach leis. Déanfaidh an tionscadal, atá arna chomh-mhaoiniú ag áisíneachtaí maoinithe SFI agus NSF SAM agus InvestNI iniúchadh ar *"novel nanopillar lasers grown on silicon for energy-efficient femtojoule-per-bit communications technologies"*.

Reáchtáil an Líonra Céad Oiliúna Marie Curie de chuid an AE, PROPHET, atá á chomhordú ag CAPPa, a scoil Samhraidh in Cargèse, sa Chorsaic i Lúnasa 2013. Is tionscadal de €4.8m é PROPHET (Taighde Iarchéime ar an bhFótónaic mar Thionscadal Cumasúcháin) a bhfuil baint ag 13 chomhpháirtí Eorpach leis agus atá dírithe ar thaighdeoirí iarchéime a oiliúint san fhótónaic. Eagraíodh an Scoil Samhraidh choicise i gcomhar leis an gCeardlann Idirnáisiúnta i Nana-Optaileictreonaic agus bhí 70 taighdeoir óg i láthair mar aon le 44 cainteoir ar cuireadh. B'ónóir ar leith é don scoil gur ghlac an buaiteoir duaise Nobel, an tOllamh Zhores I. Alferov, páirt inti, fear a ghnóthaigh Duais Nobel 2000 i bhFisic as leathsheoltóirí heitreastreachtúir a fhorbairt.

(iii) Lárionad Taighde & Nuálaíochta NIMBUS

Is é NIMBUS an t-aon lárionad taighde in Éirinn atá tiomanta do réimse na gcóras líonraithe leabaithe leictreonacha. Cuimsíonn an Lárionad raon saineolais taighde agus forbartha chomhlánaithe.

Agus cur chuige ildisciplíneach á úsáid aige, díróinn Lárionad NIMBUS ar an saineolas taighde sna réimsí feidhme tionsclaíoch seo a leanas:

- **Bainistiú Fuinnimh** – bainistiú fuinnimh a thiomnú, bainistiú taobh an éilimh, anailís agus rialú eadrannachta, micrighreille chliste;
- **Bainistiú Córas Uisce** – cianbhrath agus monatóireacht, bainistiú córas líonraithe uisce, bainistiú uisce fuíll;
- **Córais Chliste** - an leictreonaic a leabú i ngnáthrudai, ábhair agus struchtúir chun comhshaoil fheasacha a chruthú ar féidir lena n-áititheoirí idirghníomhú leo go hiomasach – Idirlíon Rudai;
- **Feidhmeanna i dTurasóireacht, Talmhaíocht agus Sláinte.**

Faoi láthair tá 62 taighdeoir ag obair i NIMBUS, ar a n-áirítear 10 mac léinn PhD.

Bhí breis is €3m d'ioncam taighde ag NIMBUS don bhliain 2012/13. Ar chuid de na mórtionscadail taighde bhí tionscadail AE ar chúrsaí fuinnimh (TRIBUNE agus Energy in Time). Ar an iomlán éiríonn le 90% d'arratais NIMBUS ar chlár náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Oibríonn Technology Gateway, Teicneolaíocht do Ríomhaireacht Leabaithe (TEC) atá arna mhaoiniú ag an AE agus ar grúpa de chuid NIMBUS é, go forleathan le cuideachtaí beaga agus meánacha atá bunaithe in Éirinn agus a bhfuil gá acu le nuálaíocht TF, go háirithe le córais leabaithe. Baineann cuid mhaith de na cliant, idir ilnáisiúnta agus tosuithe, úsáid as TEC chun a dtáirgí fréamhshamhla a fhorbairt d'fhonn an chéad leibhéal maoinithe dá ngnó a éascú, chun tacú le tionscadail mhórsála taighde agus chun a gcoincheapa a léiriú do chliant ionchasacha i gcruith inbhraite agus réadach. Faoi láthair tá 49 tionscadal faoi shiúl ag TEC, agus gnóthaíodh 37 tionscadal in 2012/13.

Tá freagracht ar thaighdeoirí NIMBUS go príomhúil as feidhmiú agus saothrú an Leaba Tástála Náisiúnta d'Fhuinneamh Inbhuaine Tógála, a cuireadh i gcrích in 2013 ar Champas Bhaile an Easpaig. Tá an leaba tástála seo, nach bhfuil a leithéid eile in Éirinn, á páirtmhaoiniú i gcomhar leis an United Technologies Research Centre, ar MNC Meiriceánach é. Bunaíonn tionscadail na leapa tástála mais chriticiúil d'fhuinneamh tógála, de chórais fuinnimh, agus de thaighdeoirí córas cumhachta in CIT. Ar an gcaoi sin ligtear don Institiúid taighde ceannródaíoch a chothú i gcúrsaí fuinnimh. Mar chuid dá chlár taighde, tá beartaithe ag NIMBUS an leaba tástála a leathnú ó leibhéal an fhoirgnimh go dtí leibhéal an champais i gcomhar le dhá chuideachta chomhpháirtíochta. Cuireann an clár seo le méid na hacmhainne atá ann faoi láthair chun go mbeidh 5-6 aonad de chóiríocht neamhspleách do mhic léinn cuimsithe, mar aon le saoráid mhór sláinte agus áineasa san áit a bhfuil gléasra CHP ag feidhmiú anois, rud a chuirfidh 300kW CHP breise laistigh den Institiúid.

Oibríonn NIMBUS saoráid Nuálaíochta Córas Uisce agus Seirbhísí freisin, ar comhoibriú é sin le Comhairlí Cathrach agus Contae Chorcaí, agus imríonn ról tábhachtach i Lárionad Nuálaíochta Córas Mhala.

Ó cuireadh tús leis in 2006, tá maoiniú de thart ar €24m faighte ag taighde NIMBUS trí raon leathan clár maoinithe, ar a n-áirítear Clár Taighde an ÚAO do Thaighde Tríú Leibhéal, Fiontar Éireann, Fundúireacht Eolaíochta na hÉireann, FP7, agus maoiniú díreach ó thionscal. Ar na torthaí i gcomhar le Lárionad NIMBUS, tá 150 tionscadal le 75 cuideachta Éireannach agus 40 nochtadh/ceadúnas/paitinn sna ceithre bliana seo caite.

(iv) Lárionad Taighde agus Nuálaíochta Halpin

Seoladh Lárionad Taighde agus Nuálaíochta Halpin i Lúnasa 2013 ag CNMÉ. Déanann an lárionad gníomhaíochtaí taighde, forbartha agus nuálaíochta sna réimsí Sábháilteacht agus Slándáil Mhuirí, Oideachas agus Oiliúnt Mhuirí, agus Loingseoireacht, lompár agus Lóistíocht. Oibríonn sé i ndlúthpháirtnéireacht le Seirbhís Chabhlaigh na hÉireann agus beidh ina ghníomhaíocht chrann taca ag tionscnamh IMERC, atá ag forbairt go tapa.

Bhí baint ag taighdeoirí Halpin le cláir taighde, ar a n-áirítear Creat 7, Interreg, Leonardo, agus gníomhaíochtaí eile arna maoiniú ag an AE. Faoi láthair tá baint acu le 10 dtionscadal dá leithéid, tar éis dóibh trí cinn eile a chur i gcrích. Fuair siad 4 PhD faoi Chlár SFI do Lárionad Taighde mar chuid de Lárionad rathúil MaREI, mar aon le maoiniú chun pháirt-tacú le beirt taighdeoirí.

(v) Grúpaí Taighde agus Nuálaíochta

- Cheap an **Grúpa Fuinnimh** Rene Peeren ina cheann grúpa i Lúnasa 2013. Déanfaidh an tUas. Peeren straitéis a fhorbairt don ghrúpa. Ach faoi láthair tá siad ag díriú ar bhealaí chun an saineolas innealtóireachta a chomhtháthú isteach sa Leaba Náisiúnta Tástála d'Fhuinneamh Inbhuaine Tógála, IMERC agus na gníomhaíochtaí leanúnacha a bhaineann le foirgnimh a athfheistiú ar mhaithe le héifeachtacht fuinnimh de.
- Ag an **nGrúpa Réalteolaíochta agus Ionstraimíochta** (AIG) BCO CIT tá 3 mhac léinn PhD, ar a n-áirítear mac léinn RISAM ó Ollscoil Pune na hIndia. Shuiteáil AIG teileascóp róbatach i gCalifornia agus shínigh Meamram Tuisceana le hOllscoil California ag Berkeley. Baineann an teileascóp go dlúth leis an gclár for-rochtana atá ag RCD CIT.
- Ag an **nGrúpa Spaoi** tá 1 mhac léinn PhD agus 2 Mháistir taighde agus taighde á dhéanamh acu le féachaint cé chomh héifeachtach is atá idirghabhálacha luatha i measc leanaí óga chun cothú agus sláinte fhisiciúil a fheabhsú. Cuirfidh an taighde faisnéis ar fáil faoi riachtanais fhadtéarmacha na leanaí rannpháirteacha, a mbeidh mar thoradh air pleananna fadtéarmacha sláinte a fhorbairt
- Tá baint ag ranna de chuid **Choláiste Ealaíne & Deartha Crawford** le roinnt tionscadal taighde, agus le comhoibriú tréan lenár gcomhpháirtithe Gearmánacha Hochschule - Ollscoil Eolaíochtaí Feidhmeacha Darmstadt i réimse na meán cumarsáide. Ar na tionscadail tá míreanna digiteacha a chur i gcartlann, ar a n-áirítear seanchluichí agus a gcuid ardán gaolmhar, agus, níos mó i gcoitinne, léiriú digiteach ar chultúr. Sa tionscadal Interreg Medi@tic tá an bealach is fearr á iniúchadh ag taighdeoirí chun scothchleachtas forbartha meán digiteach a aistriú idir réigiúin agus earnálacha d'fhonn gnólachtaí agus jabanna nua a chruthú.

4.2.3 Foirgneamh Taighde CREATE

Is é atá i gcoincheap an Lárionaid d'Ard-Innealtóireacht Theiripeach ná foireann ildisciplíneach chomhoibrítheach taighde a chur le chéile san fhoirgneamh úrscothach céanna a chomhcheanglaíonn na trí réimse teicneolaíochtaí bitheacha, teicneolaíochtaí bithleighis agus ard-bhithíomháu chun taighde in Ard-Innealtóireacht Theiripeach a chur chun cinn. Tógfar an foirgneamh, atá nua-fhaofa, ag deireadh Bhloc-C agus beidh sé dhá stór ar airde agus táthar ag súil le hollachar urláir de 1,533 m² a bheith ann. Táthar ag súil go gcuirfead tús leis an obair go luath in 2013 agus go mbeidh sí críochnaithe roimh sceideal i Samhain 2013.

As dhá cheann de na Bhraislí Taighde Straitéisigh de chuid na hInstitiúide (SRCanna) a thagann trí shnáithe chomhlántacha taighde CREATE, agus cuireann siad ar fáil coinbhéirseacht ar thaighde aistrítheach sláinte thar an speictream ó chúram othair go forbairt táirge. Baineann **fionnachtain bhithmhóilíneach** le hanailís agus innealtóireacht peiptíde ar a n-áirítear bithfhaisnéisíocht & diagnóisic mhóilíneach agus í dírithe ar fheidhmeanna teiripeacha i ngalraí tógálacha, sláinte putóige agus ailse. Dírionn **innealtóireacht bhithleighis** ar ardáin na teicneolaíochtaí ionphlandaithe, ar a n-áirítear feistí máinliachta SMART, athshlánú iarobráide agus bithábhair le haghaidh teiripe in-vivo agus athghiniúint, i gcomhar le cliniceoirí agus tionscail. Dírionn **ard-íomháu** ar fheistí nua a fhorbairt d'fheidhmeanna íomháithe optacha i mbithleigheas agus anailís phróisis i gcomhar le lucht tionscail agus acadúil.

4.2.4 Cláir Struchtúrtha PhD Ed4Life agus INSPIRE

Is clár struchtúrtha PhD é **Ed4Life** (Oideachas do na hEolaíochtaí Bitheacha) sna heolaíochtaí beatha atá á threorú ag CIT, le lucht comhoibríthe in UCC agus le Teagasc, An Chloch Liath. Tá an tríú cohórt mac léinn le bheith cláraithe i Meán Fómhair 2013. Tá modúil i scileanna cineálacha á mbeachtú agus beidh siad creidiúnaithe ag Comhairle Acadúil na hInstitiúide chomh maith le modúil shainábhair do na heolaíochtaí beatha.

Tá baint ag CIT agus Coláiste Ollscoile Chorcaigh/Institiúid Náisiúnta Tyndall, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Ollscoil na hÉireann Gaillimh agus Ollscoil Luimnigh leis an gClár Náisiúnta Oideachais Chéimí i nanaí-eolaíocht agus nanaitheicneolaíocht (**INSPIRE**). Tá INSPIRE ag forbairt modúl (cineálacha agus sainábhar) agus déanfar measúnú ar a n-uas-úsáid chomh maith leis na modúil atá á bhforbairt do Ed4Life.

4.2.5 Taighde Straitéiseach le hOllscoileanna Indiacha, Síneacha agus Breasaíleacha

Is comhpháirtí í CIT in dhá chhlár atá á maoiniú ag SFI – (ISCA – Gradaim Idirnáisiúnta Straitéiseacha Comhoibríthe) atá dírithe ar naisc níos dlúithe a fhorbairt le hollscoileanna Indiacha agus Síneacha. Tá an India ina rogha tíre ag CIT le tamall i gcomhair chomhoibríú sa taighde agus, i ngeall ar mhaoiniú ISCA, déanfar na comhoibríthe leanúnacha a neartú agus bunófar comhoibríthe nua, go háirithe in Pune, Delhi agus Bangalore. Ar an dóigh chéanna, rachaidh taighdeoirí CIT go dtí an tSín, go mór mór Shanghai agus Beijing, chun taighde a dhéanamh ar an agraibhia agus ar an víreolaíocht. Cé nach cuid den chhlár Breasaíl-ISCA í, tá taighdeoirí CIT ag díriú ar ollscoileanna Breasaíleacha d'ardchaighdeán le haghaidh comhoibríthe, agus leas á bhaint acu as clár de chuid Rialtas na Breasaíle, Eolaíocht gan Teorainneacha, agus as clár taighde eile a riarann institiúidí aonair.

4.2.6 An Oifig Taighde

Cheannaigh an Oifig Taighde bunachar SCOPUS lena úsáid ar fud na hInstitiúide ag lucht foirne agus iarchéimithe araon. Is é an bunachar coimrithe agus luanna ar litríocht phiara-léirmheasta é SCOPUS, le breis is 50 milliún taifead, agus is é an caighdeán tagartha acadúil é le méadracht a ghiniúint.

Leanann an Oifig Taighde de bheith ag tástáil roghanna le haghaidh Chóras Bainistíochta Taighde atá bunaithe ar aischothú ó staidéar piolótach in 2011/12. Ar cheann de na mórthorthaí ar an staidéar piolótach léiríodh an gá le córas a bheith ann ar féidir leis gníomhú chomh huathoibríoch agus is féidir, agus é ag brath ar ionchúr úsáideora a laghad agus is féidir.

4.2.7 Gníomhaíocht Shuntasach Eile Taighde agus Nuálaíochta

Feidhmíonn CIT dhá shain-lárionad atá ar scála náisiúnta agus a chuireann saineolas, comhairle agus cúnaimh neamhspleách ar fáil do thionscal, ghnó, chomhlachtaí rialtais agus don phobal i gcoitinne. Cuimsithe iontu:


- Tá an **Lárionad d'Ard-Déantúsaíocht agus Chórais Bhainistíochta (CAMMS)** nasctha leis an Roinn Innealtóireachta Meicniúla, Bithleighis & Déantúsaíochta in CIT. Úsáideann an Lárionad saineolas dearaidh, tógála, tástála agus bailíochtaithe na ranna sin chun fadhbanna a réiteach do thionscal agus chun oiliúint agus oideachas atá cothrom le dáta a sheachadadh. Ar na teistiúcháin atá ar fáil tá City and Guilds, American Society for Quality, Society of Manufacturing Engineers. Is ball comhlach den International Institution for Production Engineering Research (IIRP) é an Lárionad agus is Soláthraí Oiliúna d'Fhorbairt Ghairmiúil Leantach é d'Innealtóirí Éireann.
- Cuireadh an **Lárionad Glanteicneolaíochta (CTC)** ar bun mar fhreagra ar riachtanas a bhí ag dul i méid ar mhaithe le feidhmíocht chomhshaoil níos fearr a bheith i dtionscal agus sa tsochaí agus an gá le dramhaíl a íoslaghdú ag an bhfoinse seachas cóireáil agus diúscairt dramhaíola. Is é sprioc an Lárionaid ná patrúin tomhaltais agus táirgthe a bhogadh i dtreo chur chuige níos coiscthe, trí Tháirgeadh Níos Glaine agus úsáid Teicneolaíochtaí Níos Glaine. Bronnann táirgeadh níos glaine buntáistí eacnamaíocha, sóisialta, sláinte, sábháilteachta agus comhshaoil. Ó shin, tá sé sin leathnaithe go "táirgeadh inbhuaíne", ar a n-áirítear gnéithe amhail freagracht chorparáideach shóisialta, Agenda 21, tionscnaimh áitiúla, tosa socheacnamaíocha, etc.

Feidhmíonn CIT lárionad le haghaidh chumarsáid eolaíochta leis an bpobal ag a saoráid RCD CIT:


- Tá an **Réadlann Chaisleán na Carraige Duibhe CIT** ar oscailt don phobal le 6 bliana agus is é líon bliantúil na gcuariteoirí ar an suíomh ná breis is 100,000. Bronnadh an Trip Advisor Excellence Award ar RCD in 2013. Sa bhliain 2013, shuiteáil taighdeoirí RCD teileascóp cianrialaithe i gCalifornia atá inrialaithe i bhfíoram le linn uaireanta scoile in Éirinn agus is é an chéad cheann dá chineál in Éirinn. Agus Project TARA á thabhairt air, is é is aidhm leis daltaí óga a spreagadh le bheith níos rannpháirtí san Eolaíocht, sa Teicneolaíocht, in Innealtóireacht agus sa Mhatamaitic (STEM) agus fios níos mó a bheith acu ar na deiseanna gairme a chuireann eolas STEM-bhunaithe ar fáil. Suiteáladh pláinéadlann nua freisin ag RCD le cabhair deontais ó Chomhairle Chathair Chorcaí. Ar thaobh an oideachais de, agus é bunaithe ar an aischothú dearfach ó chúrsaí a bheith á reáchtáil do mhúinteoirí le linn na dtrí bliana seo caite, atá dírithe ar an spreagadh a thugann an réalteolaíocht a úsáid chun STEM a chur chun cinn, d'iarr an Roinn Oideachais agus Scileanna ar RCD cúrsa níos airde a fhorbairt do mhúinteoirí a bhí páirteach sa chéad chúrsa b'fhéidir.

4.3 Foilseacháin Taighde


Cuireann na trí léaráid thíos roghbhlúire ar fáil ar ghníomhaíochtaí foilseacháin phiara-léirmheasta na hInstitiúide. Tá Eolaíocht agus Innealtóireacht i dtús cadhnaíochta sna taifid fhoilseacháin phiara-léirmheasta do pháipéir irise agus chomhdhálacha, ach thug na Daonnachtaí agus Gnó cion suntasach de 20% beagnach. Tá cion na nDaonnachtaí, Ghnó agus na Meán Cruthaitheach níos láidre sna catagóirí foilseacháin tuarascálacha, láithreoireachtaí, caibidlí leabhair agus léirmheasanna.



Léiríonn Fíor X thuas dáileadh chomhúdair na bhfoilseachán piara-léirmheasta. Cé gur as Éirinn a thagann an tromlach d'aon tír amháin, tá ceangail idirnáisiúnta ag thart ar 50% de na comhúdair. (Foinse: Scopus)



Léiríonn Fíor Y thuas dáileadh disciplíní na bhfoilseachán. Tá thart ar 82% díobh in eolaíocht agus innealtóireacht. (Foinse: Scopus)



Léiríonn Fíor Z thuas dáileadh na gcineálacha foilseacháin, ar páipéir irise 71.4% díobh agus páipéir chomhdhála 18.2% díobh (gach ceann díobh piara-léirmheasta). (Foinse:Scopus)

Iad seo a leanas is foilseacháin phiara-léirmheasta de chuid na hInstitiúide iad (altanna, páipéir chomhdhála, léirmheasanna, eagarfhocail) don bhliain acadúil 1 Meán Fómhair 2012 go 31 Lúnasa 2013:

1. *Fajkusova, D., Pesko, M., Keltosova, S., Guo, J., Oktabec, Z., Vejsova, M., Kollar, P., Coffey, A., Csollei, J., Kralova, K., Jampilek, J.* (2012), Anti-infective and herbicidal activity of N-substituted 2-aminobenzothiazoles, *Bioorganic and Medicinal Chemistry*, Volume 20, Issue 24.
2. *Kelleher, B., Hegarty, S.P., Huyet, G.* (2012), Optically injected lasers: The transition from class B to class A lasers, *Physical Review E - Statistical, Nonlinear, and Soft Matter Physics*, Volume 86, Issue 6.
3. *Pavarelli, N., Ochalski, T.J., Liu, H.Y., Gradkowski, K., Schmidt, M., Williams, D.P., Mowbray, D.J., Huyet, G.* (2012), Competitive carrier interactions influencing the emission dynamics of GaAsSb-capped InAs quantum dots, *Applied Physics Letters*, Volume 101, Issue 23.
4. *Neally, T., Boljevic, S., Conlon, M.F.* (2012), Impact of Combined Heat and Power generation on an industrial site distribution network, *Proceedings of the Universities Power Engineering Conference*.
5. *Murphy, P., Bello, F.D., O'Doherty, J.V., Arendt, E.K., Sweeney, T., Coffey, A.* (2012), Effects of cereal β -glucans and enzyme inclusion on the porcine gastrointestinal tract microbiota, *Anaerobe*, Volume 18, Issue 6.
6. *Srirangarajan, S., Pesch, D.* (2012), Sensor selection using heuristic-based sequential hypothesis testing, *IEEE International Symposium on Personal, Indoor and Mobile Radio Communications, (PIMRC) Conference*.
7. *McGibney, A., Pusceddu, D., Rea, S., Pesch, D., Geron, M., Keane, M.* (2012), A methodology for sensor modelling and placement optimisation to support temperature monitoring, *BuildSys 2012 - Proceedings of the 4th ACM Workshop on Embedded Systems for Energy Efficiency in Buildings Conference*.
8. *Pivec, M., Hable, B., Coakley, D.* (2012), Serious sports: Game-based learning in sports, *15th International Conference on Interactive Collaborative Learning, ICL 2012*.
9. *Villaverde, B.C., Oury, J., Pesch, D., De Paz Alberola, R., Fedor, S.* (2012), Commissioning of low power embedded devices with IPv6/CoAP, *SenSys 2012 - Proceedings of the 10th ACM Conference on Embedded Networked Sensor Systems*.
10. *Gunn, L., Feeney, S.A., Cashman, O., Collins, P.J., Coyle, P.V., O'Shea, H.* (2012), Molecular characterisation of group A rotavirus found in elderly patients in Ireland; Predominance of G1P[8], continued presence of G9P[8], and emergence of G2P[4], *Journal of Medical Virology*, Volume 84, Issue 12.
11. *Murphy, M.D., O'Mahony, M.J., Upton, J.* (2012), A load shifting controller for Cold Thermal Energy Storage systems, *2012 International Conference on Green Technologies*.
12. *Healy, D.A., O'Connor, D.J., Burke, A.M., Sodeau, J.R.* (2012), A laboratory assessment of the Waveband Integrated Bioaerosol Sensor (WIBS-4) using individual samples of pollen and fungal spore material, *Atmospheric Environment*, Volume 60.
13. *Guinee, R.A.* (2012), A novel pseudonoise tester for transmission line fault location and identification using pseudorandom binary sequences, *Proceedings - IEEE International Symposium on Defect and Fault Tolerance in VLSI Systems (Conference Paper)*.

14. Tawfik, M., Sancristobal, E., Martin, S., Gil, R., Pesquera, A., Albert, M.J., Diaz, G., Peire, J., Milev, M., Mileva, N., OSuilleabhain, G., Tzanova, S., Kreiner, C., Hörmann, L.B., Castro, M. (2012), European online master degree program for addressing labour market demands, *International Journal of Online Engineering*, Volume 8, Special Issue 1.
15. Aliu, E., Archambault, S., Arlen, T., Aune, T., Beilicke, M., Benbow, W., Bouvier, A., Buckley, J.H., Bugaev, V., Byrum, K., Cesarini, A., Ciupik, L., Collins-Hughes, E., Connolly, M.P., Cui, W., Dickherber, R., Duke, C., Dumm, J., Falcone, A., Federici, S., Feng, Q., Finley, J.P., Finnegan, G., Fortson, L., Furniss, A., Galante, N., Gall, D., Gillanders, G.H., Godambe, S., Griffin, S., Grube, J., Gyuk, G., Hanna, D., Holder, J., Huan, H., Hughes, G., Humensky, T.B., Kaaret, P., Karlsson, N., Khassen, Y., Kieda, D., Krawczynski, H., Krennrich, F., Lang, M.J., Lebohec, S., Lee, K., Lyutikov, M., Madhavan, A.S., Maier, G., Majumdar, P., McArthur, S., McCann, A., Moriarty, P., Mukherjee, R., Nelson, T., De Bhróithe, A.O., Ong, R.A., Orr, M., Otte, A.N., Park, N., Perkins, J.S., Pohl, M., Prokoph, H., Quinn, J., Ragan, K., Reyes, L.C., Reynolds, P.T., Roache, E., Saxon, D.B., Schroedter, M., Sembroski, G.H., Şentürk, G.D., Smith, A.W., Staszak, D., Telezhinsky, I., Tešić, G., Theiling, M., Thibadeau, S., Tsurusaki, K., Varlotta, A., Vincent, S., Vivier, M., Wagner, R.G., Wakely, S.P., Weekes, T.C., Weinstein, A., Welsing, R., Williams, D.A., Zitzer, B., Kondratiev, V. (2012), Search for a correlation between very-high-energy gamma rays and giant radio pulses in the Crab pulsar, *Astrophysical Journal*, Volume 760, Issue 2.
16. O'Donnell, N., Corcoran, D., Lucey, B., Barrett, A. (2012), Molecular-based mycobacterial identification in a clinical laboratory setting: A comparison of two methods, *British Journal of Biomedical Science*, Volume 69, Issue 4.
17. O'Mahony, K., Liang, J., Delaney, K. (2012), User-centric personalization and autonomous reconfiguration across Ubiquitous Computing environments, *UBICOMM 2012 - 6th International Conference on Mobile Ubiquitous Computing, Systems, Services and Technologies*.
18. Beder, C., Klepal, M. (2012), Fingerprinting based localisation revisited: A rigorous approach for comparing RSSI measurements coping with missed access points and differing antenna attenuations, *2012 International Conference on Indoor Positioning and Indoor Navigation, IPIN 2012 - Conference Proceedings*.
19. Koziel, M., Lucey, B., Bullman, S., Corcoran, G.D., Sleator, R.D. (2012), Molecular-based detection of the gastrointestinal pathogen *Campylobacter ureolyticus* in unpasteurized milk samples from two cattle farms in Ireland, *Gut Pathogens*, Volume 4, Issue 1.
20. Aliu, E., Archambault, S., Arlen, T., Aune, T., Beilicke, M., Benbow, W., Böttcher, M., Bouvier, A., Buckley, J.H., Bugaev, V., Cesarini, A., Ciupik, L., Collins-Hughes, E., Connolly, M.P., Cui, W., Dickherber, R., Duke, C., Dumm, J., Errando, M., Falcone, A., Federici, S., Feng, Q., Finley, J.P., Finnegan, G., Fortson, L., Furniss, A., Galante, N., Gall, D., Godambe, S., Griffin, S., Grube, J., Gyuk, G., Hanna, D., Holder, J., Huan, H., Kaaret, P., Karlsson, N., Khassen, Y., Kieda, D., Krawczynski, H., Krennrich, F., Lee, K., Madhavan, A.S., Maier, G., Majumdar, P., McArthur, S., McCann, A., Moriarty, P., Mukherjee, R., Nelson, T., De Bhróithe, A.O., Ong, R.A., Orr, M., Otte, A.N., Park, N., Perkins, J.S., Pichel, A., Pohl, M., Prokoph, H., Quinn, J., Ragan, K., Reyes, L.C., Reynolds, P.T., Roache, E., Saxon, D.B., Sembroski, G.H., Staszak, D., Telezhinsky, I., Tešić, G., Theiling, M., Thibadeau, S., Tsurusaki, K., Varlotta, A., Vassiliev, V.V., Vincent, S., Vivier, M., Wakely, S.P., Weekes, T.C., Weinstein, A., Welsing, R., Williams, D.A., Zitzer, B., Fortin, P., Horan, D., Fumagalli, M., Kaplan, K., Prochaska, J.X. (2012), Veritas observations of six bright, hard-spectrum Fermi-lat blazars, *Astrophysical Journal*, Volume 759, Issue 2.
21. Habruseva, T., Hegarty, S.P., Vladimirov, A.G., Pimenov, A., Rachinskii, D., Rebrova, N., Viktorov, E.A., Huyet, G. (2012), Bistable regimes in an optically injected mode-locked laser, *Optics Express*, Volume 20, Issue 23.
22. Sandra, G., Schwab, C., Bello, F.D., Coffey, A., Gänzle, M., Arendt, E. (2012), Comparison of the impact of dextran and reuteran on the quality of wheat sourdough bread, *Journal of Cereal Science*, Volume 56, Issue 3.
23. Moriarty, M., Lee, A., O'Connell, B., Lehane, M., Keeley, H., Furey, A. (2012), The application and validation of HybridSPE-Precipitation cartridge technology for the rapid clean-up of serum matrices (from phospholipids) for the clinical analysis of serotonin, dopamine and melatonin, *Chromatographia*, Volume 75, Issue 21-22.
24. Galbraith, J.G., O'Leary, D.P., Dailey, H.L., Kennedy, T.E., Mitra, A., Harty, J.A. (2012), Preoperative estimation of tibial nail length - Because size does matter, *Injury*, Volume 43, Issue 11.
25. Ryan, S., Gleeson, D., Jordan, K., Furey, A., O'Brien, B. (2012), Evaluation of trichloromethane formation from chlorine-based cleaning and disinfection agents in cow's milk, *International Journal of Dairy Technology*, Volume 65, Issue 4.
26. Jones, L., Kinsella, B., Furey, A., Regan, F. (2012), Monitoring the occurrence of PAHs in Irish wastewater effluent, *Journal of Environmental Monitoring*, Volume 14, Issue 11.
27. Power, C., Sayers, R., O'Brien, B., Bloemhoff, Y., Danaher, M., Furey, A., Jordan, K. (2012), Partitioning of nitroxylin, oxytetracycline and levamisole residues from milk to cream, skim milk and skim milk powder, *International Journal of Dairy Technology*, Volume 65, Issue 4.
28. Sleator, R.D. (2012), Digital Biology: A new era has begun, *Bioengineered*, Volume 3, Issue 6.

29. *Alsakarneh, A., Bryan, K., Cotterell, M., Barrett, J.* (2012), The influence of equipment variations on sliotar-hurley impact in the Irish game of hurling, *Sports Engineering*, Volume 15, Issue 4.
30. *Feeney, A., Sleator, R.D.* (2012), The human gut microbiome: the ghost in the machine, *Future Microbiology*, Volume 7, Issue 11.
31. *Dunne, H., Murphy, J., Ruane, K.* (2012), Transverse load distribution in masonry arch bridges, *Life-Cycle and Sustainability of Civil Infrastructure Systems - Proceedings of the 3rd International Symposium on Life-Cycle Civil Engineering, IALCCE Conference 2012*.
32. *Kehoe, S., Zhang, X.F., Lewis, L., O'Shea, H., Boyd, D.* (2012), Characterisation of PLGA based composite nerve guidance conduits: Effect of F127 content on modulus over time in simulated physiological conditions, *Journal of the Mechanical Behaviour of Biomedical Materials*, Volume 14.
33. *Axel, C., Zannini, E., Coffey, A., Guo, J., Waters, D.M., Arendt, E.K.* (2012), Eco-friendly control of potato late blight causative agent and the potential role of lactic acid bacteria: A review, *Applied Microbiology and Biotechnology*, Volume 96, Issue 1.
34. *Arlen, T., Aune, T., Beilicke, M., Benbow, W., Bouvier, A., Buckley, J.H., Bugaev, V., Byrum, K., Cannon, A., Cesarini, A., Ciupik, L., Collins-Hughes, E., Connolly, M.P., Cui, W., Dickherber, R., Dumm, J., Falcone, A., Federici, S., Feng, Q., Finley, J.P., Finnegan, G., Fortson, L., Furniss, A., Galante, N., Gall, D., Godambe, S., Griffin, S., Grube, J., Gyuk, G., Holder, J., Huan, H., Hughes, G., Humensky, T.B., Imran, A., Kaaret, P., Karlsson, N., Kertzman, M., Khassen, Y., Kieda, D., Krawczynski, H., Krennrich, F., Lee, K., Madhavan, A.S., Maier, G., Majumdar, P., McArthur, S., McCann, A., Moriarty, P., Mukherjee, R., Nelson, T., O'Faoláin De Bhróithe, A., Ong, R.A., Orr, M., Otte, A.N., Park, N., Perkins, J.S., Pohl, M., Prokoph, H., Quinn, J., Ragan, K., Reyes, L.C., Reynolds, P.T., Roache, E., Ruppel, J., Saxon, D.B., Schroedter, M., Sembroski, G.H., Skole, C., Smith, A.W., Telezhinsky, I., Tešić, G., Theiling, M., Thibadeau, S., Tsurusaki, K., Varlotta, A., Vivier, M., Wakely, S.P., Ward, J.E., Weinstein, A., Welsing, R., Williams, D.A., Zitzer, B., Pfrommer, C., Pinzke, A.* (2012), Constraints on cosmic rays, magnetic fields, and dark matter from gamma-ray observations of the coma cluster of galaxies with veritas and Fermi, *Astrophysical Journal*, Volume 757, Issue 2.
35. *Do, C., Lishchynska, M., Delaney, K., Hill, M.* (2012), Generalised closed-form models for pull-in analysis of micro cantilever beams subjected to partial electrostatic load, *Sensors and Actuators, A: Physical*, Volume 185.
36. *Culligan, E.P., Sleator, R.D., Marchesi, J.R., Hill, C.* (2012), Functional metagenomics reveals novel salt tolerance loci from the human gut microbiome, *ISME Journal*, Volume 6, Issue 10.
37. *Thoma, J., Ochalski, T.J., Hugues, M., Zhang, S., Hegarty, S.P., Huyet, G.* (2012), Optical properties of hybrid quantum dot/quantum well active region based on GaAs system, *Journal of Applied Physics*, Volume 112, Issue 6.
38. *Raiteri, C.M., Villata, M., Smith, P.S., Larionov, V.M., Acosta-Pulido, J.A., Aller, M.F., D'Ammando, F., Gurwell, M.A., Jorstad, S.G., Joshi, M., Kurtanidze, O.M., Lähteenmäki, A., Mirzaqulov, D.O., Agudo, I., Aller, H.D., Arévalo, M.J., Arkharov, A.A., Bach, U., Benítez, E., Berdyugin, A., Blinov, D.A., Blumenthal, K., Buemi, C.S., Bueno, A., Carleton, T.M., Carnerero, M.I., Carosati, D., Casadio, C., Chen, W.P., Di Paola, A., Dolci, M., Efimova, N.V., Ehgamberdiev, S.A., Gómez, J.L., González, A.I., Hagen-Thorn, V.A., Heidt, J., Hiriart, D., Holikov, S., Konstantinova, T.S., Kopatskaya, E.N., Koptelova, E., Kurtanidze, S.O., Larionova, E.G., Larionova, L.V., León-Tavares, J., Leto, P., Lin, H.C., Lindfors, E., Marscher, A.P., McHardy, I.M., Molina, S.N., Morozova, D.A., Mujica, R., Nikolashvili, M.G., Nilsson, K., Ovcharov, E.P., Panwar, N., Pasanen, M., Puerto-Gimenez, I., Reinthal, R., Richter, G.M., Ros, J.A., Sakamoto, T., Schwartz, R.D., Sillanpää, A., Smith, N., Takalo, L.O., Tammi, J., Taylor, B., Thum, C., Tornikoski, M., Trigilio, C., Troitsky, I.S., Umana, G., Valcheva, A.T., Wehrle, A.E.* (2012), Variability of the blazar 4C 38.41 (B3 1633+382) from GHz frequencies to GeV energies, *Astronomy and Astrophysics*, Volume 545.
39. *Alsakarneh, A., Quinn, B., Kelly, G., Barrett, J.* (2012), Modelling and simulation of the coefficient of restitution of the sliotar in hurling, *Sports Biomechanics*, Volume 11, Issue 3.
40. *Cashman, O., O'Shea, H.* (2012), Detection of human bocaviruses 1, 2 and 3 in Irish children presenting with gastroenteritis, *Archives of Virology*, Volume 157, Issue 9.
41. *Pawlowska, A.M., Zannini, E., Coffey, A., Arendt, E.K.* (2012), "Green Preservatives": Combating Fungi in the Food and Feed Industry by Applying Antifungal Lactic Acid Bacteria, *Advances in Food and Nutrition Research*, Volume 66.
42. *Do, C., Lishchynska, M., Cychowski, M., Delaney, K., Hill, M.* (2012), Energy-based approach to adaptive pulse shaping for control of RF-MEMS DC-contact switches, *Journal of Microelectromechanical Systems*, Volume 21, Issue 6.
43. *Moore, L., Barrett, J.* (2012), Board-folding method for fabrication of 3-D system in package devices, *IEEE Transactions on Components, Packaging and Manufacturing Technology*, Volume 2, Issue 7.

44. *Young, P., Byrne, G., Cotterell, M.* (2012), Manufacturing and the environment, *International Journal of Precision Engineering and Manufacturing*, Volume 13, Issue 7.
45. *Moore, L., Barrett, J.* (2012), Embedded module for 3-D mechanical strain measurement, *IEEE Transactions on Components, Packaging and Manufacturing Technology*, Volume 2, Issue 6.
46. *Wilson, A.* (2012), 'Christina Jessop's Picture Postcard Album, 1902 to 1908', paper presented at the Small Histories Conference, an Leabharlann Náisiúnta, Baile Átha Cliath.
47. *Wilson, A.* (2012), The Church of the Annunciation in Blackpool, Cork, clár faisnéise déanta le haghaidh raidio UCC 98.3FM agus foilsithe ar CD Church Art & Architecture i gCorcaigh.
48. *Wilson, A.* (2012) 'The material and visual culture of the construction of Irish Catholic identity, 1879 to 1922', paper presented at Material Religion in Modern Britain and her Worlds, University of Glamorgan, Cardiff.
49. *Wilson, A.* (2012), 'Ireland, Design and visual culture: Negotiating Modernity, 1922 to 1992, edited by Linda King and Elaine Sisson, , léirmheas ar leabhar, Artefact 5
50. *Ding, B., Cychowski, M.T., Xi, Y., Cai, W., Huang, B.* (2012), Model predictive control, *Journal of Control Science and Engineering*, Editorial.
51. *Hogan, T., Hornecker, E.* (2012), How Does Representation Modality Affect User-Experience of Data Artefacts? (pp 141-151), In Proc. of HAID 2012. Lund, Sweden.
52. *Hogan, T., Hornecker, E.* (2012), Beyond Data Visualisations. Beyond Data (pp 131-136). Baltan Laboratories & Kitchen Budapest.
53. *Hogan, T.* (2012) Toward a Phenomenology of Human-Data Relations, Doctoral Consortium DIS 2012.
54. *Eguchi, H., O'Donovan, D.* (2012), Evaluation of labour productivity using a corrected production staff number approach in the chemical industry, *Journal of Chemical Engineering of Japan*, Volume 45, Issue 3.
55. *Sheridan, I., Murphy, J.P., (Eds)* (2012), Customised Learning Development – An Exploration of Practice, CIT Press, Cork.
56. *Barry-Murphy, C., Sheridan, I.* (2012), 'CIT Extended Campus – an exemplar of supported Engagement in Higher Education in Ireland', paper presented at the EADTU Annual Conference, Cyprus.
57. *O'Donovan, A., O'Sullivan, S., Sheridan, I.* (2012), 'The impact on student learning of Investment in Technical Strategy – Embedding Blogs and Wikis into Learning', Paper included on Report on Supported Flexible Learning Project undertaken by the Institutes of Technology Ireland, Enhancing Flexibility in Higher Education.
58. *Sheridan, I., Barry-Murphy, C., Fallon, D.* (2012), 'Internships as a bridge to deeper engagement', EAIE Forum.
59. *Donnellan, T., Hanrahan, K., Hennessy, T., O'Connor, D., Keane, M., Kelly, E.* (2012), Risk Management in the Irish Dairy Sector, *TResearch*, Volume 7, Issue 4.
60. *Kelly, E., O'Connor, D., Keane, M.* (2012), The effect of policy changes on volatility in dairy markets, Comhdháil Bhliantuil AESI.
61. *O'Leary P., O'Sullivan, S.* (2012), Exploration of Reflection results in 'Valuing Learning' Site, presentation at LIN Conference Inspiring Creativity, Innovation and Change in Higher Education.
62. *O'Leary P., O'Sullivan, S.* (2012), Action Research Approach to Improving Recognition of Prior Learning (RPL) Website. Poster presented at LIN Conference Inspiring Creativity, Innovation and Change in Higher Education.
63. *O'Connor, D., Hennessy, D., Shalloo, L., Hurtado-Uria, C.* (2012), An examination of the Volatile Nature of Grass Production in Ireland, 123rd Seminar, European Association of Agricultural Economists.
64. *Sleator, R.D.* (2012), Prediction of protein functions, *Methods in Molecular Biology*, Volume 815
65. *Clohessy, M., Kenny, B.* (2012), Organisational Factors Determining Export Performance and Electronic commerce Adoption: An Empirical Investigation, *Irish Business Journal*, Volume 7, No. 1.
66. *Kenny, B., Dooley, L.* (2012), Entrepreneurial Networks and Commercialisation of Research within the PhD Community, paper presented at the ISBE Conference, DCU, Baile Átha Cliath.

67. *Dempsey, S., Vance, R., Sheehan, L. (2012), Justification of an upgrade of an Enterprise Resource Planning (ERP) System: the accountants role, paper presented at the Irish Accounting and Finance Association's 25th Comhdháil Bhliantúil, NUI Gaillimh.*
68. *Dempsey, S., Sheehan, L. (2012), Deciding to upgrade your Enterprise Resource Planning (ERP) system: other than the cost, what other factors should be considered, IATI Newsletter, Technical Matters.*
69. *O'Flynn, R., Linehan, M. (2012), The importance of leadership for implementing change: Lessons from an Irish Higher Education Institution, Comhdháil IAM , NUI Mánuat.*
70. *Courtney, D. (2012), The Development of Social Care Education and Training in Ireland, paper presented at Social Care Ireland Conference for inclusion in the Irish Journal of Applied Social Studies.*
71. *De Roiste, A., Gilmore, M. (2012), Early interventions in early childhood education and care in Early Childhood Education & Care: An introduction for Students in Ireland.*
72. *Jenkins, M. (2012), The legal framework for early childhood education and care, in Early Childhood Education & Care: An introduction for Students in Ireland.*
73. *Moynihán, J. (2012), Children's literature and early literacy in Early Childhood Education & Care: An introduction for Students in Ireland.*
74. *O'Donovan, D., Linehan, M. (2012), Implications of cultural diversity on goal setting and feedback: An investigation of performance management in Irish Hotels, páipéar curtha i láthair Chomhdháil Irish Academy of Management, NUI Mánuat.*
75. *O'Flynn, R., Linehan, M. (2012), The importance of leadership for implementing change: Lessons from an Irish Higher Education Institution, páipéar curtha i láthair Chomhdháil Irish Academy of Management, NUI Mánuat.*
76. *Ó Súilleabháin, G., Coakley, D., Sime, J. (2012), Player Transfer: Key skills transfer in digital sports games, páipéar curtha i láthair Chomhdháil Ed Tech 2012, NUI Mánuat.*
77. *Ó Súilleabháin, G. (2012), "Foregone Conclusions: How Old Learning Makes New", páipéar curtha i láthair Chomhdháil TEDxCIT, Ceolscoil Chorcaí CIT.*
78. *Ward, A., Stessel, A. (2012), "Dark tourism: An assessment of the motivations of visitors to Auschwitz – Birkenau, Poland", Irish Business Journal, Volume 7, No. 1.*
79. *O'Donovan, R., O'Rourke, B.D., Ruane, K.D., Murphy, J.J. (2013), Anaerobic corrosion of reinforcement, Key Engineering Materials, Volume 569-570.*
80. *Helmle, S., Dehm, M., Kuhn, M., Lieckfeldt, D., Pesch, D. (2013), Feedback delay and its impact on adaptive modulation and coding in VHF narrowband mobile ad-hoc networks, Wireless Telecommunications Symposium.*
81. *Singh, J., Pesch, D. (2013), Smart error-control strategy for low-power communication in wireless networked control system, Article in Telecommunication Systems.*
82. *Sleator, R.D., O'Driscoll, A. (2013), Digitising humanity, Artificial DNA: PNA and XNA, Volume 4, Issue 2.*
83. *Bullman, S., Lucid, A., Corcoran, D., Sleator, R.D., Lucey, B. (2013), Genomic Investigation into Strain Heterogeneity and Pathogenic Potential of the Emerging Gastrointestinal Pathogen *Campylobacter ureolyticus*, PLoS ONE, Volume 8, Issue 8.*
84. *Srirangarajan, S., Pesch, D. (2013), Source localisation using graph-based optimisation technique, IEEE Wireless Communications and Networking Conference.*
85. *Rea, S., Aslam, M.S., Pesch, D. (2013), Serviceware-A service based management approach for WSN cloud infrastructures, 2013 IEEE International Conference on Pervasive Computing and Communications Workshops, PerCom Workshops 2013.*
86. *Kim, D.-G., Rafique, R., Leahy, P., Cochrane, M., Kiely, G. (2013), Estimating the impact of changing fertilizer application rate, land use, and climate on nitrous oxide emissions in Irish grasslands, Article in Plant and Soil.*
87. *Slepneva, S., Kelleher, B., O'Shaughnessy, B., S.Hegarty, P., Vladimirov, A.G., Huyet, G. (2013), Dynamics of Fourier domain mode-locked lasers, Optics Express, Volume 21, Issue 16.*
88. *O'Mahony, T. (2013), Assessing engineering learning: Formative, summative and dialogical, IEEE Global Engineering Education Conference, EDUCON.*

89. *Wilson, A.* (2013), 'Backwards and forwards: Irish Catholic visual culture and modernism', paper delivered at the Conference Modernism, Memory and Media: Ireland 1913 – 1916, , NUI Mánuat.
90. *Wilson, A.* (2013), 'Catholic Ireland, construction and imaging', paper delivered at the European Federation of Associations and Centres of Irish Studies (EFACIS) Conference, Towards 2016: Old and New Irelands, NUI Gaillimh.
91. *Hogan, T., Hornecker, E.* (2013), Blending the repertory grid technique with focus groups to reveal rich design relevant insight. Designing Pleasurable Products and Interfaces, ACM 2013, 116-125.
- An Dr Julie O'Donovan, Léachtóir, Roinn na Matamaitice, ar tugadh cuireadh di labhairt ag cruinniú bliantuil 2012 den Irish Mathematical Society, san Institiúid Teicneolaíochta i dTamhlacht. Ba é ba theideal do chur i láthair Julie ná "Mathematical Enrichment Programme - Maths Circles".
- An Dr Julie O'Donovan, Léachtóir, Roinn na Matamaitice, ar tugadh cuireadh di labhairt ag comhdháil 2012 den Irish Maths Learning Support Network, a tionóladh in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste. Ba é ba theideal do chur i láthair Julie ná "Student Engagement with Mathematics Support at Cork Institute of Technology".
- An Dr Gabriela Mayer, Ceann Roinn Staidéar Méarchlár ag CSC CIT, a ghlac páirt i gceardlann Ealaíona Ceoil agus Léirithe ag Acadamh Sibelius, in Helsinki.

- Caroline O'Reilly, Ceann na Roinne Cuntasaíochta & Córas Faisnéise a sheas don Institiúid ar an ACE Working Group 'Train the Trainers' atá dírithe ar chlár Oideachasóirí Fiontair ÚAO a fhorbairt.
- An Dr Breda Kenny, Ceann Lárionad Hincks Centre don Fhiontraíocht Bharr Feabhas, a sheas don Institiúid ag an ACE Working Group 2 'Awareness and Dissemination/Leadership and Policy' atá dírithe ar chur le polasáí náisiúnta maidir le hoideachas fiontraíochta agus acmhainní oideachais iomchuí a scaipeadh. Ceapadh an Dr Kenny freisin ina Leas-Chathaoirleach, Comhairle na hEorpa do Ghnólachtaí Beaga agus Fiontraíocht i Meán Fómhair 2012.
- Gerard O'Donovan, Ceann na Scoile Gnó, ar éirigh leis maoiniú a fháil do Dhianchlár Erasmus 'European Creative Futures' a bheidh á mhaoiniú ar feadh trí bliana chun ligean do mhic léinn agus baill foirne taisteal agus staidéar a dhéanamh le comhpháirtithe Eorpacha. Ceapadh Gerard freisin do Choiste Oideachais Cork Innovates.
- Gwen Lettis, Léachtóir, Roinn na Meán Cumarsáide agus Marc Ó Riain, Léachtóir, Roinn Ailtireachta, a chomheagraigh Taispeántas National Institute of Designers in Ireland Graduate Design Awards 2012, agus a d'ostaigh an Institiúid ó 5 go 9 Samhain.
- An Dr Declan O'Connor, Léachtóir, Roinn na Matamaitice, ar tugadh cuireadh dó ceardlann lá amháin a chur i láthair Irish Dairy Industries Association (IDIA) ar luaineacht phraghsanna déiríochta i mí Eanáir.
- Aontas na Mac Léinn CIT agus gach duine a raibh baint acu le beagnach €6,500 a bhailiú le haghaidh roinnt carthanais fiúntach le linn sheachtain phléaracaim CIT 2013. A bhui leis an spiorad comhoibritheach lenar eagraíodh í d'éirigh thar barr le Seachtain Phléaracaim laistigh den Institiúid. Tá moladh tuillte ag gach duine a bhí bainteach.
- An Dr Felix Raekson, Léachtóir, Roinn an Oideachais Leantaigh, a ceapadh ar phainéal léirmheastóra Sage Publications.
- Baill foirne sa Roinn Staidéar Sóisialta & Ginearálta, a d'fhorbair i gcomhar le Comhpháirtíocht Spóirt Chorcaigh Clár Inniúlachta Spóirt. Rinneadh an clár a sheachadadh mar chuid de Gníomhaíocht Fhisiceach Oiriúnaithe le haghaidh mac léinn as na cláir Áineasa & Fóillíochta agus Cúram Sóisialta. Ba é a bhí i gceist leis ná mic léinn a bheith ag pleanáil agus ag cur i ngníomh gníomhaíochtaí fisiceacha agus spóirt do dhaoine faoi mhíchumas intleachtúil agus fisiceach.
- Muireann O'Neill, Léachtóir Cúnta Pro-Rata Páirtaimseartha, Roinn an Oideachais Leantaigh, a ceapadh mar bhall de bhord an Irish Auditing & Accounting Supervisory Authority.
- Martin Connolly, Léachtóir Cúnta Pro-Rata Páirtaimseartha, Roinn Cuntasaíochta & Córas Faisnéise, a ceapadh ina Mheastóir agus Rapporteur do dhá phainéal sa phróiseas maoinithe AE FP7 – na painéil SME (Sruth TF/Leictreonaice) agus Slándála Faisnéise.
- Don Crowley, Ceann an Oideachais Leantaigh, a athcheapadh ar Bhord IRD Duhallow Ltd.
- An Dr John Hobbs, Léachtóir Cúnta, Roinn Bainistíochta & Margaíochta, a ceapadh mar Chomhordaitheoir don Tionscadal Be Wiser de chuid na hInstitiúide.
- Catherine Murphy, Léachtóir Cúnta Pro-Rata Páirtaimseartha, Roinn Cuntasaíochta & Córas Faisnéise, a ceapadh mar bhreitheamh seachtarach do na National Social Media Awards.
- An Dr Helen O'Shea, Léachtóir, Roinn na nEolaíochtaí Bitheacha, ar tugadh cuireadh di a bheith ina Meastóir Deontais do Chomhairle Eolaíochta na Laitvia.
- Baill foirne agus mic léinn sa Roinn Staidéar Turasóireachta & Fáilteachais a bhailigh breis is €10,000 do charthanais éagsúla trí shraith taispeántas cócaireachta a óstáil i rith na bliana.
- Ann O'Connor, Léachtóir, agus Breda Hickey, Léachtóir, Roinn Staidéar Turasóireachta & Fáilteachais, ar tugadh cuireadh dóibh bheith ina moltóirí ag Comhdháil Bhliantúil an European Association of Hotel and Tourism Schools.
- An Dr Áine de Róiste, Léachtóir, Roinn Staidéar Turasóireachta & Ginearálta, a ceapadh ar bhord eagarthóireachta an Irish Journal of Applied Social Studies agus an European Journal of Social Education. Feidhmíonn sí mar mheastóir don Stiúrthóireacht Ghinearálta de chuid Choimisiún na hEorpa ar phainéil léirmheastóireachta taighde agus eiticíúla agus déanann meastóireacht ar Chomhaltaí In-Eorpacha Marie Curie. Is ball freisin í de rúnaíocht FESET (Formation d'Éducateurs Sociaux Européens/European - Oiliúint Oideachasóirí Sóisialta).
- An Dr Judith Butler, Léachtóir Cúnta, Roinn Staidéar Sóisialta & Ginearálta, a ceapadh ar bhord eagarthóireachta The Adult Learner Journal.
- Marc Ó Riain, Léachtóir Cúnta, Roinn Ailtireachta a ghnóthaigh an Design Sustainability Award le Foireann Dearaidh Zero2020 Energy Retrofit ag Gradaim Institute of Designers in Ireland (IDI) 2012. Fuair sé "molta go hard" faoin gcomórtas Commercial Interiors National Award ag an ócáid chéanna. Toghadh Marc freisin mar ionadaí Oideachais do Chomhairle Institute of Designers in Ireland.
- Patrick Kennedy, Léachtóir, agus Noel Duffy, Léachtóir Sinsearach, Roinn Innealtóireachta Próisis, Fuinnimh, a chuaigh i gcomhpháirtíocht le Pfizer Ireland Pharmaceuticals, an tOileán Beag, chun modúl ar shábháilteacht phróisis ceimiceáin a fhorbairt chun gnáthchleachtais oibriúcháin ag Monarcha Pfizer, an tOileán Beag, a chomhlánú.annual

- John J Murphy, Léachtóir Sinsearach, Roinn Innealtóireachta Sibhialta, Struchtúrtha & Comhshaoil, a athcheapadh do Bhord Ballraíochta agus Cáilíochtaí Innealtóirí Éireann.
 - An Dr Angela Wright, Léachtóir Pro-Rata Páirtaimseartha, Roinn Eagraíochta & Forbartha Gairmiúla, ar foilsíodh a leabhar *Ireland and the American Tourist: An Emotional, Connectional Motivational Context*, Berlin: VDM Verlag.
 - Sarah Foster, Léachtóir, CDEC CIT, ar tugadh cuireadh di príomhalt a scríobh don “Irish Architectural and Decorative Studies” Volume XV, Eanáir 2013: “Ornament and splendor”: shops and shopping in Georgian Dublin. Tugadh cuireadh do Sarah freisin feidhmiú mar léirmheastóir piara ar dhá iris scolártha le cúrsaíocht dhomhanda:
 - *Journal of Historical Research in Marketing*, Connecticut, SAM
 - *Costume: The Journal of the Costume Society*, Oxford, Sasana
 - Baill foirne as DEIS ar éirigh leo maoiniú a fháil do roinnt tionscadal maoinithe ag an AE ar a n-áirítear:
 - RIPLECS – Remote-labs access in Internet-based Performance-centred Learning Environment for Curriculum Support
 - SEGAN – Serious Games Network
 - CULTTOOLS – Intercultural Competences for personal and professional life
 - SME2.0
 - SIMS
 - Serious Sports
 - Med-Access
 - RED INK
 - Trish Brennan, Ceann Gníomhach Roinn Mínealaíne & Dearaidh CDEC CIT, a thug caint léirithe ar “Reading the Photographic Image” agus a bhí mar chuid de phainéil plé ar *Developing Pictures: Symposium on Photography* ag Dánlann Glucksman i mí Feabhra.
 - Lucy Dawe-Lane, Léachtóir, CEDC CIT, ar foilsíodh a léirmheas ar an taispeántas idirnáisiúnta “Mel Bochner: If the Colour Changes”, Whitechapel Gallery, London in Eagrán an Earraigh den *Enclave Review*.
 - Margaret O’Brien, Léachtóir Cúnta, CDEC CIT, a fuair na gradaim seo a leanas le linn na bliana acadúla:
 - The Red Stables Studio Award, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
 - Glin-Crookshank Prize, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath
 - Travel & Training Award, Comhairle Ealaíon na hÉireann
 - Development Fund Award, Coláiste Náisiúnta Ealaíne & Dearaidh
- Ceapadh Margaret freisin do Choiste de chuid Bhord na Dánlainne, Coláiste Náisiúnta Ealaíne & Dearaidh agus do Bhord Stiúrthóirí an Black Church Print Studio.
- An Dr Irene Sheridan, Ceann an Champais Leathnaithe CIT, ar tugadh cuireadh di a bheith ina Cathaoirleach ag seisiún den University Industry Interaction Conference in Amsterdam i mBealtaine.
 - An Dr Declan O’Connor, Léachtóir, Roinn na Matamaitice, ar tugadh cuireadh dó bheith ina chainteoir agus mar bhall de phainéal ag an 20ú Workshop for Dairy Economists and Policy Analysts Bliantúil i mBoston i mBealtaine.
 - Dr Guillaume Huyet, Léachtóir Sinsearach agus Ceann Lárionad CAPPa a athcheapadh don phost mar Eagarthóir Comhlach don iris *Optics Express* ar feadh trí bliana breise.
 - An Dr Joe Harrington, Ceann na Scoile Innealtóireachta Foirgníochta & Sibhialta a athcheapadh ina bhall den Environmental Protection Agency National Dumping at Sea Advisory Committee. Fuair an Dr Harrington Bonn Hromadka as cion suntasach a thabhairt do thaighde ar acmhainní uisce lena pháipéar “Sediment and nutrient behaviour on the River Bandon, Ireland” a cuireadh i láthair an River Basin Management Conference 2013.
 - Campas Leathnaithe CIT agus tionscadal REAP ar tugadh cuireadh dóibh comhoibriú ar fhorbairt Eiseamláir Eiceachóras Gnó Ollscoile agus ar thuarascálacha a iniúchann roinnt tuarascálacha ar staid University-Business Collaboration (UBC) i roinnt tíortha Eorpacha. Rinneadh an taighde mar chuid den staidéar is faide ar an gcomhoibriú idir líAO Eorpacha agus gnó a rinneadh don Stiúrthóireacht Ghinearálta Oideachais agus Cultúir ag Coimisiún na hEorpa.
 - An Dr Eamonn Cashell, Ceann Scoil Staidéar Iarchéime, ar tugadh cuireadh dó labhairt ag an Scoil Iarchéime, Ollscoil Eolaíochtaí Feidhmeacha – Darmstadt, An Ghearmáin.
 - Lárionad NIMBUS a ghnóthaigh an “Award of Excellence” 2013 de chuid iris na hearnála poiblí *Water Systems and Services Innovation Centre (WSSIC)*.
 - Richard Linger, Bainisteoir, Lárionad TEC agus an fhoireann ag Lárionad NIMBUS, ar bronnadh breis is €500,000 orthu i dtionscadail mhaoinithe don Tráchtálú, Technology Gateway EI ar feadh 5 bliana.
 - An Dr Dirk Pesch, Ceann, Lárionad NIMBUS ar bronnadh maoiniú air do na tionscadail seo a leanas:

- GENIC Project
- SCUBA project
- EU FP7 Project Energy in Time, TRIBUTE
- IERC Projects AUTHENTIC, ROWBUST
- EU NPP SMACS Project i gcomhoibriú le CNMÉ

Ghnóthaigh Lárionad NIMBUS breis is €2.3m de mhaoiniú AE freisin le linn na bliana acadúla.

- Foireann an chlár don Ard-Diplóma nua in Eolaíocht in Eolaíocht Sonraí & Anailísíocht, a raibh a n-iarratas rathúil ar mhaoiniú faoi ICT Skills 2013 de chuid an ÚAO ina thús leis an gcéad chlár de chuid na hInstitiúide sa réimse seo Sonraí Móra atá ag dul i dtábhacht i gcónaí. Bhí an Roinn Matamaitice ar thús cadhnaíochta i bhforbairt an chlár i gcomhoibriú le Roinn na Ríomhaireachta agus Campas Leathnaithe CIT. Mar seo a leanas a bhí baill an chlár fhorbartha:
 - Larkin Cunningham Uas.
 - Aengus Daly Uas.
 - Tim Horgan Uas.
 - An Dr Seán Lacey
 - An Dr Hugh McGlynn
 - An Dr Áine Ní Shé
 - An Dr Katie O'Brien
 - An Dr Declan O'Connor
 - Aisling O'Driscoll Uas.
 - Jim O'Dwyer Uas.
 - Linda O'Sullivan Uas.
 - Catherine Palmer Uas.
 - An Dr Ted Scully
 - An Dr Paul Walsh
- An Dr Liam Lewis baill foirne eile de chuid CAPPa a bhí le feiceáil ar ghnéchlár ar chainéal nuachta Euronews i ngeall ar a gcuid oibre ar an Taighde Aqua-Pulse EU FP7 don tionscadal SME.
- An Dr David Williams, An Dr Guillaume Huyet agus Catherine Dawson, Lárionad CAPPa a d'éagraigh an International Nano-Optoelectronics Workshop (iNOW 2013) mar chuid den EU FP7 Marie Curie Initial Training Network PROPHET, atá á chomhordú ag CAPPa.
- An Dr Eamonn O'Neill and an Dr Guillaume Huyet, Lárionad CAPPa ar éirigh leo maoiniú de €1.089m a bhaint amach faoin gclár Enterprise Ireland Technology Gateway, do CAPPa Technology Gateway, a bheidh ar siúl ó Eanáir 2013 go Nollaig 2017.
- An Dr Guillaume Huyet, Lárionad CAPPa, arbh é an Príomh-Iniúchóir sa togra rathúil de chuid Lárionad Taighde SFI Irish Photonic Integration Research Centre (I-PIC).
- An Dr Bryan Kelleher and an Dr Guillaume Huyet, Lárionad CAPPa ar ar bronnadh €257k don tionscadal SFI US-Ireland, Femtojoule-per-bit Communications with Nanopillar Lasers on Si. Is comhoibriú é an tionscadal le taighdeoirí in Ollscoil California Los Angeles agus Ollscoil na Banríona, Béal Feirste.
- An Dr Eamonn O'Neill, and an Dr Milosz Przyjalowski, Lárionad CAPPa ar éirigh leo maoiniú de €117k a fháil do Chomhpháirtíocht Nuálaíochta Fhiontar Éireann le ProPhotonix. Is é seo an 8ú Comhpháirtíocht Nuálaíochta ag CAPPa ó 2008. Fuair Eamonn maoiniú freisin do dhá thionscadal eile leis an Pharmaceutical Manufacturing Technology Centre and i gcomhoibriú leis an Roinn Innealtóireachta Próisis, Fuinnimh & Comhshaoil.
- An Dr Brendan J. Murphy, Uachtarán, CIT, ar bronnadh Comhaltacht Acadamh Innealtóireachta na hÉireann air ar 2 Bealtaine.
- An Dr Shane O'Rourke, Léachtóir, Roinn na Matamaitice, a bhí ina chainteoir iomlánach ag an seachtú comhdháil bhliantuil de chuid an Geometric and Asymptotic Group Theory with Applications in City College, New York, 28-31 Bealtaine.
- Roseanne Lynch, Léachtóir Cúnta Pro-Rata Páirtaimseartha, CEDC CIT ar foilsíodh a saothar sa New Irish Works ó 4 to 27 Iúil.
- Ar na baill foirne a ceapadh ina scrúdaitheoirí seachtracha bhí:
 - John Bogue, Comórtas IrelandSkills
 - JJ Buttimer, Comórtas IrelandSkills
 - An Dr Aidan Coffey, Leuven University, An Bheilg
 - An Dr Joe Connell, Ollscoil Napier, Dún Éideann
 - Fergus Delaney, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
 - Dr Áine de Róiste, University of Wales Institute of Cardiff (UWIC) agus an Institute of Integrative Counselling and Psychotherapy

- Eamonn Finnegan, Comórtas IrelandSkills
 - An Dr Ambrose Furey, Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath, Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus Ollscoil Pune
 - Michael Hourihan, Príomhscrúdaitheoir, Comórtas IrelandSkills
 - An Dr Lorraine Howard, Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí
 - William Irwin, Comórtas IrelandSkills
 - Seán Lannin, Comórtas IrelandSkills
 - Pat Mahon, Comórtas IrelandSkills
 - Adrian McAuliffe, Comórtas IrelandSkills
 - An Dr Hugh McGlynn, Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge
 - Niall Morris, Príomhscrúdaitheoir, Comórtas IrelandSkills
 - Bernard O'Callaghan, Institiúid Teicneolaíochta Thamhlachta
 - Tim O'Halloran, Príomhscrúdaitheoir, Comórtas IrelandSkills
 - Michael O'Leary, Comórtas IrelandSkills
 - Michael P. O'Mahony, Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe-Maigh Eo
 - Tom O'Reilly, Comórtas IrelandSkills
 - David O'Riordan, Príomhscrúdaitheoir, Comórtas IrelandSkills
 - Patrick O'Riordan, Príomhscrúdaitheoir, Comórtas IrelandSkills
 - Pat Twomey, Príomhscrúdaitheoir, Comórtas IrelandSkills
- Baill foirne de chuid Choláiste Ealaíne & Deartha Crawford CIT ar léiríodh a gcuid saothair i roinnt taispeántas, ceardlanna agus cónaitheachtaí ag leibhéil náisiúnta agus idirnáisiúnta:
 - Lucy Dawe-Lane
 - Debbie Dawson
 - Pamela Hardesty
 - James L. Hayes
 - Jesse Jones
 - Catherine Hehir
 - Roseanne Lynch
 - Tony McClure
 - An Dr Ailbhe Ní Bhriáin
 - Margaret O'Brien
 - Maureen O'Connor
- Ar na baill foirne ar bronnadh céimeanna orthu bhí:
 - Emma Callanan, Máistir Eolaíochta i Néalríomhaireacht
 - Des Carroll, Máistir Ealaíon i gCaidreamh Poiblí le Meáin Nua
 - Michael Coughlan, Baitsiléir Innealtóireachta (Onóracha) i gCórais Fhuinnimh Foirgníochta
 - John Cronin, Baitsiléir Gnó i nGnó & Bainistíocht
 - Mary Daly, Máistir Ealaíon i gCeol
 - Stefan De La Cour, Baitsiléir Innealtóireachta in Innealtóireacht Mheicniúil
 - Michelle Kelleher, Ardteastas i nGnó
 - Peter Lucey, Máistir Ealaíon i gCaidreamh Poiblí le Meáin Nua
 - Mary MacSweeney, Máistir Ealaíon i gCeol
 - Catherine Murphy, Diplóma Gairmiúil i Margaíocht Dhigiteach
 - Robert O'Brien, Máistir Ealaíon i gCeol
 - Anna O'Donovan, Dochtúir Fealsúnachta i mBainistíocht Ábhar Fiontair
 - Andrea O'Driscoll, Ardteastas i nGnó
 - An Dr Margaret O'Keefe, LLM
 - Coral O'Sullivan, Máistir Ealaíon
 - Gearóid Ó Súilleabháin, Dochtúir Fealsúnachta i dTaighde Oideachasúil
 - Phil O'Leary, Máistir Ealaíon
 - Philip O'Reilly, Baitsiléir Eolaíochta i dTacaíocht Teicneolaíochta Faisnéise
 - An Dr Susan Rea, Diplóma i mBainistíocht Tionscadail
 - Sinéad Rodgers, Bainistíocht Ghairmiúil Tionscadail (PMP)
 - Bary Woods, Ardteastas in Eolaíocht i dTacaíocht Teicneolaíochta Faisnéise

Ceapacháin Nua

Deimhníodh na baill foirne seo a leanas le haghaidh ceapacháin le linn na bliana acadúla 2012/13:

- Mark Burleigh, Oifigeach um Theicneolaíocht Oiriúnaitheach
- Aisling Conway, Léachtóir Cúnta, Roinn Bainistíochta & Margaíochta
- Annette Coughlan, Oifigeach Idirchaidrimh Muirí, Seirbhísí NMCI, CNMÉ
- Denis Cronin, Oifigeach Foirne, Oifig Airgeadais
- Don Crowley, Ceann na Roinne Eagraíochta & Forbartha Gairmiúla
- Catherine Cunningham, Oifigeach Sinsearach Foirne, Oifig Airgeadais
- Larkin Cunningham, Léachtóir Cúnta, Roinn Ríomhaireachta
- An Dr Pio Fenton, Ceann na Roinne Margaíochta & Gnó Idirnáisiúnta
- Kieran Hallahan, Oifigeach Foirne, Oifig Airgeadais
- Mary Hegarty, Léachtóir Cúnta Pro-Rata Páirtaimseartha, CSC CIT
- Tim Horgan, Ceann Seachadadh Ar Líne
- Carmel Kelleher, Oifigeach Sinsearach Foirne, Oifig Airgeadais
- An Dr Gerard Kelly, Ceann Gníomhach na Roinne Innealtóireachta Meicniúla, Bithleighis & Deántúsaíochta
- Dr Breda Kenny, Ceann Lárionad Hincks don Bharr Feabhas i bhFiontraíocht
- David Kingston, Airíoch Foirgnimh & Eastáit
- Niamh Lynes, Comhordáí na hOifige Idirnáisiúnta
- Jonathan McCarthy, Bainisteoir TF
- Clíona Maher, Oifigeach Mic Léinn Idirnáisiúnta
- Patrick McCarthy, Léachtóir Cúnta, Roinn Ríomhaireachta
- Seán McShera, Léachtóir Cúnta, Roinn Innealtóireachta Leictreonaice
- Michael Murphy, Léachtóir Cúnta, Roinn Innealtóireachta Próisis, Fuinnimh & Iompair
- Ruth Murphy, Riarthóir d'Éascú Míchumais
- Paul Nash, Léachtóir, CNMÉ
- Deborah Ní Riain, Léachtóir Cúnta, Roinn Ailtireachta
- Gillian O'Callaghan, Oifigeach Iontrálacha, Scrúduithe & Táillí, Oifig an Chláraitheora & Leas-Uachtaráin do Ghnóthaí Acadúla
- Clare O'Leary, Oifigeach Sinsearach Foirne, Oifig Airgeadais
- David O'Leary, Oifigeach Cléireachais, Lárionad NIMBUS
- Mai O'Leary, Oifigeach Spóirt
- An Dr Donna O'Shea, Léachtóir Cúnta, Roinn Ríomhaireachta
- Ellen O'Shea, Oifigeach Cléireachais, Seirbhísí Mic Léinn
- Rene Peeren, Comhordáí Taighde Fuinnimh, Scoil na hInnealtóireachta Meicniúla, Leictreonaice & Próisis
- Marian Quinn, Léachtóir Cúnta, Roinn Staidéar Sóisialta & Ginearálta
- Tadhg Ryan, Léachtóir Cúnta Páirtaimseartha Pro-Rata, Roinn Staidéar Sóisialta & Ginearálta
- An Dr Ted Scully, Léachtóir Cúnta, Roinn Ríomhaireachta

6. Tuarascáil Airgeadais

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

- 6.1 Tuarascáil Airgeadais
- 6.2 Cuntais Iniúchta 2012/2013

6.1 Tuarascáil Airgeadais

Cuimsíonn an tuarascáil airgeadais seo an tréimhse ó 1 Meán Fómhair 2012 go dtí 31 Lúnasa 2013 agus léiríonn sí comhshaol airgeadais níos dúshlánaí inar thit an t-ioncam de 3.4% go €95.7m agus inar thit an costas oibriúcháin de 1.3% go €94.2m. Thit an barrachas oibriúcháin don bhliain de 60% ó €3.6m go €1.4m.

Tá CIT Student Services Company Limited, a chuireann seirbhísí mionmhargaidh, siopa, bistro agus ceantín ar fáil do mhic léinn na hInstitiúide, comhdhlúite sna ráitis airgeadais den chéad uair. Roimhe sin nochtadh a cuid torthaí sna nótaí in éineacht leis na ráitis airgeadais agus athluaitear figiúirí 2011/12 chun an t-athrú seo a léiriú. Tá cuntais CIT Foundation Ltd comhdhlúite sna cuntais seo freisin.

Ioncam

Tháinig laghdú ar an ioncam de 3.4% ó €99.1m go €95.7m. Tháinig laghdú ar an ioncam thar gach catagóir cés moite de na Táillí Teagaisc ar tháinig méadú orthu i ngeall ar Chion na Mac Léinn. Ach rinne an laghdú ar an Deontas Stáit níos mó ná fritháireamh air sin. Thit an t-ioncam athfhillteach Taighde & Conarthaí de €2m agus tháinig laghdú ar Ioncam Eile de €0.9m.

Caiteachas Reatha

Tháinig laghdú ar ioncam reatha iomlán na hInstitiúide de 1.3% go €94m. Gan dímhéas de €6.3m a chur san áireamh, ba iad costais dhíreacha na ranna acadúla agus na gníomhaíochta taighde ná €63.7m (72%), bhí costais de €5.8m (7%) ar áitreabh agus bhain costais de €12.4m (14%) leis an riarachán agus na seirbhísí tacaíochta agus bhí costas de €6.1m (7%) ar sheirbhísí mic léinn.

Costais Foirne

Tháinig méadú ar phábhille na hInstitiúide de €0.5m le linn 2012/13 agus anois seasann sé ag €63.4m i gcomparáid le €62.9m in 2012. Seasann na costais foirne do 67% den chaiteachas iomlán agus tháinig ardú ar mheánlíon na bhfostaithe le linn na tréimhse de 3.2% ó 1,126 go 1,162.

Líon na Mac Léinn

Tháinig méadú imeallach ar líon na mac léinn cóibhéiseach lánaimseartha de 0.9% ó 8,793 go 8,871 le linn na tréimhse.

Taighde & Forbairt

D'fhan an t-ioncam ó ghníomhaíochtaí Taighde, Forbartha agus Féinmhaoinithe ag €15.6m mórán gan athrú agus costais chaipitil san áireamh. Tháinig méadú ar an aistriú go dtí an cuntas caipitil de €2.9m agus baineann sé sin leis an maoiniú i leith tionscadal tógála agus trealamh taighde a bhain an Institiúid amach. Thit an t-ioncam athfhillteach sa réimse seo ó €14.7m go €12.8m agus thit an costas oibriúcháin dá réir ó €14.3m go €12.7m.

Cúlchistí

Don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2013, ba é iarmhéid Chúlchistí na hInstitiúide (gan Deontais Chaipitil larchurtha san áireamh) ná €8m, a mbaineann €6.85m de sin leis an gCúlchiste Caipitil Forbartha do thionscadail chaipitil fhaofa. Baineann €0.82m den €1.15m eile le cuideachtaí comhdhlúite agus baineann €0.33m go díreach leis an Institiúid.

6.2 Cuntais Iniúchta 2012/13

Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Ráiteas maidir le Freagrachtaí na hInstitiúide

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste – Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta

Cuntas Ioncaim & Caiteachais Comhdhlúite

Clár Comhardaithe Comhdhlúite na hInstitiúide

Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid Comhdhlúite

Nótaí do na Ráitis Airgeadais

6.2.1 Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Admhaíonn an Bord Rialaithe freagracht as a chinntiú go gcoinnítear agus go n-oibrítear córas éifeachtach inmheánach rialaithe airgeadais agus go gcuirtear próisis agus gnáthaimh ar bun chun a chinntiú go bhfuil an córas éifeachtach.

Ní féidir leis an gcóras ach rátháíocht réasúnta agus ní glanrátháíocht a thabhairt go bhfuil sócmhainní á gcosaint, bearta á n-údarú agus á dtaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí tábhachtacha a chosc nó a bhrath go tráthúil.

Príomhghnáthaimh Rialaithe

Tá cúram á dhéanamh ag an mBord Rialaithe chun timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú trí:

- Freagrachtaí bainistíochta a shonrú go soiléir.
- Gnáthaimh agus rialuithe a fhorbairt a dhéantar a athbhreithniú go rialta, atá doiciméadaithe, curtha i bhfeidhm agus cothrom le dáta.
- Gnáthaimh fhoirmiúla a chur ar bun trí fheidhmeanna coistí éagsúla chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus sócmhainní na heagraíochta a chosaint (Coiste Iniúcháireachta/Coiste Airgeadais/Coiste Forbartha Straitéisí).
- Cáipéis Treoirlínte Dea-Chleachtais a ghlacadh a chuimsíonn téarmaí soiléire tagartha le haghaidh Choistí an Bhord Rialaithe.
- Cultúr láidir cuntasachta a fhorbairt thar gach leibhéal den eagraíocht.

Tá próisis forbartha ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí chun rioscaí gnó a shainithint agus a mheasúnú. Déantar é sin ar bhealaí éagsúla ar a n-áirítear:

- Samhail Ghníomhaíochtaí Riachtanacha & Próisis a fhorbairt chun cuidiú leis an mbainistíocht agus leis an mBord Rialaithe na príomhghníomhaíochtaí agus na próisis atá ann a shainithint chun a gcuid oibríochtaí a bhainistiú go héifeachtach.
- Polasaí Bainistithe Riosca a ghlacadh.
- Príomhrioscaí, úinéirí riosca agus na rialuithe chun na rioscaí sin a mhaolú.
- Spriocanna bliantúla agus fadtéarmacha a fhorbairt agus tuairiscí ar na torthaí a bhaintear amach.
- Cur i bhfeidhm Creata Rialaithe Inmheánaigh.
- Córas cuimsitheach buiséadaithe le buiséad bliantúil a dhéanann an Bord Rialaithe a athbhreithniú agus a chomhaontú.
- Athbhreithnithe rialta ag an mBord Rialaithe agus a chuid coistí ar na tuairiscí tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a chuireann in iúl an fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamhaisnéisí.
- Spriocanna a leagan síos chun feidhmíochtaí airgeadais agus feidhmíochtaí eile a thomhas.
- Treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil atá sonraithe go soiléir.

Tá feidhm iniúcháireachta inmheánach ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí atá foinsithe allamuigh, atá de réir Téarmaí Tagartha Iniúcháireachta Inmheánaí agus atá faofa ag an mBord Rialaithe agus Cód Rialachais Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann.

Faomhann an Coiste Iniúcháireachta Plean Iniúcháireachta Inmheánaí go bliantúil. Cuireann an plean san áireamh réimsí riosca féideartha a sainaithníodh i gcleachtadh measúnaithe riosca a rinneadh leis an mbainistíocht i dtús an timhrialla pleanála reatha. Cuirtear tuairiscí ar fáil don Choiste Iniúcháireachta ar na sanntaí a rinneadh. Déanann na tuairiscí sin easnaimh nó laigí, más ann dóibh, sa chóras rialaithe inmheánaigh a aibhsiú agus na bearta ceartaitheacha a mholtar le déanamh áit is gá. Faigheann an Coiste Iniúcháireachta tuairiscí rialta ar stádas na saincheisteanna a ardaítear.

Bíonn monatóireacht agus athbhreithniú an Bhord Rialaithe ar éifeachtacht an chórais inmheánaigh rialaithe airgeadais ag brath ar obair Fheidhmeannas agus Bhainistíocht na hInstitiúide a bhfuil freagracht orthu as forbairt agus coinneáil an chreata rialaithe, ar an gCoiste Iniúcháireachta, ar an Iniúcháir Inmheánach, agus ar na ráitis a dhéanann an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste ina litir bhainistithe.

Deimhnímid go ndearna an Bord Rialaithe, de réir Alt 5.2.1 de théarmaí tagartha an Choiste Iniúcháireachta mar atá faofa ag an mBord Rialaithe, athbhreithniú ar éifeachtacht an chórais inmheánaigh rialaithe airgeadais don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2013 ag a gcruinniú ar 20 Meitheamh 2013, arna fhaomhadh ag an mBord Rialaithe in Iúil 2013.

Sínithe thar ceann an Bhord Rialaithe



Bob Savage
Cathairleach



Dr Brendan J. Murphy
Uachtarán

6.2.2 Ráiteas Maidir le Freagrachtaí na hInstitiúide

Éilíonn na hAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006 ar an Institiúid ráitis airgeadais a ullmhú ar dhóigh a d'fhéadfadh faomhadh a fháil ón Údarás um Ard-Oideachais agus iad a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le haghaidh iniúchta. Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, éilítear ar an Institiúid:

- polasaithe cuntasáíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá ciallmhar agus críonna
- ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, mura mbeadh an bonn sin mí-oiriúnach
- aon athrú tábhachtach ar chaighdeáin chuntasáíochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú

Tá an Institiúid freagrach as leabhair chearta chuntasáíochta a choinneáil a thabharfaidh le fios go réasúnta cruinn ag am ar bith staid airgeadais na hInstitiúide agus a chuirfidh ar a cumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais na hAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006. Tá an Institiúid freagrach freisin as sábháilteacht a cuid sócmhainní agus as bearta réasúnta a ghlacadh chun caimiléireacht nó mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.



Bob Savage
Cathaoirleach



Dr Brendan J. Murphy
Uachtarán

6.2.3 Tuairisc an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste lena cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

Tá ráitis airgeadais chomhdhlúite Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí (na ráitis airgeadais) don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2013 iniúchta agam faoi na hAchtanna um Institiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006. Tá na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta arna leagan amach sna ráitis, comhdhéanta den Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara. Is dlí infheidhme agus Cleachtas Cuntasaíochta a nGlactar leo go Coitianta in Éirinn é an creat tuairisceoireachta airgeadais atá curtha i bhfeidhm ina n-ullmhúchán.

Freagrachtaí na hInstitiúide

Tá an Institiúid freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad léargas cruinn agus cóir ar ghnóthaí na hInstitiúide agus ar a hioncam agus caiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Is é an fhreagracht atá orm na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisc a thabhairt orthu de réir na nAchtanna Institiúidí Teicneolaíochta 1992 go 2006.

Tá m'iniúchadh á dhéanamh agus aird agam ar na cúinsí speisialta a bhaineann le comhlachtaí a fhaigheann maoiniú substaintiúil ón Stát i dtaca lena mbainistíocht agus oibriúchán.

Rinneadh m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchadh (RA agus Éire) agus Caighdeáin Eiticíúla Bhord na gCleachtas Iniúcháireachta d'Iniúcháirí á gcomhlíonadh agam.

Scóip leis an iniúchadh ar na ráitis airgeadais

Is é atá i gceist le hiniúcháireacht ná leordhóthain fianaise a aimsiú faoi na suimeanna agus na nochtáí atá sna ráitis airgeadais a d'fhágfadh cinnteacht réasúnta go bhfuil na ráitis sin saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu calaois nó earráid is cúis leis sin. Cuimsíonn sé sin measúnú ar

- cibé acu an oireann na beartais chuntasaíochta don bhail atá ar chúrsaí na hInstitiúide, ar feidhmíodh na beartais sin ar bhealach leanúnach agus ar nochtadh go leordhóthain iad
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh agus na ráitis air á n-ullmhú, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Déanaim iarracht freisin fianaise a aimsiú maidir le rialtacht na mbeart airgeadais le linn an iniúchta.

Tuairim maidir leis na ráitis airgeadais

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh de réir cleachtas cuntasaíochta a nglactar leis go coitianta in Éirinn, léargas fíor agus cóir ar riocht ghnóthaí na hInstitiúide ag 31 Lúnasa 2013 agus ar ioncam agus ar caiteachas an Ghrúpa don bhliain dar críoch sin.

Is é mo thuairim go raibh leabhair chuntais chuí coinnithe ag an Institiúid. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

Ábhair a dtugaim tuairisc orthu trí eisceacht

Tuairiscim trí eisceacht

- mura bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe go léir a bhí riachtanach chun críocha m'iniúchta, nó
- má thug an t-iniúchadh faoi deara aon chás ábhartha nár feidhmíodh suimeanna airgid chun na gcríoch a bhí ceaptha dóibh nó áit nach raibh na bearta de réir na n-údarás a rialaíonn iad, nó
- mura léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach comhall na hInstitiúide leis an gCód Rialachais d'Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann, nó
- má aimsím go bhfuil ábhair ábhartha a bhaineann leis an dóigh inar riaradh gnó poiblí.

Níl aon cheo le tuairisciú agam maidir leis na cúrsaí sin.

Seamus McCarthy

An tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste

27 Meitheamh 2014

6.2.4 Ráiteas ar Pholasaithe Cuntasaíochta don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2013

Is mar seo a leanas atá na polasaithe suntasacha cuntasaíochta ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí:

1. Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir na bprionsabal cuntasaíochta a bhfuil glactha leo go coitianta in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe faoi choinbhinsiún an costais stairiúil (cés moite de shealúchais áirithe atá cuimsithe ag a luacháil) agus le ceanglais an Údaráis um Ard-Oideachas. Tá CIT Innovation Centre Limited agus Cosmos Education Limited, CIT Foundation Limited agus CIT Student Services Company Limited san áireamh sna Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite.

2. Aitheantas Ioncaim

Deontais Stáit:

Aithnítear deontais athfhillteacha ón Údarás um Ard-Oideachas agus ó chomhlachtaí eile sa tréimhse ina bhfaightear iad.

Déantar déileáil le deontais neamh-athfhillteacha ón Údarás um Ard-Oideachas nó ó chomhlachtaí eile a fhaightear i dtaca le fáil nó tógáil sócmhainní seasta mar dheontais chaipitil iarchurtha agus déantar iad a amúchadh i gcomhréir le dímheas thar saol na sócmhainní.

Mion-Oibreacha Caipitil:

Thug an tAire Oideachais agus Scileanna scéim isteach chun freagracht a dhéabhlóidiú don Institiúid as Oibreacha Samhraidh agus Oibreacha Caipitil eile. Áit nár caitheadh airgead déabhlóidithe, i dtaca leis an scéim seo, déantar déileáil leis mar ioncam iarchurtha, ar choinníoll gur faomhadh na tionscadail a bhfuil siad tiomanta dóibh ag an mBord Rialaithe, go bhfuil siad sonraithe go hiomlán, céimnithe ó thaobh ama de agus le meastacháin ar na costais.

I ngach cás eile aithnítear maoiniú mionoibreacha caipitil sa tréimhse ina bhfaightear iad.

Deontais Taighde agus Conarthaí:

Déantar ioncam ó Dheontais Taighde a mheaitseáil le caiteachas agus tá sé san áireamh in ioncam na bliana inar tabhaíodh an caiteachas gaolmhar.

Taispeántar gach ioncam agus caiteachas taighde faoin gceannteideal 'Taighde, Forbairt agus Féinchiú'.

Ioncam ó Tháilli:

Déantar déileáil le hioncam ó Tháilli ar bhonn fabhráithe.

Ioncam ó Ús:

Cuirtear gach ioncam ó thaiscí gearrthéarmacha chun sochair don chuntas ioncaim agus caiteachais sa tréimhse inar tuilleadh é.

3. Stoic

Breacat caiteachas ar leabhair agus ar stoic inchaite don Chuntas Ioncaim agus Caiteachais de réir mar a thabhaítear é. Baineann an stoc a thaispeántar sa chlár comhardaithe le hearraí in Cosmos Education Limited agus stoc inchaite sa Student Services Company Limited ar 31 Lúnasa 2013.

4. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe agus Dímheas

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe, cés moite de thalamh, ar a gcostas stairiúil nó luacháil lúide dímheas carntha. Luaitear talamh ar a chostas stairiúil nó luacháil.

(a) Costas nó Luacháil

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe a bhí ann ó 1 Eanáir 1993 (dáta an ordaithe thosaigh) ar a luacháil. Tá bunús na luachála leagtha amach ag Nóta 14. Luaitear breiseanna ina dhiaidh sin ar a gcostas.

Tugtar cuntas ar fhoirgnimh i mbun tógála ar a gcostas bunaithe ar luach theastas an ailtire agus chostais dhíreacha eile a thabhaítear go dtí deireadh na bliana airgeadais. Ní dhéantar dímheas orthu go dtí go mbíonn siad in úsáid.

(b) Trealamh

Déantar gach trealamh a bhfuil luacháil de €3,000 nó níos mó ar an mír aonair a chaipitliú.

(c) Dímheas

Leanfar de chaitheamh leis na sócmhainní go léir a ceannaíodh roimh 1 Meán Fómhair 2009 agus a caipitlíodh mar shócmhainní seasta agus déantar dímheas orthu go dtí deireadh a saoil inúsáidte.

Déantar soláthar do dhímheas ar shócmhainní seasta inláimhsithe, seachas talamh, ar bhonn dronlíne chun a gcostas stairiúil nó a luachálacha a dhíscríobh thar an saol a meastar iad a bheith inúsáidte mar seo a leanas:

	Blianta
Foirgnimh	30-50
Foirgnimh réamhdhéanta, daingneáin, gléasra agus innealra	10
Mór-ríomhairí	7
Trealamh eile ríomhaire	3
Trealamh oideachasúil agus riaracháin	5
Troscán	5
Feithiclí Mótair	5

Leanfar de dhímheas a dhéanamh ar Threalamh Ríomhaire a ceannaíodh roimh 1 Meán Fómhair 2010 ar bhonn pholasaí dímheasa dronlíne ceithre bliana. Déanfar trealamh ríomhaire a ceannaíodh ina dhiaidh sin ar bhonn saol trí bliana.

Déanfar gach trealamh a maoiníodh ó Dheontais agus Chonarthaí Taighde a dhímheas thar saol na sócmhainne ag teacht leis an bpolasaí do na Sócmhainní Seasta go léir eile.

Déantar dímheas ar Thalamh agus ar Fhoirgneamh ar Léas thar saol an léasa.

Déantar dímheas ar shócmhainní an Students Services Company Limited thar 2-5 bliana – dronlíne.

5. Airgeadraí Eachtracha

Aistrítear bearta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha ina Euro de réir na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm ar dhátaí na mbeart. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgeadaíochta atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha ina Euro de réir na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm ar dháta an Chláir Chomhardaithe.

6. Pinsin

Is faoi scéim shannaithe sochair a thugtar gach teidlíocht pinsin foirne faoi Acht Rialtais Áitiúil (Aoisliúntas) 1980 agus déanann an Státchiste freastal ar oibleagáidí pinsin de réir mar a tharlaíonn siad.

Oibrítear an scéim aoisliúntais ar bhonn Íoc Mar a Úsáidtear agus coinníonn an Institiúid asbhaintí aoisliúntais ó fhostaithe, mar chuid chomhaontaithe dá cistiú.

Ní thugann an Institiúid ranníocaíocht don scéim agus níl aon dualgas uirthi i leith teidlíochtaí.

7. Cuntas Caipitil Iarchurtha

Is éard atá sa Chuntas Caipitil Iarchurtha ná luach amúchta an ioncain charntha atá cionroinnte do shócmhainní seasta.

8. Cúlchiste Caipitil Forbartha

Is éard atá sa Chúlchiste Caipitil Forbartha ná cistí atá curtha ar leataobh ag an Institiúid chun críocha sainithe caipitil forbartha. Eascraíonn cistí dá leithéid as táillí clárúcháin Mhic Léinn, bronnánais chaipitil neamhstáit, táillí saoráide bainc agus aistrithe ó Chúlchistí Ioncain, a bhfuil réamhchead sa dara cás ón Údarás um Ard-Oideachas ina leith, maraon le hús bainc atá tuillte ar an airgead sin. Déanfar cistí dá leithéid a choinneáil sa Chuntas Cúlchiste Caipitil Forbartha ar choinníoll go bhfuil na tionscadail shainithe lena bhfuil siad tiomanta ag teacht le Plean Caipitil Forbartha na hInstitiúide, faofa ag an mBord Rialaithe, céimnithe ó thaobh ama de agus le meastachán ar na costais.

9. Cúlchiste Caipitil – Student Services Company Limited

Baineann an t-aistriú go Cúlchiste Caipitil leis na cistí a fuarthas ó lontaobhais a dhúnadh. Tá an Cúlchiste Caipitil sainithe d'fhorbairt chaipitil sa todhcháir ar mhaithe le leas mic léinn.

10. Sócmhainní ar Léas

Déantar cíosaanna faoi léasanna oibriúcháin a chur mar mhúirear leis an gcuntas loncain agus Cainteachais sa tréimhse ina dtabhaítear an caiteachas.


6.2.5 Cuntas Ioncaim & Caiteachais Comhdhlúite don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2013

IONCAM	NÓTA	2013 €000	2012 €000
Deontas Stáit	1	39,093	39,900
Táillí Teagaisc	2	29,146	28,489
Amúchadh Deontas Caipitil Iarchurtha	17	6,303	6,302
Deontais agus Conarthaí Taighde	3	12,775	14,736
Ioncam Eile	5	7,341	8,276
Ioncam Aitheanta Tacaíochta Mic Léinn	4	552	530
Ioncam ó Ús		477	867
		<u>95,687</u>	<u>99,100</u>
CAITEACHAS			
Ranna Acadúla	6	51,073	50,157
Seirbhísí Acadúla	7	2,740	2,570
Costais Saoráidí	8	5,756	7,543
Príomhriarachán agus Seirbhísí	9	8,911	8,228
Costais Ghinearálta Oideachasúla	10	715	597
Seirbhísí Mic Léinn	11	5,535	5,286
Deontais agus Conarthaí Taighde	3	12,661	14,338
Ioncam Maoinithe Tacaíochta Mic Léinn curtha i bhfeidhm	4	552	530
Dímheas	14	6,298	6,296
	12	<u>94,241</u>	<u>95,545</u>
Barrachas Oibriúcháin		1,446	3,555
Cánachas	13	(3)	(6)
Aistriú go Cúlchiste Caipitil Forbartha	18	(1,737)	(3,491)
Aistriú ón gCúlchiste Caipitil Forbartha	18	37	105
Barrachas Carntha ar 1 Meán Fómhair		<u>1,089</u>	<u>926</u>
Barrachas Carntha ar 31 Lúnasa		<u>832</u>	<u>1,089</u>

Níl gnóthachan ná cailteanas ar bith seachas iad siúd a ndéantar déileáil leo sa chuntas ioncaim agus caiteachais.

Is cuid de na áitis airgeadais iad an Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1-27.

Sínithe thar ceann an Bhord Rialaithe



Bob Savage
Cathaoirleach



Dr Brendan J. Murphy
Uachtarán

6.2.6 Clár Comhardaithe Comhdhlúite mar a bhí ar 31 Lúnasa 2013

	NÓTA	Comhdhlúite		Institiúid	
		2013 €000	2012 €000	2013 €000	2012 €000
SÓCMHAINNÍ SEASTA	14	111,852	109,569	111,260	109,204
INFHEISTÍOCHTAÍ	23	50	50	50	50
		<u>111,902</u>	<u>109,619</u>	<u>111,310</u>	<u>109,254</u>
SÓCMHAINNÍ REATHA					
Féichiúnaithe & Réamhíocaíochtaí	15	20,210	6,016	19,985	5,869
Stoc			83	63	--
Airgead sa bhanc agus ar láimh		18,637	21,434	17,522	20,191
		<u>38,930</u>	<u>27,513</u>	<u>37,507</u>	<u>26,060</u>
DLITEANAIS REATHA					
Creidiúnaithe agus Costais Fhabhráithe - suimeanna dlite laistigh d'aon bhliain	16	<u>30,982</u>	<u>19,236</u>	<u>30,379</u>	<u>18,708</u>
GLANSÓCMHAINNÍ REATHA		<u>7,948</u>	<u>8,277</u>	<u>7,128</u>	<u>7,352</u>
GLANSÓCMHAINNÍ		<u>119,850</u>	<u>117,896</u>	<u>118,438</u>	<u>116,606</u>
Dá seasann					
Deontais Chaipitil larchurtha	17	111,852	109,569	111,260	109,204
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		832	1,089	333	485
Cúlchiste Caipitil – Student Services Co Ltd		321	321	-	-
Cúlchiste Caipitil Forbartha	18	<u>6,845</u>	<u>6,917</u>	<u>6,845</u>	<u>6,917</u>
		<u>119,850</u>	<u>117,896</u>	<u>118,438</u>	<u>116,606</u>

Is cuid de na ráitis airgeadais é an Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1-27.

Sínte thar ceann an Bhord Rialaithe



Bob Savage
Cathaoirleach




Dr Brendan J. Murphy
Uachtarán

6.2.7 Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid Comhdhlúite don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2013

	2013 €000	2012 €000
Barrachas oibriúcháin á réiteach le sreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		
Barrachas Oibriúcháin	1,446	3,555
Ioncam ó Ús	(477)	(867)
Dímheas	6,298	6,296
Amúchadh ag teacht le dímheas sócmhainne	(6,303)	(6,302)
Caillteanas ar Dhiúscairt Sócmhainní Seasta	5	6
Cánachas	(3)	(6)
Méadú i Stoc	(20)	(59)
Freaschur aistriú neamh-airgid do chúlchiste seirbhísí mic léinn	-	321
Gluaiseacht i gCúlchiste Ioncaim a bhaineann le Fochuideachtaí a chomhdhlúthaíodh den chéad uair in 2012 (Méadú)/Laghdú ar Fhéichiúnaithe	(14,194)	313
Méadú/(Laghdu) ar Chreidiúnaithe gearrthéarmacha	11,746	(331)
(Eis-sreabhadh)/ Insreabhadh Glan Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	(1,502)	3,646
<hr/>		
Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid		
Insreabhadh Glan Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin	(1,502)	3,646
Ús faighte	477	867
Caiteachas Caipitil		
Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta a fháil	(8,586)	(7,985)
<i>Eis-sreabhadh glan airgid ar chaiteachas caipitil</i>	(8,586)	(7,985)
Cistiú		
Deontais Chaipitil Stáit caite ar Shócmhainní Seasta	1,515	2,987
Deontais Athfhillteacha Stáit caite ar Shócmhainní Seasta	2,422	2,753
Cistí eile caite ar Shócmhainní Seasta	2,877	1,086
<i>Glan-Insreabhadh Airgid ó Chistiú</i>	6,814	6,826
(Laghdú)/Méadú ar Airgead	(2,797)	3,354
<hr/>		
Glan-sreabhadh airgid á réiteach le gluaiseacht i nglan-chistí		
(Laghdú)/Méadú ar Airgead	(2,797)	3,354
Glanchistí ar dtús	21,434	18,080
Glanchistí ar 31 Lúnasa	<u>18,637</u>	<u>21,434</u>

Is cuid de na ráitis airgeadais é an Ráiteas maidir le Polasaithe Cuntasaíochta, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus Nótaí 1-27.

Sínte thar ceann an Bhord Rialaithe



Bob Savage
Cathaoirleach



Dr Brendan J. Murphy
Uachtarán

6.2.8 Nótaí do na Ráitis Airgeadais

1. DEONTAIS STÁIT

	Cionroinnte do chaiteachas athfhillteach	Cionroinnte do chaiteachas caipitil	Iomlán 2013	Iomlán 2012
	€000	€000	€000	€000
Deontas stáit do chaiteachas athfhillteach - ÚAO	39,037	2,422	41,459	41,846
Deontas stáit do chaiteachas caipitil – RO&S	45	132	177	2,278
Deontas stáit do mhionoibreacha caipitil – RO&S	11	1,383	1,394	1,516
Iomlán – 2013	39,093	3,937	43,030	45,640
Iomlán – 2012	39,900	5,740	45,640	

Íocann an Ciste Sóisialta Eorpach (CSE) costas iomlán roinnt cúrsaí Ardteastais agus Gnáthchéime trí fhóirdheontas ag an leibhéal náisiúnta. Déantar Deontais Stáit do Chaiteachas Athfhillteach a pháirtmhaoiniú ón gcúnamh AE seo.

2. TÁILLÍ TEAGAISIC

	2013	2013	2012	2012
	Líon Mac Léinn (CLA)	€000	Líon Mac Léinn (CLA)	€000
Táillí Íochta ag an Stáit	6,258	7,689	6,146	8,993
Táillí Neamh-AE	146	428	114	601
Táillí Íochta ag mic léinn nó ar son mac léinn	838	1,475	1,074	2,030
Táillí d'Foghlaim ar Feadh an tSaoil & Táillí Eile	1,629	5,114	1,459	4,154
Cion Mic Léinn		14,440		12,711
	8,871	29,146	8,793	28,489

D'íoc an tÚAO táillí teagaisic sa bhliain de €5.679m le haghaidh cúrsaí céime lánaimseartha agus €2.010m le haghaidh cúrsaí ardteastais agus gnáthchéime, a bhfuil a gcostas iomlán páirtmhaoinithe ag an gCSE.

Luaitear líon mac léinn mar chóibhéisí lánaimseartha, bunaithe ar chreidiúintí cláraithe.

3. DEONTAIS AGUS CONARTHAÍ TAIGHDE

	2013 €000	2012 €000
Ioncam		
Ioncam	15,644	15,773
Aistriú go Cuntas Caipitil	<u>(2,869)</u>	<u>(1,037)</u>
	<u>12,775</u>	<u>14,736</u>
Caiteachas		
Costais Lucht Foirme	6,182	5,986
Costais Neamhphá		
Ábhair & Tomhaltáin Eile	479	573
Costais Ríomhaire	198	235
Oideachas Ginearálta	1,217	1,253
Seirbhísí do Mhic Léinn	1	1
Costais Taighde	-	112
Comhpháirtithe Tionscadail	966	2,035
Trealamh	294	318
Costais Áitribh	535	758
Taisteal & Cothú	839	931
Costais Phearsanra	231	190
Táillí Gairmiúla	1,279	1,523
Cumarsáid	64	62
Stáiseanóireacht & Ábhair Oifige	247	226
Fógraíocht Ghinearálta & Poiblíocht	94	91
Árachas	2	3
Costais Airgeadais	13	27
Eile	<u>20</u>	<u>14</u>
	<u>12,661</u>	<u>14,338</u>
Glantordh	<u>114</u>	<u>398</u>

San áireamh san Ioncam ó Dheontas Taighde agus Conartha tá suim de €398,000 i dtaca le haisghabháil fhorchostais. Seasann an fuílleach do chostais dhíreacha a fuarthas ar ais le haghaidh obair thaighde a rinneadh mar a bhfuil cuntas air faoi na ceannteidil do Chaiteachas thuas.

4. CISTIÚ TACAÍOCHTA MIC LÉINN

	Míchumas	Cúnamh do Mhic Léinn	2013 €000	2012 €000
Iarmhéid mar a bhí 1 Meán Fómhair 2012	136	136	272	306
Fáltais				
An tÚdarás um Ard-Oideachas	321	108	429	511
Cionroinnte do Chaipiteal	-	-	-	(15)
	<u>321</u>	<u>108</u>	<u>429</u>	<u>496</u>
Suimeanna curtha i bhfeidhm-Pá & Neamh-Phá	341	211	552	530
Iarmhéid ar 31 Lúnasa 2013	<u>116</u>	<u>33</u>	<u>149</u>	<u>272</u>

Cuireann an tÚdarás um Ard-Oideachas maoiniú ar fáil faoin bPlean Náisiúnta Forbartha agus tá sé páirtmhaoinithe ag an gCiste Sóisialta Eorpach.

5. IONCAM EILE

Asbhaintí Aoisliúntais Coinnithe	3,562	3,741
Cíos Saoráidí	12	5
Fáltais ó Dhíolachán Trealamh	-	22
Deontas Stáit-ÚAO	448	331
CIT Student Services Company Limited	3,257	3,655
Ioncam Ilghnéitheach	62	522
	<u>7,341</u>	<u>8,276</u>

Gintear an t-ioncam ó CIT Student Services Company Limited trí mionmhargadh, bistro, siopa agus ceaintín a chur ar fáil do mhic léinn CIT.

6. RANNA ACADÚLA

Costais Foirne	45,880	45,481
Costais Neamh-Phá	5,193	4,676
<i>Iomlán</i>	<u>51,073</u>	<u>50,157</u>

	2013 €000	2012 €000
7. SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTAI ACADÚLA		
Costais Foirne	1,794	1,751
Costais Neamh-Phá	946	819
<i>iomlán</i>	<u>2,740</u>	<u>2,570</u>
8. COSTAIS SAORÁIDÍ		
Costais Foirne	1,460	1,562
Costais Neamh-Phá	4,296	5,981
<i>iomlán</i>	<u>5,756</u>	<u>7,543</u>
9. PRÍOMH-RIARACHÁN AGUS SEIRBHÍSÍ		
Costais Foirne	5,556	5,147
Costais Neamh-Phá	3,355	3,081
<i>iomlán</i>	<u>8,911</u>	<u>8,228</u>
10. COSTAIS OIDEACHAIS GHINEARÁLTA		
Costais Foirne	525	529
Costais Neamh-Phá	190	68
<i>iomlán</i>	<u>715</u>	<u>597</u>

11. SEIRBHÍSÍ DO MHC LÉINN

	2012 / 2013		2012	
	€000	€000	€000	€000
	Costais Foirne	Neamh-Phá	Iomlán	
Fóirdheontas do Chlubanna, Chumainn agus Aontas na Mac Léinn	187	711	898	972
Seirbhísí do Mhic Léinn	127	464	591	340
Seirbhísí Comhairleacha Gairmeacha	197	190	387	280
Spórt & Áineas	48	315	363	106
Sláinte & Comhairleoireacht	125	117	242	234
Student Services Co Ltd	1,176	1,878	3,054	3,354
	<u>1,860</u>	<u>3,675</u>	<u>5,535</u>	<u>5,286</u>

Is é atá sa chaiteachas a bhaineann le CIT Student Services Company Limited ná seirbhísí mionmhargaidh, bistro, siopa agus ceaintín a sholáthar do mhic léinn CIT.

12. ANAILÍS AR CHAITEACHAS

	Costais Foirne	Dímheas	Costais Oibriúcháin Eile	2013	2012
	€000	€000	€000	€000	€000
Deontais agus Conarthaí Taighde	6,182	1,266	6,479	13,927	15,667
Ranna Acadúla	45,880	1,271	5,193	52,344	51,451
Seirbhísí Tacaíochta Acadúla	1,794	659	946	3,399	3,130
Costais Saoráidí	1,460	1,369	4,296	7,125	8,872
Príomhriarachán agus Seirbhísí	5,556	1,436	3,355	10,347	9,666
Costais Oideachais Ghinearálta	525	-	190	715	597
Cistiú Tacaíochta Mic Léinn	96	5	456	557	534
Seirbhísí & Saoráidí Mic Léinn	1,860	292	3,675	5,827	5,628
2013 Iomlán	<u>63,353</u>	<u>6,298</u>	<u>24,590</u>	<u>94,241</u>	<u>95,545</u>
2012 Iomlán	<u>62,878</u>	<u>6,296</u>	<u>26,371</u>		

Anailís ar Chaiteachas Oibriúcháin Eile

	2013 €000	2012 €000
Ábhair & Tomhaltáin Eile	3,109	3,319
Ábhair Leabharlainne	212	203
Costais Ríomhaire	1,130	1,208
Oideachas Ginearálta	1,537	1,492
Seirbhísí do Mhic Léinn	1,302	466
Costais Taighde	301	112
Comhpháirtithe Tionscadail	1,069	2,035
Trealamh	1,037	1,370
Costais Áitribh	5,235	6,836
Taisteal & Cothú/Fáilteachas & Seimineáir	2,025	1,891
Costais Phearsanra	1,159	1,111
Táillí Gairmiúla	3,952	3,925
Luach Saothar Iniúcháir	34	28
Cumarsáid	280	277
Stáiseanáireacht & Ábhair Oifige	1,000	1,043
Fógraíocht Ghinearálta & Poiblíocht	366	510
Árachas	314	372
Soláthar in aghaidh Drochfhiach	207	-
Costais Airgeadais	125	104
Cailteanas ar Dhiúscairt Sócmhainne	5	6
Eile	191	63
	24,590	26,371

13. CÁNACHAS

Níl gníomhaíocht ar bith de chuid na hInstitiúide, seachas an Lárionad Nuálaíochta, faoi réir ag Cánachas Corparáideach faoin Stádas Carthanachta a fuair an Roinn Oideachais in Eanáir 1993.

14. SÓCMHAINNÍ SEASTA

	Iomlán	Foirgnimh	Foirgnimh i mBun Tógála	Daingneáin & Feistithe Foirgnimh Réamhdhéanta san áireamh	Trealamh Ríomhaire	Gléasra & Innealra	Trealamh	Feithiclí Mótair
	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000
COMHDHLÚITE								
Costas nó Luacháil								
Ar 1 Meán Fómhair 2012	182,752	135,617	144	9,704	14,068	4,235	18,591	393
Breiseanna	8,586	3,716	2,590	498	557	619	598	8
Diúscairtí	<u>(2,451)</u>	-	-	<u>(14)</u>	<u>(2,025)</u>	<u>(126)</u>	<u>(286)</u>	-
	188,887	139,333	2,734	10,188	12,600	4,728	18,903	401
Dímheas								
Ar 1 Meán Fómhair 2012	73,183	34,291	-	7,263	12,494	2,468	16,311	356
Muirear don bhliain	6,298	3,303	-	619	1,043	347	971	15
Diúscairtí	<u>(2,446)</u>	-	-	<u>(13)</u>	<u>(2,025)</u>	<u>(126)</u>	<u>(282)</u>	-
	77,035	37,594	-	7,869	11,512	2,689	17,000	371
Glanluach de Réir na Leabhar - Ar 31 Lúnasa 2013								
	<u>111,852</u>	<u>101,739</u>	<u>2,734</u>	<u>2,319</u>	<u>1,088</u>	<u>2,039</u>	<u>1,903</u>	<u>30</u>
Glanluach de Réir na Leabhar - Ar 31 Lúnasa 2012								
	109,569	101,326	144	2,441	1,574	1,767	2,280	37

Costas nó Luacháil:

Tá luacháil déanta ag an Oifig Luachála ar Thalamh agus ar Fhoirgnimh a bhí ann ar 1 Eanáir 1993. Rinne an Institiúid luacháil ar shócmhainní seasta eile a bhí ann ar an dáta sin ar bhonn luach ar an margadh oscailte d'úsáid faoi láthair. Luaitear breiseanna ina dhiaidh sin ar a gcostas.

Tá ceangaltais ar CIT i leith réadmhaoine atá ar léas d'úsáid acadúil a bhfuil suim de €705,000 (2012 - €1.934m) i gceist leo.

14. SÓCMHAINNÍ SEASTA – ar leanúint

	Iomlán	Foirgnimh	Foirgnimh i mBun Tógála	Daingneáin & Feistithe Foirgnimh Réamhdhéanta san áireamh	Trealamh Ríomhaire	Gléasra & Innealra	Trealamh	Feithiclí Mótair
	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000
INSTITIÚID								
Costas nó Luacháil								
Ar 1 Meán Fómhair 2012	181,300	135,501	144	8,499	14,000	4,235	18,528	393
Breiseanna	8,190	3,711	2,590	134	555	619	573	8
Diúscairtí	<u>(2,448)</u>	<u>-</u>	<u>-</u>	<u>(14)</u>	<u>(2,022)</u>	<u>(126)</u>	<u>(286)</u>	<u>-</u>
	187,042	139,212	2,734	8,619	12,533	4,728	18,815	401
Dímheas								
Ar 1 Meán Fómhair 2012	72,096	34,265	-	6,282	12,449	2,468	16,276	356
Muirear don bhliain	6,132	3,279	-	499	1,033	347	959	15
Diúscairtí	<u>(2,446)</u>	<u>-</u>	<u>-</u>	<u>(13)</u>	<u>(2,025)</u>	<u>(126)</u>	<u>(282)</u>	<u>-</u>
	75,782	37,544	-	6,768	11,457	2,689	16,953	371
Glanluach de Réir na Leabhar - Ar 31 Lúnasa 2013								
	<u>111,260</u>	<u>101,668</u>	<u>2,734</u>	<u>1,851</u>	<u>1,076</u>	<u>2,039</u>	<u>1,862</u>	<u>30</u>
Glanluach de Réir na Leabhar - Ar 31 Lúnasa 2012								
	109,204	101,236	144	2,217	1,551	1,767	2,252	37

Costas nó Luacháil:

Tá luacháil déanta ag an Oifig Luachála ar Thalamh agus ar Fhoirgnimh a bhí ann ar 1 Eanáir 1993. Rinne an Institiúid luacháil ar shócmhainní seasta eile a bhí ann ar an dáta sin ar bhonn luach ar an margadh oscailte d'úsáid faoi láthair. Luaitear breiseanna ina dhiaidh sin ar a gcostas.

Tá ceangaltais ar CIT i leith réadmhaoine atá ar léas d'úsáid acadúil a bhfuil suim de €705,000 (2012 - €1.934m) i gceist leo.

	Comhdhlúite		Institiúid	
	2013 €000	2012 €000	2013 €000	2012 €000
15. FÉICHIÚNAITHE AGUS RÉAMHÍOCAÍOCHTAÍ				
Táillí Teagaisc	15,073	909	15,073	909
Deontas Stáit & Deontas Caipitil Eile	132	-	132	-
Deontais agus Conarthaí Taighde	3,614	2,446	3,500	2,415
Réamhíocaíochtaí agus Ioncam Fabhráithe	404	553	412	443
Féichiúnaithe eile	987	2,108	868	2,102
lomlán	20,210	6,016	19,985	5,869
16. CREIDIÚNAITHE AGUS COSTAIS FHABHRAITHE				
SUIMEANNA DLITE LAISTIGH D'AON BHLIAIN íocaíochtaí a fuarthas Roimh Ré				
Deontais agus Conarthaí Taighde	8,093	8,195	7,919	8,044
Cistiú Tacaíochta Mic Léinn Iarchurtha	149	272	149	272
	8,242	8,467	8,068	8,316
Creidiúnaithe Trádála agus Fabhrúithe	579	545	409	441
Deontas Caipitil Stáit	130	1,524	130	1,524
ÍMAT	1,122	1,060	1,093	1,024
ÁSPC	553	512	529	480
Cáin Ioncaim Choinnithe	36	51	36	51
Creidiúnaithe Eile	388	277	370	263
Fabhrúithe agus Ioncam Iarchurtha	19,932	6,800	19,744	6,609
	22,740	10,769	22,311	10,392
	30,982	19,236	30,379	18,708
17. DEONTAIS CHAIPITIL IARCHURTHA				
Iarmhéid Tosaigh	109,569	107,886	109,204	107,833
Deontais Chaipitil Infhaighte				
Deontas Caipitil Stáit – RO&S	132	1,728	132	1,728
Cionroinnte ó Dheontas Athfhillteach Stáit - ÚAO	2,422	2,753	2,422	2,753
Clárúchán	8	34	8	34
Taighde, Deontais & Conarthaí	2,869	1,037	2,831	898
Deontas stáit do mhionoibreacha caipitil - RO&S	1,383	1,259	1,383	1,259
Tacaíocht do Mhic Léinn	-	15	-	15
Aistriú ón gCúlchiste Caipitil Forbartha	1,772	1,159	1,414	763
	118,155	115,871	117,394	115,283
Scaoil d'Ioncam				
Amúchadh ag teacht le dímhéas sócmhainní	(6,298)	(6,296)	(6,132)	(6,075)
Méid scaoilte ar dhiúscairt Sócmhainní Seasta	(5)	(6)	(2)	(4)
Iarmhéid Deiridh	111,852	109,569	111,260	109,204

2013	2012
€000	€000

18. CÚLCHISTE SRIANTA

larmhéid 1 Meán Fómhair	6,917	4,690
Aistriú ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais	1,737	3,491
Aistriú go Caiteachas – Féinmhaoiniú	(37)	(105)
Aistriú go Cuntas Caipitil	(1,772)	(1,159)
	<hr/>	<hr/>
larmhéid 31 Lúnasa	6,845	6,917
	<hr/> <hr/>	<hr/> <hr/>

Tá an t-aistriú go Cúlchiste de €1.737m comhdhéanta de €1.033m ó Tháillí Clárúcháin Mhic Léinn, €150,000 ó Dheontais Taighde & Conarthaí, €358,000 ó CIT Student Services Company Limited agus €196,000 ó ús tuillte.

19. CEANGALTAIS CHAIPITIL A bhFUIL CONRADH DÉANTA INA LEITH ACH NACH bhFUIL SOLÁTHAR DÉANTA DÓIBH

Is é luach na gceangaltas caipitil a bhfuil Conradh déanta ina leith agus atá gan íoc ar 31 Lúnasa 2013 ná €1.608m.

20. DEONTAIS CHOTHABHÁLA MIC LÉINN

Fáltais ón Roinn Oideachais agus Scileanna (Rannóg na gColáistí)	1,686	3,362
Íocaíochtaí le Mic Léinn	(1,329)	(2,639)
Íocaíochtaí le Mic Léinn (breisithe)	(357)	(723)
Insreabhadh Glan Airgid	-	-
larmhéid Tosaigh	-	-
larmhéid ag an Deireadh	-	-
	<hr/>	<hr/>
	<hr/> <hr/>	<hr/> <hr/>

Déanann an Institiúid íocaíochtaí le mic léinn a phróiseáil i dtaca le deontais chothaithe CSE a chuireann an CGC nó an tÚdarás Áitiúil ábhartha in iúl. Is í an Roinn Oideachais agus Scileanna a chuireann an cistiú ar fáil do na híocaíochtaí sin i dteannta cómhaoiniú a chuireann an Ciste Sóisialta Eorpach (CSE) ar fáil. Níl na bearta sin cuimsithe ar leithligh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais.

21. FOSTAITHE

Ba é meánlíon an lucht foirne a bhí fostaithe ag an Institiúid don bhliain dar críoch 31 Lúnasa 2013 ná 1,162 (2012: 1,126).

22. FOCHUIDEACHTAÍ

Bhunaigh an Institiúid cuideachta, CIT Innovation Centre Limited, i Lúnasa 2004. Ar mhaithe le ráitis airgeadais CIT a ullmhú ba ghá gníomhaíochtaí CIT Innovation Centre Limited a chomhdhlúthú. Thaispeáin an chuideachta brabús don bhliain de €11,099 (2012 - €3,866) agus ba é luach na nglansócmhainní ná €87,791 (2012 - €101,042).

Bhunaigh an Institiúid cuideachta, Cosmos Education Limited, in Eanáir 2008. Ar mhaithe le ráitis airgeadais CIT a ullmhú ba ghá gníomhaíochtaí Cosmos Education Limited a chomhdhlúthú. Thaispeáin an chuideachta cailliúint don bhliain de €8,703 (2012 - €1,711) agus ba é luach na nglansócmhainní don bhliain ná €27,397 (2012 - €18,191) ann.

Rinneadh an Institiúid cuideachta, CIT Student Services Company Limited, a ionchorprú in 1994. Ar mhaithe le ráitis airgeadais CIT a ullmhú ba ghá gníomhaíochtaí CIT Student Services Company Limited a chomhdhlúthú ó Mheán Fómhair 2012. Thaispeáin an chuideachta brabús don bhliain de €81,189 (2012 - €129,272) agus bhí glansócmhainní don bhliain de €1,116,679 (2012 - €1,035,490) ann. Baineann na figiúirí comparáideacha le tréimhse 14 mhí.

Bhunaigh an Institiúid cuideachta, CIT Foundation Limited, in Iúil 2007. Ar mhaithe le ráitis airgeadais CIT a ullmhú ba ghá gníomhaíochtaí CIT Foundation Limited a chomhdhlúthú. Thaispeáin an chuideachta brabús don bhliain de €46,722 (2012 - cailleanas de €2,006) agus bhí glansócmhainní don bhliain de €179,934 (2012 - €133,212) ann.

23. INFHEISTÍOCHTAÍ

Tá Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí tar éis dul i socruithe comhfhiontair le GAC Training and Service Solutions Limited le héifeacht ó 11 Feabhra 2010 agus SEFtec NMCI Offshore Training Limited le héifeacht ó 31 Bealtaine 2010. Tá 25,000 scair ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí i ngach ceann de na cuideachtaí agus cuimsíonn sé sin 50% de scairshealbhóireacht.

I mBealtaine 2013, ghlac Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí scairsheilbh de 10% in nSilcio ar luach €0.01 an scair (15,384 scair) de réir Pholasaí Cuideachta Campais CIT. Is é is aidhm leis an bpolasaí seo ná struchtúir agus nósanna imeachta trédhearcacha a chur ar fáil i dtaca le caidreamh leanúnach a bhunú idir Cuideachtaí Campais agus an Institiúid.

24. COLÁISTE NÁISIÚNTA MARA NA HÉIREANN & CEOLSCOIL CHORCAÍ

Is comhpháirtíocht é Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann (CMNÉ) idir Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí CIT, Seirbhís Chabhlaigh na hÉireann, an Roinn Oideachais agus Scileanna, an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus an Roinn Cosanta. Is leis an Roinn Oideachais agus Scileanna an talamh ar a bhfuil CNMÉ tógtha.

Is comhpháirtíocht í Ceolscoil Chorcaí idir Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus an Roinn Oideachais agus Scileanna. Is leis an Roinn Oideachais agus Scileanna an talamh ar a bhfuil Ceolscoil Chorcaí tógtha.

Fanann lucht acadúil, teicniúil, riaracháin agus tacaíochta CIT i gCeolscoil Chorcaí agus CNMÉ ina bhfostaithe de chuid CIT.

25. TEIDLÍOCHTAÍ INCRIMINTEACHA

Blianta ó shin rinneadh éileamh Ard-Chúirte in aghaidh Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí (CIT) ar theidlíochtaí incriminteacha líomhanta. Mar achoimre ar chás na ngearánaithe is féidir a rá go mbaianeann sé le dhá phointe dlí, an chéad cheann iarracht a dhéanamh seasamh ar Airteagal 40.1 den Bhunreacht agus an dara ceann nach raibh de chumhacht ag CIT faoi Alt 11(4) d'Acht na gColáistí Teicniúla Réigiúnacha, 1992, conarthaí leanúnacha páirtaimseartha sealadacha a bhronnadh. Ag réamhéisteacht rialaigh an Ard-Chúirt nach raibh na gearánaithe i dteideal seasamh ar Airteagal 40(1) den Bhunreacht. Maidir leis an dara ceist, chinn an Ard-Chúirt nár leor na fíricí a leagadh amach i ráiteas éilimh leasaithe na ngearánaithe chun go bhféadfadh an Chúirt cinneadh a dhéanamh maidir le cibé an raibh de chumhacht ag CIT conarthaí leanúnacha páirtaimseartha sealadacha a bhronnadh. D'fhorchoimeád an Chúirt na costais. Shainithin comhairle abhcóide shinsir cinní sa bhreithiúnas maidir le conarthaí leanúnacha páirtaimseartha sealadacha a bhronnadh a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do sheasamh CIT ag an éisteacht ábhartha ar éileamh na ngearánaithe mura ndéanfaí achomharc air. Níor éirigh le hiarrachtaí idir-réitigh i ndiaidh na réamhéisteachta agus dá bhrí sin mheas CIT gur gá achomharc a dhéanamh don Ard-Chúirt i gcoinne réamhrialú na hArd-Chúirte.

26. NOCHTADH IDIRBHEART – BAILL DEN BHORD RIALAITHE

Féadfaidh an Institiúid sa ghnáthchúrsa socruithe conartha a dhéanamh le gnóthas ina bhfuil baill de Bhord Rialaithe na hInstitiúide fostaithe nó a bhfuil leas eile acu ann. Tá glactha ag an Institiúid le gnáthaimh de réir an Chód Rialachais d'Institiúidí Teicneolaíochta na hÉireann maidir le nochtadh leasanna ag baill an Bhoird agus tá na gnáthaimh sin comhlíonta ag an Institiúid le linn na bliana.

27. FAOMHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS

D'fhaomh an Bord Rialaithe na ráitis airgeadais ar 1 Bealtaine 2014.

NMCI

National Maritime College of Ireland
Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann



Coláiste Náisiúnta Mara na hÉireann

7. Faisnéis Eile

Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí

- 7.1 Nuacht & Imeachtaí
- 7.2 Cumann na gCéimithe
- 7.3 Pointí Teagmhála

7.1 Nuacht & Imeachtaí

1. Thug an tOllamh Sajal Das ó Ollscoil Texas ag Arlington cuairt ar an Institiúid ar 14 Lúnasa 2012. Bronnadh an Gradam Comhaltacht Walton SFI air chun a chuid taighde a dhéanamh ag Lárionad Taighde NIMBUS, Campas Bhaile an Easpaig de chuid CIT.
2. Osclaíodh Taispeántas Comóradh Céad Bliain Crawford don phobal ar feadh míosa amháin dar tús Lá Oscailte Oidhreacht Chorcaí ar 18 Lúnasa 2012 go 21 Meán Fómhair 2012 (Oíche Chultúir). Ar taispeántas bhí earraí cuimhneacháin agus déantáin a bailíodh le linn na céad bliain a bhain le stair Crawford.
3. Bhí Clár Treoshuimh na Mac Léinn Lánfhásta 2012 ar siúl san Institiúid ar 28 agus 29 Lúnasa 2012. Rinne breis is 100 mac léinn isteach freastal ar an imeacht. Ba é ba aidhm léi ná cabhrú leis na mic léinn lánfhásta agus iad a ullmhú don aistriú isteach in CIT agus eolas a thabhairt dóibh faoin gcampas, faoin bhfoireann agus faoi na córais laistigh den Institiúid.
4. Osclaíodh an Chomhdháil um Praghas Luaineach Déirí 2012 ar 3 Meán Fómhair 2012 i gCampas Bhaile an Easpaig CIT. Sheol Simon Coveney TD, Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, an chomhdháil agus ba é an tOllamh Andrew Novakovic, Ollamh le hEacnamaíocht Talmhaíochta, Ollscoil Cornell, SAM, an príomhchainteoir.
5. Rinne an tUachtarán agus baill d'Fhoreann Shinsearach na hInstitiúide freastal ar chur i láthair a rinne an Dr Shashi Kumar, Déan Acadúil/Leas-Mhaoirseoir do Ghnóthaí Acadúla de chuid an United States Merchant Marine Academy, King Point, Nua Eabhrac, ag CNMÉ ar 5 Meán Fómhair 2012. Bhí an Dr Kumar bunaithe i Straitéis Taighde CNMÉ agus chuir sé torthaí a chualairt i láthair.
6. Osclaíodh ócáid TED@CIT ar 6 Meán Fómhair 2012 ag CSC CIT agus é á óstáil ag Scoil Ghnó na hInstitiúide. Ba é téama an tionscnaimh dhomhanda ná "Creating our future together", a raibh páirteach ann deichniúr daonchaire, lucht acadúil agus dearthóirí a bhain le réimsí chomh héagsúil leis an teicneolaíocht, an tsiamsaíocht, cúrsaí dearaidh agus oideachais. D'éirigh go hiontach leis an imeacht agus fuarthas aischothú an-dearfach ó rphoist agus tvúiteanna. Bhí breis is 300 duine ó gach cearn den domhan ag féachaint ar an imeacht beo ar an ngréasán agus ba é an dara treocht tvúiteála ba airde in Éirinn é.
7. Thug Mary Pierce Uas., Cathaoirleach Lawrence Kinlin School of Business agus comhghleacaithe léi ó Fanshawe College, Colleges of Ontario, cuairt ar an Institiúid ar 10 Meán Fómhair 2012. Ba é an aidhm a bhí lena gcualairt ná bualadh le Ceann na Dáimhe Gnó & Daonnachtaí, Damien Courtney Uas., agus le Foireann Shinsearach na Dáimhe d'fhonn leanúint de chomhoibrithe a chur chun cinn idir an dá Institiúid.
8. Tharla cuairt rathúil Creidiúnaithe RIAI i dtaca leis an gclár Máistir in Ailtireacht ar 11 Meán Fómhair 2012. Mhol an Painéal lánchreidiúnú.
9. Bhí Comórtas IrelandSkills 2012 ar siúl le linn sheachtain na hInstitiúide dar tús 10 Meán Fómhair 2012. Bhí Searmanas na nGradam ar siúl ar 14 Meán Fómhair 2012 agus i láthair bhí:
 - (i) Ard-Mhéara Chorcaí, an Comh. John Buttimer
 - (ii) Kathleen Lynch TD, Aire Michumais, Daoine Scothaosta, Comhionannais & Sláinte Meabhrach
 - (iii) Méara Chontae Chorcaí, an Comh. Barbara Murray

Máistircheardaithe a bhí sna hiomaitheoirí agus iad ar na ceardaithe is fearr in 11 réimse scileanna – Teicneolaíocht Ghluaisteáin, Cairpeantóireacht, Feistiú Gléasra Tógála, Suiteáil Leictreach, Rialú Tionsclaíoch, Siúinéireacht, Meicitreonaic, Monarú Miotail, Plástráil, Cuisniú agus Táthú. Bhí réamhchomórtais buaite cheana féin ag na hiomaitheoirí sna babhtáí ceannais go léir sna hInstitiúidí Teicneolaíochta éagsúla ar fud na tíre.
10. Bhí Aonach Gairmeacha agus Fostaíochta 2012 ar siúl i Lárionad na Mac Léinn ar 2 Deireadh Fómhair 2012. Bhí 69 seastán go hiomlán san ócáid agus san áireamh iontu bhí breis is 63 eagraíocht sheachtrach chomh maith le Seirbhísí agus Ranna éagsúla de chuid CIT. Fuarthas aischothú an-dearfach ó bhaill foirne agus eagraíochtaí.
11. Bhí Gradaim na Dáimhe Gnó & Daonnachtaí ar siúl ar 18 Deireadh Fómhair 2012 in áras Turasóireachta & Fáilteachais CIT, Campas Bhaile an Easpaig. Bronnadh 32 gradam ar an oíche.
12. Bhí Bronnadh Céimeanna agus Damhachtainí Eile de chuid na Dáimhe Gnó & Daonnachtaí ar siúl i gCampas Bhaile an Easpaig CIT ar 19 Deireadh Fómhair 2012. Bhí 4 sheisiún bronnta ann agus fuair 1,192 réamhchémí a gcuid pár.
13. Bhí Bronnadh Céimeanna agus Damhachtainí Eile de chuid Dámh na hInnealtóireachta & Eolaíochta agus CEDC CIT ar siúl i gCampas Bhaile an Easpaig CIT ar 22 Deireadh Fómhair 2012. Bhí 4 sheisiún bronnta ann agus fuair 931 réamhchémí as Dámh na hInnealtóireachta & na hEolaíochta chomh maith le 211 réamhchémí as CEDC CIT a gcuid pár. Bronnadh dhá chomhdhámhachtainí freisin:
 - BA (Onóracha) in Ilmheáin – Hochschule Darmstadt/CIT
 - MSc in Eolaíochtaí Bithleighis – CIT/UCC
14. Bhí an chéad Searmanas Bronnta larchéime aonair ar siúl ag Campas Bhaile an Easpaig ar 23 Deireadh Fómhair 2012. Fuair 27 réamhchémí (12 Dhochtúireacht agus 15 Mháistir) a gcuid pár.
15. Bhí Bronnadh Céimeanna ar mhic léinn de chuid Cheolscoil Chorcaí CIT agus CIT/UCC CEDC ar siúl i gCeolscoil Chorcaí CIT ar 25 Deireadh Fómhair 2012. Fuair 43 réamhchémí as CSC CIT a gcuid pár chomh maith le 48 mac léinn as CEDC a fuair a gcuid pár do na comhdhámhachtainí CIT/UCC:
 - Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) in Ailtireacht
 - Máistir Ailtireachta

16. Rinne CIT taispeántas Gradaim an National IDI Graduate Design 2012 agus Taispeántas Gradaim Gala le linn na Seachtaine Dearaidh 5 – 9 Samhain 2012 i gCampas Bhaile an Easpaig a óstáil. Deis mhaith a bhí ann chun saothar iarchéimithe óga dearaidh na hÉireann a fheiceáil á dtaispeáint. Bhí disciplíní amhail dearadh ceardaíochta, troscán, faisean & teicstílí, intithe & taispeántas, meáin dhigiteacha, amharc-chumarsáid, grafaic reatha, agus léiriú go léir le feiceáil.
17. Ar mhaithe le CLG CIT agus Suicide Aware, thionóil mic léinn de chuid an MSc i gCleachtas Margaíochta le heagrú agus lónadóireacht ó rang Bliain 2 den Staidéar Fáilteachais, maidin Caife ar 7 Samhain 2012. Bailíodh €1,595.43 ar fad agus tugadh é go léir do Suicide Aware.
18. Bhí Aifreann Bliantúil Cuimhneacháin agus Buíochais CIT dár nGobharnóirí, mic léinn, baill foirne, agus ar son na mball foirne agus na mac léinn a chaill daoine gar dóibh le linn na bliana seo caite ar siúl ar 7 Samhain 2012.
19. Ar 8 Samhain 2012, fógraíodh tionscadal leaba tástála Xero2020 CIT mar bhuaiteoir Gradaim Institiúid Dearthóirí na hÉireann do 2012. Buaiteoir glan amach a bhí sa tionscadal sa chatagóir do dheardh inbhuaine agus moladh go hard é sa chatagóir dearadh/taispeántas intí.
20. Bhí Seoladh agus Tráthnóna faisnéise don Oibrí Deonach 2013 ar siúl ar 13 Samhain 2012 i gCampas Bhaile an Easpaig. Reáchtáladh an clár Volunteer Abroad go rathúil le linn na gceithre bliana seo caite, agus tugadh tacaíocht do 30 mac léinn as disciplíní éagsúla san Institiúid agus iad ag obair go deonach ar thionscadail ar fud an domhain. Chuir an tráthnóna tús foirmiúil leis an bpróiseas iarratais do na mic léinn agus chuir deis ar fáil dóibh tuilleadh a fhoghlaim faoi eispéaras an oibrí dheonaigh thar lear.
21. Mar chuid de Positive Mind and Body de chuid Aontas Mac Léinn CIT a bhí ar siúl ó 20 – 22 Samhain 2012, reáchtáil Aontas na Mac Léinn “Please Talk Remembrance Candle-Lit Event” do na daoine go léir atá gar dúinn a fuair bás den fhéinmharú. Thug an tUachtarán an t-aitheasc tosaithe ag an gCuimhneachán a bhí ar siúl ar 21 Samhain 2012.
22. Bhí ócáid scoir ar siúl ar 23 Samhain 2012 chun éirí as na mball foirne a chuaigh ar scor ó 1 Eanáir 2011 go 31 Eanáir 2012 a chomóradh.
23. Bhí “Mature Student Information Evening” le haghaidh na gClár Fochéime lánaimseartha ar siúl ar 27 Samhain 2012. Bhí mar aidhm ag an tráthnóna CIT a chur chun cinn mar cheann scríbe tríú leibhéal do mhic léinn ionchasacha lánfhasta agus eolas a chur ar fáil maidir le:
 - Deiseanna atá ar fáil ag CIT
 - Ábhar cúrsaí, riachtanais iontrála agus spriocdhátaí
 - Conas cur isteach ar CIT mar mhac léinn lánfhasta
 - Seirbhísí tacaíochta don mhac léinn in CIT
 - Tacaíochtaí don mhac léinn lánfhasta
24. Bhí an 5ú comóradh bliana de chuid RCD CIT ar siúl ar 29 Samhain 2012.
25. Bhí Tráthnóna Bronnta na Sparántachtaí Spóirt CIT ar siúl ar 5 Nollaig 2012. Bronnadh sparántacht ardghradaim spóirt ar 107 lúthchleasaí mic léinn as 22 spórt éagsúla. Ba é an t-aoichainteoir Siúlóir Ráis Oilimpigh na hÉireann agus “Lúthchleasaí Éireannach na Bliana,” Robert Heffernan, mar aon lena bhean Marian, Lúthchleasaí Oilimpeach sa Rás Sealaíochta 4x400m, a rinne na bronntaí chomh maith le labhairt faoina n-eispéarais spóirt sna Cluichí Oilimpeacha.
26. Reáchtáladh “Lá Oscalte” do Threoirchomhairleoirí san Institiúid ar 6 Nollaig 2012. Bhí 82 Treoirchomhairleoir ar fad i láthair ar an lá agus tháinig 64 díobh as Cathair agus Contae Chorcaí agus an chuid eile díobh as mór-éigiún na Mumhan. Rinneadh láithreireachtaí faoi chúrsaí nua na hInstitiúide chomh maith le pleananna na hInstitiúide don todhchaí.
27. Bhí Comórtais Náisiúnta IrelandSkills 2013 ar siúl sa tseachtain dar tús 10 Nollaig 2012. Bhí an Searmanas Bronnta ar siúl ar 14 Nollaig 2012 agus i láthair bhí:
 - Leas-Ard-Mhéara Chorcaí, an Comh. Joe Kavanagh
 - Kathleen Lynch TD, Aire Míchumais, Daoine Scothaosta, Comhionannais & Sláinte Meabhach
 - Méara Chontae Chorcaí, an Comh. Barbara Murray

Bronnadh gradaim ar na grúpaí scileanna seo a leanas: Teicneolaíocht Ghluaisteáin, Cairpeantóireacht, Feistiú Gléasra Tógála, Suiteáil Leictreach, Rialú Tionsclaíoch, Siúinéireacht, Meicitreonaic, Monarú Miotail, Plástráil, Cuisniú agus Táthú.

Bhí réamhchomórtais buaite cheana féin ag na hiomaitheoirí go léir sna babhtaí ceannais sna hInstitiúidí Teicneolaíochta éagsúla ar fud na tíre.
28. D'éirigh le caibidil CoderDojo CIT den chéad uair ag Taispeántas Eolaí Óg BT le déanaí. Ghnóthaigh triúr de na mic léinn as Coláiste Choilm gradam HP “Innovation4Good”. Chuir na mic léinn sin tús le códú roinnt míonna roimhe sin trí CoderDojo CIT. D'fhorbair siad Aip dá dtionscadal “Revision Precision” chun teicnicí tairbheacha athbhreithnithe a chur chun cinn.
29. Thug toscaireacht ó Chomhdháil Ghrúpa Ceannaireachta Teicneolaíochta na hÉireann (ITLG) cuairt ar an Institiúid ar 21 Eanáir 2013. Thug Paul Healy Uas., Bainisteoir Lárionad Rubicon, agus an Dr Dirk Pesch, Ceann Lárionad NIMBUS don Taighde i gCórais Leabaithe Líonraithe, láithreireachtaí dóibh.
30. Thug an tOllamh Ralph Stengler, Uachtarán, agus an tOllamh an Dr Bernd Steffensen, Leas-Uachtarán don Taighde agus Forbairt, Hochschule Darmstadt, Ollscoil Eolaíochtaí Feidhmeacha, Darmstadt, an Ghearmáin, cuairt ar an Institiúid ar 23 Eanáir 2013. Dhá lá a bhí ina gcuairt chun na forbairtí idir an dá Institiúid a phlé.
31. Bhí Seachtain Sábháilteachta Aontas Mac Léinn CIT ar siúl i gCampas Bhaile an Easpaig ó 11 go 14 Feabhra 2013. Ba é ba aidhm leis an tseachtain ná oideachas a chur ar mhic léinn agus ar bhaill foirne maidir le sábháilteacht. Sábháilteacht phearsanta, úsáid substaintí, sábháilteacht ar na bóithre agus beathaí a

shábháil. Rinneadh athachtú ar Thimpiste Bhóthair ar 13 Feabhra chun an dochar a dhéantar in imbhuaidh tráchtá bhóthair a aibhsiú.

32. Bhí Searmanas Bronnta an Earraigh ar siúl ag an CNMÉ ar 14 Feabhra 2013. Fuair 78 réamhchémí a gcuid pár a raibh san áireamh iontu an chéad chohórt mac léinn ón Máistir Ealaíon in Ealaín & Próiseas de chuid CEDC CIT.
 33. Bhí an Gala ardghradaim chun Bliain Úr na Síne a cheiliúradh ar siúl ag CSC CIT ar 23 Feabhra 2012. Bhí Luo Linguan Uas., Ambasadóir na Síne chun na hÉireann, agus an Comh. John Buttimer, Ard-Mhéara Chorcaí i láthair. Oifig Ghnóthaí Eachtracha na Síne de chuid Comhairle Stáit Daon-Phoblacht na Síne, Ambasáid na Síne i mBaile Átha Cliath, Comhairle Cathrach Chorcaí, UCC, agus Institiúid Confucius UCC a rinne an ócáid a chomheagrú.
 34. D'óstaigh an Scoil Staidéar Iarchéime Aonach Iarchéime ar 26 Feabhra 2013. Bhí an tAonach dírithe go príomha ar fhochéimithe na bliana deiridh agus ar iarchéimithe chun roghanna agus breis staidéir a iniúchadh. Thug sé deis freisin d'Institiúidí Ardoideachais, institiúidí gairmiúla, agus comhlachtaí oiliúna lasmuigh de CIT a gcuid deiseanna iarchéime a chur chun cinn d'iaratasóirí ionchasacha laistigh de CIT agus i mór-réigiún na Mumhan.
 35. Bhí ócáid scoir ar siúl ar 1 Márta 2013 chun éirí as na mball foirne a chuaigh ar scor ó 1 Feabhra 2012 go 1 Eanáir 2013 a chomóradh.
 36. Bhí Searmanas Bliantúil Bronnta Duaiseanna na hInstitiúide ar siúl ar 12 Márta 2013. Rinne an ócáid sin sárchéimithe 2012 a onórú.
 37. Thug Mary Doyle Uas., Rúnaí Ginearálta, an Roinn Oideachais agus Scileanna, cuairt ar an Institiúid ar 22 Márta 2013. Thug an tUachtarán cur i láthair forbhreachnaithe ar CIT don Uasal Doyle agus tugadh ar thuras Lárionaid Rubicon agus NIMBUS í.
 38. Thug an Institiúid tacaíocht don 10ú Bliain d'Fhéile Chorcaí um Fhoghlaim ar Feadh an tSaoil a bhí ar siúl ó 18 go 24 Márta 2013. D'eagraigh sí imeachtaí laethúla i gCampas Bhaile an Easpaig, CSC CIT agus CEDC CIT.
 39. Rinne an tUachtarán freastal ar chruinnithe le Colleges Ontario, Durham College, Fanshawe College agus Niagra College i gCeanada ó 5 go 12 Aibreán 2013. Síniódh Comhaontú Comhaltúcháin CIT le Fanshawe College i dTeicneolaíocht Ailtireachta agus sa réimse gnó freisin. Ba é an aidhm a bhí leis an gcuairt ná an dul chun cinn a athbhreithniú, féachaint conas a d'fhéadfaí feabhas agus éagsúlú a chur ar an gcomhoibriú idir Colleges Ontario, CIT agus IIT i gcoitinne. Fógraíodh go raibh faomhadh faighte ag gach Institiúid, ar a n-áirítear CIT, a chuir isteach cáipéisíocht trí IIT na hÉireann chuig Aireacht Choláistí agus Ollscoileanna Oiliúna Ontario cuimsithe ar liosta na n-eagraíochtaí faofa don chlár Ontario Student Assistance (OSAP).
 40. D'oscail Seán Sherlock TD, Aire Stáit don Taighde & Nuálaíocht, SciFest 2013 ag CIT ar 19 Aibreán 2013. Féile náisiúnta eolaíochta atá in SciFest a eagraítear go réigiúnach i gcomhoibriú leis na hInstitiúidí Teicneolaíochta agus í ar oscailt do gach mac léinn dara léibhéal. Cruthaíodh í chun fóram breise a chur ar fáil do mhic léinn torthaí a gcuid iniúchtaí eolaíochta a chur i láthair agus a thaispeáint, tar éis chomh maith agus a d'éirigh le taispeántas Eolaí Óg agus Taispeántas BT atá á reáchtáil go rathúil ar feadh breis is daichead bliain.
- Chuir ócáid na bliana seo ag CIT 146 tionscadal ar taispeáint a rinne 330 mac léinn as Cathair agus Contae Chorcaí go huile.
41. Bhí 27ú Taispeántas na hInnealtóireachta Meicniúla, Déantúsaíochta & Bitheighis Chorcaí ar siúl ag Campas Bhaile an Easpaig ar 25 Aibreán 2013. Ba é téama thaispeántas na bliana seo ná "CIT Engineering – First in Europe – First in Ireland - First in Innovation". Is ceann é de na taispeántais is mó san Eoraip agus bhí breis is 240 seastán páirteach ann i mbliana.
 42. Bhí Seán Sherlock TD, Aire Stáit don Taighde agus Nuálaíocht, i gceannas nuair a seoladh na Tacaíochtaí agus na Seirbhísí atá á dtairiscint do chuideachtaí in Éirinn ag Tionscadal TESLA ar 10 Bealtaine 2013 i gCampas Bhaile an Easpaig. Is tionscadal trasnáisiúnta tacaíochta nuálaíochta é TESLA ina bhfuil sé chomhpháirtí ó shé Bhallstát de chuid an AE. Is é aidhm fhoriomlán an tionscadail ná tacú le fás agus forbairt cuideachtaí Ard-acmhainneachta Tosaithe (HPSU) sna chéad chéimeanna in Éirinn, sa Bhreatain Bheag, sa Ghearmáin, san Fhrainc, sa Bheilg agus san Ísiltír. Is iad na comhpháirtithe in Éirinn ná CIT, Comhthionól Réigiúnach TLTI, agus na Coláistí Líonra.
 43. Thaitin na hócáidí ag RCD CIT ar 22 Aibreán 2013 go mór le mic léinn, múinteoirí agus leis na meáin araon. Líonadh na háiteanna ar fad do na ceardlanna "Solution to Pollution" ag MakesSpace RCD CIT agus na heispéaraí taispeántais agus Pláinéadlann choimeáda in "Cosmos at the Castle". Bhí láninreamh freisin ag an nascadh beo Líonra Foghlama Digití NASA via Beautiful Earth.
 44. Bhí searmanas bronnta Gradaim Bhliantuil Spóirt CIT ar siúl i gcomhar le Banc na hÉireann ar 29 Aibreán 2013. Is ceiliúradh iad na Gradaim ar bhliain rathúil spóirt agus is iad na buaiteoirí gradaim ná iad siúd a thuigeann bunbhrí agus a léiríonn fíorluach na rannpháirtíochta sa spórt. Léiríonn na faighteoirí na leibhéil éagsúla gníomhaíochta ó scileanna rannpháirtíochta go heagrú agus riarachán ar aghaidh go dtí scothéachtaí uathúla spóirt.
 45. Bhí seoladh láithreán gréasain nua le haghaidh na nEalaíon & Cultúir ag CIT ar siúl ar an Luan ar 29 Aibreán 2013 i gCSC CIT. Agus é á bhainistiú ag Oifig Ealaíon CIT, is foinse chuimsitheach sonraí é faoin táipéis ealaíon agus gníomhaíochtaí cultúrtha in CIT agus atá bainteach le CIT an láithreán gréasain nua. Léireoidh sé catalóg iomlán de na saothair ealaíne atá i mBailiúcháin CIT, a chuireann ar taispeáint cuid

mhaith saothar le céimithe ó CEDC CIT agus ealaíontóirí eile a ndearnadh taispeántas dá saothair in CIT. Tá an Institiúid bródúil as éagsúlacht agus cáilíocht a cuid láithreacha, ar a n-áirítear Halla Curtis, Amharclann Stack agus an tSlí Dála ar an mBunurlár ag CSC CIT, Dánlann Ché Wandesford CIT agus Coimpléacs Ché an tSúilleabhánaigh ag CEDC CIT, Lárionad Taispeántais James Barry, Amharclann Rory Gallagher agus Dánlann Curve ag Campas Bhaile an Easpaig CIT, agus RCD CIT. Ar feadh na bliana, d'óstaigh na láithreacha seo mic léinn, baill foirne, céimithe, ealaíontóirí gairmiúla agus grúpaí pobail, agus imríonn siad ról tábhachtach i saol cultúrtha an réigiúin. Beidh an láithreán gréasáin ina ardán beoga idir CIT agus an mórfhobal i gCorcaigh agus ina acmhainn do dhuine ar bith atá ag lorg gníomhaíochta nó imeachta dá ndialann cultúrtha.

- 46. Ba í an Roinn Foirgníochta de chuid CIT an chéad cheann in Éirinn a shínigh Comhpháirtíocht Ollscoile le hInstitiúid Ríoga na Suirbhéirí Cairte/Society of Chartered Surveyors Ireland (RICS/SCSI) maidir lena BSC (Onór) i Suirbhéireacht Chainníochta. Ní dhéanann an RICS/SCSI comhpháirtíochtaí ach amháin nuair a bhíonn scála nó dea-cháil, acmhainn taighde nó teagaisc, agus cáilíocht aschur na foirne agus na gcéimithe sách ard le go bhfanadh institiúid dá leithéid ina comhpháirtí suntasach agus in ann coinneáil céim le céim le hiarracht an RICS/SCSI caighdeán níos airde agus níos airde a bhaint amach. Is í an fhianaise is déanaí faoin dea-chaidreamh trípháirteach atá ag forbairt idir an lucht acadúil sa Roinn Foirgníochta, RICS/SCSI, mar an phríomhinstitiúid ghairmiúil do Shuirbhéirí Cairte agus Suirbhéirí Cainníochta Cairte, na caighdeáin acadúla agus gairmiúla is airde mar fhreagra ar riachtanais thionscal na tógála, ná gurb í CIT an chéad cheann sa tír a bhain an chlochmhíle seo amach.
- 47. Bhí an tAire Oideachais agus Scileanna, Ruairí Quinn TD, i láthair ag an Searmanas Bronnta a bhí ar siúl ar 9 Bealtaine 2013. Bronnadh na dámhachtainí seo a leanas:
 - Ard-Diplóma in Eolaíocht i bhForbairt Bogearraí
 - Ard-Diplóma in Eolaíocht i Néalríomhaireacht
 - Ard-Diplóma in Eolaíocht i bhForbairt Bogearraí Néalacha & Móibíleacha
 - Baitsiléir Eolaíochta (Onóracha) i Néalríomhaireacht
 - Máistir Eolaíochta i Néalríomhaireacht
 - Máistir Eolaíochta i mBitheolaíocht Ríomhaireachtúil

Bronnadh céimeanna ar chéad chéimithe an Chlár Máistir i Néalríomhaireacht. Agus í ina ceannaire i soláthar oideachais san earnáil seo, sheol CIT in 2012 an chéad sraith clár Máistir agus Fochéime ar domhan i Néalríomhaireacht. Tá na cláir seo dírithe ar chéimithe as disciplíní neamh-ríomhaireachta chun freastal ar riachtanais tionscail. Bíonn na príomhscileanna a mbíonn éileamh orthu agus a mbíonn gá ag tionscal leo ag céimithe de chuid na gclár Néalríomhaireachta in CIT. Is mórimeoir í CIT anois a chuidíonn le fás éiceachórais néalaigh in Éirinn agus í ag soláthar na scileanna is gá chun uailmhian na hÉireann a bheith ina príomhláthair dhomhanda le haghaidh leathnú thionscal na néalríomhaireachta a chothú.

Fuair an chéad chohórt céimithe MSc as na Ranna Eolaíochtaí Bitheacha agus Ríomhaireachta a gcuid céimeanna. Mhol an tAire CIT as a fadbheathnaitheacht i bhforbairt cúrsaí idirdhisciplíneacha nua atá á spreagadh ag an teicneolaíocht, a chuireann na scileanna ar fáil do chéimithe is gá le go n-éireoidh leo agus go rachaidh siad chun cinn i sochaí atá á tiomáint ag teicneolaíocht na faisnéise. Sna heolaíochtaí bitheacha amháin, tá tionscadail ghéanómaíocha seicheamhaithe ar mhórsála tar éis na múrtha sonraí nua a ghiniúint nach mór a ionramháil go rathúil d'fhonn teiripí agus teicneolaíochtaí nua a fhorbairt i réimsí na heolaíochta agus an leighis.

- 48. Thug an United Technologies Research Center Technical Council cuairt ar Lárionad NIMBUS ar 14 Bealtaine 2013.
- 49. Thug toscaireacht as Ollscoil Tong-Ji na Síne cuairt ar an Institiúid ar 22 Bealtaine 2013. Ba sna foirgnimh a dhear de Blacam ag Campas Bhaile an Easpaig ba mhó a bhí spéis ag an toscaireacht. Thug siad cuairt ar an Monarcha Ailtireachta freisin. Thug siad cuairt ar an CCAE ar 21 Bealtaine 2013.
- 50. Thug an tUachtarán cuairt ar Hochschule Darmstadt-Ollscoil Eolaíochtaí Feidhmeacha, sa Ghearmáin, ó 23 go 24 Bealtaine 2013 chun comhoibriú idir an Institiúid agus Darmstadt a chur chun cinn agus chun an comhaontú cuibhreannais is déanaí idir an dá institiúid a shíniú.
- 51. D'oscail Seán Sherlock TD, Aire Stáit don Taighde & Nuálaíocht, Lárionad Halpin don Taighde agus Nuálaíocht ag CNMÉ ar 27 Bealtaine 2013. Cuirfidh an fhorbairt spreagúil nua seo le cáil idirnáisiúnta CNMÉ mar lárionad barr feabhais i gcúrsaí múirí. Bhí Cathaoirleach an Bhord Rialaithe, agus Ceannasóir an Chabhlaigh i láthair freisin ag an imeacht.
- 52. Ar iarratas ón ÚAO, chuir an Institiúid fáilte roimh thoscaireacht lucht acadúil as Ollscoileanna aitheanta chuig Lárionad NIMBUS don Taighde ar Chórais Leabaithe ar 28 Bealtaine 2013. Mar chuid dá gcuairt ar Éirinn rinne siad plé le raon áisíneachtaí maoinithe taighde agus thug cuairt ar Institiúid Tyndall, UCC.
- 53. Mar chuid dá gcuairt ar roinnt Institiúidí, cuireadh fáilte san Institiúid roimh thoscaireacht de 15 Ardscoil Mhalaeisiacha-Shíneacha chuig CIT (arna heagrú ag Fiontar Éireann) ar 30 Bealtaine 2013. Ba é ba aidhm lena gcuairt ná tuiscint a fháil ar an gcóras oideachais in Éirinn, ar chúrsaí atá á dtairiscint, cuairt a thabhairt ar shaoráidí campais agus bualadh le mic léinn Mhalaeisiacha ar bith ar an gcampas
- 54. Ar 30 Bealtaine 2013, d'fhógair an tAire Oideachais agus Scileanna, Ruairí Quinn TD, atheagar mór ar earnáil ardoideachais na tíre a chuimsíonn soláthar d'Ollscoileanna Teicneolaíochta nua a chruthú.

Lean an fógra na moltaí a rinne an tÚAO don Aire Quinn. D'íarr tuarascáil an ÚAO go ndéanfaí earnáil na nInstitiúidí Teicneolaíochta a chomhdhlúthú ionas go gcruthófaí líon beag ollscoileanna teicneolaíochta,

go ndéanfaí braislí réigiúnacha idir ollscoileanna agus IIT níos láidre; go gcuirfí i bhfeidhm na moltaí chun oideachas múinteoirí a chuíchóiriú; chomh maith le hinbhuaíne agus acmhainn mhéadaithe sa chóras ardoideachais

Mar thoradh ar na moltaí sa tuarascáil beidh trí ghrúpa Institiúidí Teicneolaíochta le dul chun cinn chuig stádas Ollscoile Teicneolaíochta. Is iad sin:

- Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, Institiúid Teicneolaíochta Tamhlachta agus Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Bláinséir
- Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus Institiúid Teicneolaíochta Thrá Lí
- Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge agus Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach

Is é an chéad chéim eile do gach ceann de na hInstitiúidí seo ná plean a ullmhú chun na critéir is gá le stádas Ollscoile Teicneolaíochta a chomhlíonadh. Ní mór an plean a bheith bunaithe ar mheabhrán tuisceana a bheidh ina cheangal dlí idir gach cuibhreannas institiúidí a dhéanann cur síos ar a gcomhdhlúthú isteach in aon institiúid amháin.

Déanfaidh sainphainéal neamhspleách idirnáisiúnta measúnú agus cinneadh maidir le cibé acu an féidir leis an iarratasóir na critéir chomhaontaithe a chomhlíonadh sa chlár ama atá molta agus dul ar aghaidh go dtí an chéim dheiridh.

55. Ar 31 Bealtaine 2013, d'óstaigh an Institiúid Ambasadóir na Breataine, Dominick Chilcott Uas. agus Paul Caplis Uas, Ceann UK Investment, agus iad ar chuairt dhá lá ar Chorcaigh. Bhí spéis ar leith acu i dTaighde agus Forbairt agus sna réimsí gnó agus rannpháirtíochta pobail maidir le tacaíocht Ghnó do ghnólachtaí tosaithe, Aistriú na Teicneolaíochta agus tionscadail AE. Thug siad cuairt ar Lárionaid Rubicon agus NIMBUS.
56. Ar 10 Meitheamh 2013 sheol Lárionad NIMBUS Céim 2 den Lárionad um Nuálaíocht Chórais agus Seirbhísí Uisce (WSSIC) ar comhpháirtíocht é idir CIT, Comhairle Cathrach Chorcaí agus Comhairle Contae Chorcaí. Bhí an tAire Stáit don Taighde & Nuálaíocht, Seán Sherlock TD, i láthair.
57. I Mar fhreagairt ar Gathering 2013, d'óstaigh CIT a céad Seachtain Oilíúna d'Foirne Erasmus (18-22 Meitheamh 2013) agus bhí 25 cuairteoir idirnáisiúnta i láthair ag an ócáid as institiúidí páirtnéireachta CIT san Fhrainc, sa Ghearmáin, sa Spáinn, san Iodáil, sa Pholainn, sa Danmhairg, agus sa RA. Bhí an clár ceaptha chun forléargas a thabhairt do na cuairteoirí ar raon foghlama, nuálaíochta, taighde, agus gníomhaíochtaí for-rochtana pobail thar na bearta de chuid na hInstitiúide. Cuimsithe i dtéamaí laethúla an chlár bhí an fhiontraíocht, taighde, idirchaidreamh le tionscal, Erasmus/Idirnáisiúntú (ar a n-áirítear cur i láthair suntasach ar stair na for-rochtana in Éirinn go dtí teacht Erasmus agus é sin san áireamh, a thug Gerry O'Sullivan, Ceann na hÁisíneachta Náisiúnta Erasmus ar an ÚAO), caidreamh le céimithe, seirbhísí do na mic léinn, chomh maith leis an nGaeilge, turasóireacht agus fáilteachas, bia na hÉireann agus stair agus oidheacht Chorcaí.
58. Bhí Bronnadh Céimeanna agus Ardteastas ar siúl ar 20 Meitheamh 2013 i CNME. Fuair 72 réamhchéimí a gcuid pár.
59. Ar 25 Meitheamh 2013 sheol Ernest Cantillon Uas., Uachtarán Chumann Gnó Chorcaí, Lámhleabhar an Oideachais Leantaigh 2013/2014.
60. Bhí 62ú Spóirt Chathair Chorcaí ar siúl i Staidiam Lúthchleasaíochta CIT ar 2 Iúil 2013. Tá an ócáid seo ar cheann de na himeachtaí spóirt is tábhachtaí i gCorcaigh agus bíonn ionadaíocht ann as 30 tír, Is é seo an t-aon Chomhthionól Lúthchleasaíochta Ceadá Eorpach in Éirinn. Bhí áthas ar CIT fáilte a chur roimh chruinniú de na Lúthchleasaithe Idirnáisiúnta agus Buaitheoirí Bonn Oilimpeach is mó le rá as gach cearn den domhan agus as Éirinn go deimhin chuig campas na hInstitiúide.

7.2 Cumann na gCéimithe CIT (CITAA)

Cuireann an Oifig um Chaidreamh le Céimithe CIT ar chumas Céimithe CIT dlúth-theagmháil a choinneáil leis an alma mater agus lena gcomhchéimithe agus leas a bhaint as raon leathan buntáistí agus seirbhísí. Tá dílseacht, tacaíocht agus bainteacht chéimithe leis an Institiúid ríthábhachtach chun rath CIT sa todhchaí a chinntiú agus geilleagar eolasbhunaithe na hÉireann á sheachadadh aici. Tá thart ar 17,500 ball ag an gCumann. Coinníonn an bunachar sonraí eolas faoi chéimithe as gach campas, ag gach leibhéal agus as gach disciplín.

Cuireann CIT ballraíocht ar fáil saor in aisce do gach céimí i gCumann Céimithe CIT. Tá raon leathan buntáistí, seirbhísí agus imeachtaí ar fáil ag baill chláraithe.

Tá Coiste Chumann na gCéimithe ar bun agus cuimsíonn sé céimithe agus baill foirne a chuireann comhairle ar an gCumann agus ar an Institiúid maidir le conas is fearr caidreamh a dhéanamh lenár gcéimithe agus an Cumann a fhorbairt tuilleadh.

Moltar do na céimithe a gcuid sonraí teagmhála a choinneáil cothrom le dáta trí rphost, láithreán gréasáin, suíomhanna líonraithe sóisialta nó trí theagmháil dhíreach leis an Oifig um Chaidreamh le Céimithe.

Suirbhé ar na Chéad Cheann Scríbe

Rinne Cumann na gCéimithe agus an tSeirbhís Gairmeacha agus Comhairleoireachta in CIT Suirbhé Píolótach i mí Aibreáin 2013 ar Chéad Cheann Scríbe chéimithe CIT na bliana 2012. Bailíonn an suirbhé sonraí ó chéimithe úrnua chun a fháil amach an líon atá fostaithe, an líon atá ag lorg fostaíochta agus iad siúd atá rannpháirteach i mbreis staidéir nó oiliúna. Rachaidh an t-eolas chun leasa do mhic léinn, chéimithe, bhainistíocht na hInstitiúide, d'fhostóirí, lucht déanta polasaí agus do gach duine ar spéis leo cúrsaí ardoideachais.

Baineadh amach ráta freagartha lánfhreagartha go hiomlán de 30.8%. Déanfar suirbhé ar chéimithe 2013 in earrach na bliana 2014.

Imeachtaí (Meán Fómhair 2012 – Lúnasa 2013)

- Deireadh Fómhair 2012: Aonach Gairmeacha ag CIT
- Márta 2013: Athaontú Rang Eacnamaíochta Foirgníochta 1987
- Meitheamh 2013: Spraoi@CIT

Cumarsáid

- Scaipeadh an Alumni E-News mar seo a leanas:
 - o 8,685 ball i mí na Nollag 2012
 - o 10,377 ball in Aibreán 2013
 - o 10,486 ball in Iúil 2013

7.3 Pointí Teagmhála

INSTITIÚID TEICNEOLAÍOCHTA CHORCAÍ

Gréasán: www.cit.ie

CAMPAS BHAILE AN EASPAIG

Seoladh

Baile an Easpaig, Corcaigh

Teileafón

+353 21 432 6100

CEOLSCOIL CHORCAÍ CIT

Seoladh

Cé an hAontachta, Corcaigh

Teileafón

+353 21 480 7300/310

Facs

+353 21 454 7617

COLÁISTE EALAÍNE & DEARTHA CRAWFORD CIT

Seoladh

Sráid Sharman Crawford, Corcaigh

Teileafón

+353 21 433 5200

Facs

+ 353 21 433 5201

COLÁISTE NÁISIÚNTA MARA NA HÉIREANN

Seoladh

Rinn an Scidígh, Co. Chorcaí

Teileafón

+353 21 497 0600

Facs

+353 21 497 0601

Gréasán

www.nmci.ie



Arna fhoilsiú ag Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí,
Baile an Easpaig, Corcaigh, Éire.
©Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí Lúnasa 2014

Tiomsaithe ag Lucht Foirne Oifig an Uachtaráin

Tabhair faoi deara:

Rinneadh gach iarracht a chinntiú go bhfuil an fhaisnéis atá anseo cruinn. Ní ghlacann an Institiúid freagracht as aon dliteanas i ngeall ar earráid ar bith atá ann.

E&OE

Dearadh agus Leagan Amach

Raven Design, Corcaigh

Aistritheoir

Niall Ó Murchadha, Gallimh

